Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

14265/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0344(COD)**

**ENV 1092
CLIMA 558
AGRI 600
FORETS 110
ENER 553
TRANS 677
CODEC 1645**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 540 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 540 final.

Faoi iamh: COM(2022) 540 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.10.2022
COM(2022) 540 final

2022/0344 (COD)

Togra le haghaidh

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2022) 540 final} - {SWD(2022) 540 final} - {SWD(2022) 543 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is é an comhchuspóir uileghabhálach atá ag reachtaíocht uisce an Aontais sláinte an duine a chosaint mar aon leis an gcomhshaol ar na héifeachtaí ó thruailleáin thocsaineacha agus/nó mharthanacha le chéile. Baineann an tionscnamh seo le Treoir 2000/60/CE[1] (an Treoir Réime maidir le hUisce), agus an dá threoir ar leith dá cuid, Treoir 2006/118/CE[2] (an Treoir maidir le Screamhuisce, nó GWD) agus Treoir 2008/105/CE[3] (an Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil nó EQSD), atá dírithe le chéile ar screamhuisce agus ar uiscí dromchla a chosaint**[4]**. Comhlánaítear leo píosaí ábhartha eile de reachtaíocht uisce, i.e. Treoir (AE) 2020/2184 (an Treoir maidir le hUisce Óil, nó DWD)[5], Treoir 91/271/CEE ón gComhairle[6] (an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, nó UWWTD), Treoir 2008/56/CE[7] (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, nó MSFD), Treoir 2006/7/CE[8] (an Treoir um Uisce Snámha nó BD), Treoir 2007/60/CE[9] (an Treoir maidir le Tuilte, nó FD) agus Treoir 91/676/CEE ón gComhairle[10] (an Treoir maidir le Níotráití, nó ND).

Áirítear leis an reachtaíocht liostaí de thruailleáin agus de chaighdeáin cháilíochta, agus san áireamh leo sin, ceanglais maidir le hathbhreithniú a dhéanamh orthu go tráthrialta**[11]**. Le hAirteagal 16(4) den Treoir Réime maidir le hUisce ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta, ar eatraimh ar a laghad gach 4 bliana, ar liosta na substaintí tosaíochta lena mbaineann riosca don timpeallacht uisceach, i.e. uisce dromchla agus screamhuisce araon. Go sonrach, le haghaidh uisce dromchla, ceanglaítear le hAirteagal 8 de EQSD ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir Réime maidir le hUisce(liosta na substaintí tosaíochta) ach le

---

[1] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

[2] Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19).

[3] Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n- aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

[4] Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

[5] Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1).

[6] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

[7] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil mhuirí (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

[8] Treoir 2006/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cáilíocht uisce snámha a bhainistiú agus lena n- aisghairtear Treoir 76/160/CEE (IO L 64, 4.3.2006, lch. 37).

[9] Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le rioscaí tuilte a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 288, 6.11.2007, lch. 27).

[10] Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

[11] Airteagal 16(4) agus 16(7) de Threoir 2000/60/CE (an Treoir Réime maidir le hUisce); Airteagal 7 de Threoir 2008/105/CE (EQSD) agus Airteagal 10 de Threoir 2006/118/CE (GWD).

haghaidh na n- uiscí dromchla, ceanglaítear le hAirteagal 10 de GWD ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh gach 6 bliana ar Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le GWD féin. Leis an athbhreithniú sin, agus leis an measúnú tionchair, tuairisceofar chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle freisin, dá dtagraítear in Airteagal 8 de EQSD.

Deimhníodh an gá leis na liostaí a thabhairt cothrom le dáta i seiceáil oiriúnachta 2019[12], lenar thángthas ar an gconclúid freisin go méadófaí éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas na reachtaíochta ach feabhsuithe eile a dhéanamh uirthi. Agus cuspóir uileghabhálach bheartas uisce an Aontais á chur san áireamh, is iad seo a leanas cuspóirí ginearálta an tionscnaimh seo:

(1) cosaint shaoránaigh agus éiceachórais nádúrtha an Aontais a mhéadú i gcomhréir leis an Straitéis Bhithéagsúlachta[13] agus leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach[14] atá leabaithe araon sa Chomhaontú Glas don Eoraip[15];

(2) éifeachtacht na reachtaíochta a mhéadú agus a hualach riaracháin a laghdú, chun é a chur ar a chumas don Aontas freagairt níos tapúla ar rioscaí a thagann chun cinn.

Is féidir le héifeachtaí sláinte gearrthéarmacha agus fadtéarmacha éagsúla eascairt as an nochtadh do cheimiceáin tríd an uisce óil. Cuirtear an timpeallacht uisceach i mbaol le ceimiceáin freisin, rud as a n- eascraíonn athruithe ar speicis cheannasacha agus laghdú nó caillteanas bithéagsúlachta. Le caighdeáin cáilíochta comhshaoil (EQS) a leagan síos agus a rialú le haghaidh ceimiceáin i ndobharlaigh, comhlánaítear reachtaíocht fhoinseach agus reachtaíocht chonaire, trí bhrú a chur le caighdeáin níos doichte a fháil maidir le táirgeadh, astú nó úsáid i gcás inar gá, agus trí laghdú a dhéanamh ar na costais chun uisce óil a chóireáil.

Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an tionscnaimh seo:

1. na liostaí truailleán lena ndéantar difear don uisce dromchla agus don screamhuisce a thabhairt cothrom le dáta trí shubstaintí a chur leo agus a bhaint díobh agus trí chaighdeáin cháilíochta atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta;

---

12 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Seiceáil Oiriúnachta ar an Treoir Réime maidir le hUisce, Treoir maidir le Screamhuisce, Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil agus Treoir maidir le Tuilte, SWD(2019) 439 final.

13 *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, EU Biodiversity Strategy for 2030 - Bringing nature back into our lives, COM(2020) 380 final* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] COM(2020) 380 final.

14 *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, EU Action Plan Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil – Pathway to a Healthy Planet for All* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta an Aontais um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú – Conair chuig Plainéad Sláintiúil do Chách] COM(2021) 400 final.

15 *Communication from the Commission to the European Parliament, the European Council, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, The European Green Deal* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, an Comhaontú Glas don Eoraip] COM(2019) 640 final.

2. feabhas a chur ar fhaireachán na meascán ceimiceach chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar a n- éifeachtaí le chéile agus chun athruithe séasúracha ar thiúchain truailleán a chur san áireamh;
3. cibé cás inarb ábhartha, an bealach lena dtugtar aghaidh ar thruailleáin in uisce dromchla agus i screamhuisce a chomhchuibhiú ar fud an Aontais;
4. áirithiú gur féidir an creat dlíthiúil a ailíniú le torthaí eolaíocha ar bhealach níos gasta chun freagairt níos praise ar éilleáin ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad;
5. feabhas a chur ar an rochtain ar shonraí, trédhearcacht agus athúsáid na sonraí sin, chun an chomhlíontacht a fheabhsú, an t- ualach riaracháin a laghdú agus feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas le creat dlíthiúil níos leithne an Aontais lena ndéileáiltear le ceimiceáin.

Is éard is aidhm don tionscnamh ar deireadh caighdeáin nua a leagan síos le haghaidh sraith substaintí ceimiceacha ar ábhar imní iad chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú ceimiceach in uisce, chun an forfheidhmiú a éascú bunaithe ar chreat dlíthiúil simplithe agus atá níos comhleanúnaí, chun faisnéis dhinimiciúil agus atá níos cothroime le dáta a áirithiú maidir leis an stádas uisce, á éascú ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ('EEA'), agus creat níos solúbtha a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar thruailleáin ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad. Bheadh sé sin bunaithe ar rannpháirtíocht leathan ó pháirtithe leasmhara mar aon le tacaíocht eolaíoch fhónta ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('ECHA') chun a oiread sineirgí agus comhleanúnachais a áirithiú agus is féidir ar fud dhlíthe an Aontais maidir le ceimiceáin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra go hiomlán comhsheasmhach le reachtaíocht eile maidir le huisce. A mhéid a bhaineann leis an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (UWWTD), dá bhfuil moladh maidir le hathbhreithniú á chur i láthair an tráth céanna leis an togra seo, is príomhdhúshlán iad na micreathruailleáin. An gá le hiad a asbhaint ag saoráidí cóireála fuíolluisce, cuireann sé leis an gcostas cóireála, agus ní féidir iad a asbhaint i gcónaí. Is é is aidhm don togra seo dá bhrí sin níos mó gníomhaíocht réamhtheachtach a spreagadh trí astaíochtaí a laghdú ag an bhfoinse. Beidh tábhacht leis an gcóireáil fuíolluisce go háirithe le haghaidh catagóirí truailleán áirithe: earraí cógaisíochta agus substaintí i dtáirgí cúraim phearsanta toisc gur i gcomhshaol uirbeach is mó a sceitear iad.

Tríd an truailliú uisce a sheachaint, beidh an togra chun tairbhe don phoitéinseal le haghaidh athúsáid uisce, lena n- áirítear chun críoch uiscithe i gcomhréir leis an Rialachán (AE) 2020/741 nua maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce[16].

Tá an togra seo comhsheasmhach freisin leis an Treoir maidir le hUisce Óil (DWD), ar a ndearnadh athbhreithniú le déanaí, agus nach mór a thrasuíomh ar fud gach Ballstát den Aontas Eorpach faoi mhí Eanáir 2023. Trí dhul i ngleic leis an truailliú uisce dromchla agus screamhuisce, cosnófar foinsí uisce óil ríthábhachtacha leis an togra seo agus laghdófar costais cóireála. Le DWD agus leis an togra seo, tugtar aghaidh ar raon leathan truailleán, go háirithe lotnaidicídí, earraí cógaisíochta agus an grúpa substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS). A mhéid a bhaineann le PFAS, ba cheart a thabhairt faoi deara maidir leis an togra seo, éagosúil le DWD ar a ndearnadh athbhreithniú, gur thairbhigh sé den chomhairle is déanaí ó EFSA maidir le PFAS a glacadh an 9 Iúil 2020. Cosúil le DWD, ní dhíríonn an togra seo ar mhicreaphlaistigh láithreach ach tar éis do mhodheolaíocht le

[16] Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce (IO L 177, 5.6.2020, lch. 32).

haghaidh faireacháin a bheith forbartha. Cuirfear an togra seo san áireamh sa mheastóireacht leanúnach ar an Treoir um Uisce Snámha (BWD) agus dá mba rud é go ndéanfaí athbhreithniú ar BWD, beidh sé ina chuid den bhonnlíne a chuirfear le chéile le haghaidh an mheasúnaithe tionchair ar BWD.

Tá an togra comhsheasmhach freisin leis na tograí ón gCoimisiún le déanaí[17] chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú ó shuiteálacha tionsclaíocha móra, ar bearta iad, i dteannta raon feidhme na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED) a leathnú, lena bhféachtar le feabhas a chur ar an éifeachtúlacht acmhainne agus a áirithiú gur fearr an rialú agus an comhtháthú a dhéanfar ar cheanglais maidir le ceadú, lena n- áirítear trí rialacha is infheidhme a shoiléiriú maidir le scaoileadh substaintí truaillitheacha san uisce trí ghléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh. Rud thairis sin is aidhm do na tograí is ea an nuálaíocht a chothú chun aghaidh a thabhairt ar shubstaintí ceimiceacha marthanacha agus ar shubstaintí atá nua- aitheanta mar shubstaintí ar ábhar imní iad, lena n- áirítear PFAS, micreaphlaistigh agus earraí cógaisíochta. Le próiseas an 'mhalartaithe faisnéise' faoi IED athbhreithnithe chun na doiciméid tagartha teicníce is fearr dá bhfuil ar fáil a tharraingt suas agus athbhreithniú a dhéanamh orthu, cuirfear san áireamh sainaithint na substaintí ar ábhar imní iad faoi dhlí uisce an Aontais, lena n- áirítear substaintí ar na 'liostaí faire' le haghaidh uisce dromchla agus screamhuisce, mar aon le substaintí lena mbaineann baol mór don timpeallacht uisceach nó tríd an timpeallacht uisceach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh seo ina chuid de chlár oibre an Choimisiúin 2022 agus ina phríomhghníomhaíocht den Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach. Cosúil le gach tionscnamh faoin gComhaontú Glas don Eoraip, tá sé d'aidhm aige a áirithiú go mbainfear cuspóirí amach ar an mbealach is éifeachtaí agus lena mbainfidh an t- ualach is lú agus lena gcomhlíonfar an prionsabal 'gan dochar mór a dhéanamh'. Déantar an reachtaíocht atá ann cheana a mhionchoigeartú, a thabhairt cothrom le dáta agus a oiriúnú i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais. Is é fócas an tionscnaimh an uaillmhian maidir le truailliú nialasach a shainmhíniú le haghaidh truailleáin uisce agus leis sin, an leibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine agus éiceachórais nádúrtha. Mórán beart is gá chun é sin a ghnóthú, tugtar aghaidh orthu le tionscnaimh eile, a bhfuil dlúthbhaint eatarthu, den Chomhaontú Glas don Eoraip. Áirítear orthu sin:

- An Straitéis Bhithéagsúlachta agus an Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc[18], a bhfuil sé d'aidhm acu an úsáid lotnaidicídí, an úsáid leasachán, caillteanais cothaitheach agus díolacháin frithmhiocróbach a laghdú faoi 2030. Tá cuid mhór den laghdú ar an úsáid lotnaidicídí le baint amach leis an togra ón gCoimisiún[19] le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115. Athbhreithniú a

[17] COM (2022) 156 final/3 agus COM/2022/157 final.

[18] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal A farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally- friendly food system [Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol], COM(2020) 381 final.

[19] COM(2022) 305 final.

dhéanfar amach anseo ar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009[20] a bhaineann le táirgí cosanta plandaí (PPPanna) a chur ar an margadh, d'fhéadfadh ról a bheith aige sin freisin;

- Straitéis an Aontais maidir le Plaisteach[21] agus an tionscnamh de chuid an Aontais maidir le micreaphlaistigh atá ar na bacáin, arb é is aidhm dóibh spriocanna an Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach a chomhlíonadh i dtaca le dramhaíl, bruscar plaisteach ar muir agus micreaphlaistigh a scaoiltear sa chomhshaol a laghdú faoi 2030;
- Treoir (AE) 2019/904[22] (an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide nó SUPD), arb é is aidhm di úsáid táirgí plaisteacha aon úsáide a theorannú, trí oibleagáidí a thabhairt isteach le haghaidh táirgeoirí maidir le bainistíocht dramhaíola agus glanadh mar shampla (lena n- áirítear scéimeanna freagrachta táirgeoirí leathnaithe);
- An Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach[23], lena bhfógraítear bearta chun micreaphlaistigh a laghdú go háirithe agus meastóireacht ar Threoir 86/278/CEE ón gComhairle[24] (an Treoir maidir le Sloda Séaraigh, nó SSD), lena ndéantar cáilíocht an tsloda a úsáidtear sa talmhaíocht a rialáil;
- An Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht[25], lena aithnítear go bhfuil ceimiceáin fíor- riachtanach le haghaidh folláine sochaí nua- aimseartha, ach a bhfuil sé d'aidhm aici saoránaigh agus an comhshaol a chosaint ar bhealach níos fearr ar a n- airíonna guaiseacha féideartha. Leagtar síos an cuspóir leis an Straitéis freisin go ngluaisfear i dtreo cur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin' trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht, éifeachtacht, comhleanúnachas agus trédhearcacht na measúnuithe sábháilteachta ar cheimiceáin ar fud na reachtaíochta ábhartha uile. Ar an gcúis sin, sanntar ról lárnach leis an togra seo do ECHA chun tabhairt faoi ról na tacaíochta eolaíche chun truailleáin uisce a shainaithint amach anseo mar aon le caighdeáin cháilíochta ábhartha a mholadh; Cur chuige Straitéiseach 2019 maidir le hEarraí Cógaisíochta sa Timpeallacht[26] (a eascraíonn go díreach as athbhreithniú 2013 ar

[20] Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n- aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

[21] *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions A European Strategy for Plastics in a Circular Economy COM/2018/028 final* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Eorpach um Plaistigh i nGeilleagar Ciorclach] COM/2018/028 final.

[22] Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol (IO L 155, 12.6.2019, lch. 1).

[23] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Plean Gníomhaíochta nua do Gheilleagar Ciorclach Chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach, COM/2020/98 final.

[24] Treoir 86/278/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1986 maidir le cosaint an chomhshaoil, agus go háirithe cosaint na hithreach, agus sloda séarachais á úsáid sa talmhaíocht (IO L 181, 4.7.1986, lch. 6).

[25] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] COM(2020) 667 final.

[26] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Cur chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le hEarraí Cógaisíochta sa Timpeallacht COM(2019) 128 final.

EQSD) agus *the Pharmaceuticals Strategy for Europe* [an Straitéis um Earraí Cógaisíochta don Eoraip][27], cuireann siad araon tionchair fhéideartha an truaillithe ó iarmhair chógaisíochta ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte i dtábhacht agus liostaítear leo raon gníomhaíochtaí atá deartha chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. An t- athbhreithniú atá ar na bacáin ar an reachtaíocht maidir le táirgí íocshláinte lena n- úsáid ag an duine, tá coinne leis go soláthrófar bearta leantacha iomchuí. Mar an gcéanna, trí dhrugaí fhrithmhiocróbacha éagsúla a liostú mar aon leis an miotal airgead, tá an togra sin comhsheasmhach le straitéis an Aontais i réimse na frithsheasmhachta frithmhiocróbaí;

- An Straitéis Eorpach maidir le Sonraí[28], lena gcuirtear i dtábhacht gur cheart sonraí arna nginiúint ag an earnáil phoiblí a bheith ar fáil ar mhaithe le leas an phobail, chun gur féidir iad a úsáid go hiomchuí, ag taighdeoirí, institiúidí poiblí eile, agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) mar shampla.
- Tá an togra seo comhsheasmhach freisin le tuarascáil deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa agus leis na moltaí sainráite atá inti ó shaoránaigh maidir leis an truailliú nialasach i gcoitinne agus go háirithe leis na tograí chun dul i ngleic leis an truailliú. Tá na tograí críochnaitheacha seo a leanas ábhartha sa chomhthéacs seo go sonrach:
  - Togra 1.4 chun: 'Laghdú mór a dhéanamh ar an úsáid lotnaidicídí agus leasachán ceimiceach, i gcomhréir leis na spriocanna atá ann cheana, agus an tslándáil bhia á háirithiú fós, agus tacaíocht le haghaidh taighde chun roghanna malartacha a fhorbairt a bheidh níos inbhuanaithe agus níos dúlrabhunaithe;
  - Togra 2.7 chun: 'Foinsí uisce a chosaint agus truailliú aibhneacha agus aigéan a chomhrac, lena n- áirítear trí thaighde ar an truailliú micreaphlaisteach agus tríd an truailliú sin a throid':

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Is é Airteagal 192 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí don togra seo. I gcomhréir le hAirteagail 191 agus Airteagal 192(1) CFAE, ceanglaítear ar an Aontas Eorpach rannchuidiú le cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus feabhas a chur ar an gcáilíocht sin; bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil ar bhonn réigiúnach nó domhanda; agus an t- athrú aeráide a chomhrac.

### • Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Truaillítear dobharlaigh dromchla agus screamhuisce san Aontas le truailleáin éagsúla. Bíonn an truailliú ag taisteal le sruth agus faoi thalamh, agus is ceantair abhantraigh idirnáisiúnta 60 % de cheantair abhantraí na hEorpa (agus iad á gcomhroinnt idir na Ballstáit nó idir Ballstát agus tír nach de chuid an Aontais Eorpaigh í). Ar an gcúis sin, tá an comhar idir na Ballstáit fíor- riachtanach agus is gá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú agus ar thionchair thrasteorann eile trí chaighdeáin

[27] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip, COM/2020/761 final.

[28] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí, COM(2020) 66 final.

chomhchuibhithe a leagan síos agus trí chórais chomhchuibhithe a bhunú chun sonraí a bhailiú agus a chomhroinnt. Gan gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, thiocfadh sé chun bheith i bhfad róchostasach, go háirithe le haghaidh na mBallstát atá lonnaithe i dtreo béal abhann, chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú.

Le seiceáil oiriúnachta 2019 ar reachtaíocht uisce an Aontais, deimhníodh gur spreag nó gur treisíodh leis an Treoir Réime maidir le hUisce agus leis an dá threoir ar leith a ghabhann leis an Treoir Réime gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna trasteorann ar acmhainní uisce ar leibhéal abhantraí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

I ndáil le truailleáin go sonrach, déantar idirdhealú leis an reachtaíocht idir substaintí a mheastar riosca a bheith ag baint leo ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus substaintí ar ábhar imní réigiúnach nó náisiúnta iad, agus tugtar aghaidh ar bhealaí difriúla orthu. Féachtar leis an tionscnamh seo le feabhas a chur ar an mbealach a láimhseálann na Ballstáit substaintí ar ábhar imní réigiúnach agus náisiúnta iad.

I gcás ina leagtar caighdeáin cáilíochta comhshaoil an Aontais síos, tugann an tAontas cuspóirí coiteanna isteach chun an uaillmhian maidir leis an truailliú nialasach a ghnóthú ar bhonn fianaise eolaíoch, ach fágtar faoi na Ballstáit an tsolúbthacht chun cinneadh a dhéanamh faoin mbealach is costéifeachtaí chun na cuspóirí sin a ghnóthú, agus reachtaíocht fhoinse- bhunaithe ábhartha an Aontais á cur san áireamh. Ar an mbealach sin (cuspóirí coiteanna lena mbaineann an tsolúbthacht chun iad sin a ghnóthú), cruthaítear nasc leis an reachtaíocht fhoinse- bhunaithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh (amhail an úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí) agus cuidítear lena áirithiú go gcomhlíonfar na haidhmeanna a leagtar síos sa reachtaíocht sin go héifeachtach.

- **Comhréireacht**

Déantar athbhreithniú leis an togra ar na liostaí atá ann cheana de thruailleáin uisce dromchla agus screamhuisce agus leagtar síos nó tugtar cothrom le dáta caighdeáin cáilíochta comhshaoil lena gcomhlíonadh ag na Ballstáit, agus an togra ag brath go mór ar reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena dtugtar aghaidh ar fhoinse an truaillithe nó lena rialáiltear a n- astaíochtaí le linn táirgeadh agus úsáide (amhail srianta ar úsáid substaintí áirithe faoi REACH[29] nó teorainnluachanna astaíochtaí a leagtar amach i gceadanna le haghaidh suiteálacha tionsclaíocha faoi IED) agus rogha na mbeart sonrach á fágáil faoi na Ballstáit. Toisc go bhfuil a shaintréithe sonracha féin ag gach dobharlach san Aontas (aeráid, sruth, dálaí geolaíocha, etc.) agus nach gá go mbeidh sé faoin mbrú céanna a bheidh ar dhobharlaigh eile, is ceart roghnú na mbeart a fhágáil faoi údaráis uisce na mBallstát ó thaobh na comhréireachta de.

Le seiceáil oiriúnachta 2019 ar reachtaíocht uisce an Aontais, deimhníodh breisluach na Treorach Réime maidir le hUisce, EQSD agus GWD. Deimhnítear leis an measúnú tionchair le haghaidh an togra seo go mbaineann riosca ar leibhéal an Aontais Eorpaigh leis na substaintí a bhfuiltear ag cuimhneamh ar iad a chur leis na liostaí truailleán in éineacht le caighdeáin cháilíochta ar fud an Aontais. Sainaithníodh líon beag substaintí a bhí liostaithe cheana féin nach meastar iad a bheith ina substaintí ar ábhar imní ar fud an Aontais a thuilleadh iad, ach ar ghá aghaidh a thabhairt orthu ar an leibhéal náisiúnta fós b’fhéidir. Leagtar nós imeachta amach leis an togra seo lena gcuirtear é ar a chumas don Choimisiún Eorpach aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí sa bhealach lena ndéanann na Ballstáit

[29] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006, maidir le clárú, measúnú, údarú agus srianadh ceimiceán (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

cinneadh faoi shubstaintí lena rialáil ar an leibhéal náisiúnta agus faoi na caighdeáin cháilíochta le leagan síos lena n- aghaidh.

- **An rogha ionstraime**

Tá an tionscnamh i bhfoirm treorach toisc gurb í sin an ionstraim dlí is iomchuí chun leasuithe a dhéanamh ar na treoracha ábhartha atá ann cheana.

Ceanglaítear le treoir ar na Ballstáit na forálacha a thrasuíomh ina gcórais dlí shubstaintigh agus nós imeachta náisiúnta agus bearta a chur chun feidhme lena mbainfear na cuspóirí amach. Leis an gcur chuige sin, tugtar níos mó saoirse do na Ballstáit ná mar a thabharfaí le rialachán, toisc gur féidir leis na Ballstáit na bearta is iomchuí a roghnú chun oibleagáidí comhaontaithe na dtorthaí a ghnóthú.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2019, cuireadh meastóireacht seiceála oiriúnachta ar reachtaíocht uisce an Aontais i gcrích, lenar cumhdaíodh an Treoir Réime maidir le hUisce, EQSD, GWD agus FD. Thángthas ar an gconclúid leis an tseiceáil oiriúnachta gurbh amhlaidh, cé go bhfuil an reachtaíocht oiriúnach don fheidhm den chuid is mó, gur féidir feabhsuithe eile a dhéanamh i ndáil le bheith ag dul i ngleic leis an truailliú ceimiceach. Cinneadh leis an tseiceáil oiriúnachta, ar an iomlán, go bhfuil trí chúis ann nach ndearnadh ach dul chun cinn teoranta i dtreo cuspóirí foriomlána na reachtaíochta a ghnóthú:

comhtháthú neamhleor na gcuspóirí uisce i mbeartais ábhartha eile;

infheistíocht neamhleor sna Ballstáit i dtionscadail agus i gcláir a bhaineann le huisce;

iarrachtaí cur chun feidhme neamhleora.

A mhéid a bhaineann le cur chun feidhme, cuireadh easnaimh éagsúla i dtábhacht i ndáil leis an truailliú ceimiceach: an éagsúlacht mhór sna caighdeáin cháilíochta le haghaidh truailleáin is truailleáin ábhartha náisiúnta, an t- ualach riaracháin atá bainteach leis an tuairisciú, easpa shainiúlacht agus thráthúlacht na faisnéise tuairiscithe agus an próiseas chun na liostaí truailleán a thabhairt cothrom le dáta atá fadálach agus dian ar acmhainní. Tugtar aghaidh ar na heasnaimh sin leis an togra seo. Ina theannta sin, cuirtear san áireamh leis torthaí ábhartha ó sheiceáil oiriúnachta 2019 ar an reachtaíocht is ábhartha maidir le ceimiceáin[30] agus na gealltanais a rinneadh sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht. Go háirithe, déantar céim i dtreo (meascán) faireachán níos iomlánaíche trí úsáid modhanna éifeachtbhunaithe a thabhairt isteach, agus áirítear forálacha leis an togra chun feabhas a thabhairt ar thráthúlacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an mheasúnúcháin ghuaise agus riosca (trí chomhroinnt sonraí a éascú agus tríd an gcur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin' a chur i bhfeidhm mar shampla).

[30] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin *Fitness Check of the most relevant chemicals legislation (excluding REACH), as well as related aspects of legislation applied to downstream industries*[Seiceáil Oiriúnachta ar an reachtaíocht is ábhartha maidir le ceimiceáin (gan REACH a áireamh), mar aon le gnéithe gaolmhara den reachtaíocht a chuirtear i bhfeidhm maidir le tionscail iartheachtacha], SWD(2019) 199 final.

**Oiriúnacht rialála agus simpliú (REFIT)**

Breithníodh roghanna leis an Measúnú Tionchair i dtaca leis an simpliú agus chun ualaí a laghdú. Maidir le substaintí a bhaint de liosta na dtruailleán uisce dromchla, is laghdú teoranta ar ualaí é, mar a dhéantar leis an athrú ar an athbhreithniú ar an liosta faire go ndéanfar gach 3 bliana seachas gach 2 bhliain é, agus leis an athbhreithniú ar na liostaí truailleán uisce dromchla agus screamhuisce trí ghníomhartha tarmligthe seachas trí chomhchinneadh. Le sásra um sheachadadh uathoibríoch sonraí faoin Treoir Réime maidir le hUisce agus faoi EQSD, laghdófar an t- ualach tuairiscithe ar na Ballstáit, mar a dhéanfar le cur ar ceal na tuarascála eatramhaí ar chlár na mbearta faoi Airteagal 15(3) den Treoir Réime maidir le hUisce. Ach feabhas a chur ar na treoirlínte atá ann cheana maidir le Modhanna Éifeachtbhunaithe agus modheolaíocht chomhchuibhithe a fhorbairt maidir le faireachán a dhéanamh ar phlaistigh, simpleofar obair na mBallstát sna réimsí sin.

Agus an Measúnú Tionchair á fhorbairt, cuireadh bun- saintréithe na tástála FBM i bhfeidhm agus tugadh torthaí faoi deara go háirithe i roinn 6. Tá FBManna gníomhach i dtáirgeadh agus in úsáid na dtruailleán ábhartha. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir tionchair a shainaithint agus a chainníochtú go beacht i gcoitinne toisc go mbraithfidh an tionchar ar bhearta a dhéanann na Ballstáit chun cuspóirí na reachtaíochta a ghnóthú.

**Tuairim an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála**

D'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach, an 24 Meitheamh 2022, ach bhí roinnt agús léi. D'iarr an Bord athruithe chun trí ghné a chur ina gceart go háirithe: (1) dearadh na roghanna, a measadh a bheith róchasta agus nár soiléiríodh go leor leo na príomhroghanna beartais; (2) na tionchair ar FBManna agus ar shaoránaigh, nár measadh anailís leormhaith a bheith déanta orthu, agus nach ndearnadh measúnú leis an tuarascáil ar an mbealach a d'fhéadfaí difear a dhéanamh do na Ballstáit aonair; (3) níor measadh go raibh an tuarascáil soiléir faoi ord méide na dtionchar lena raibh coinne, nach ndearnadh measúnú criticiúil ar bhailíocht na meastachán léiritheach sochar agus costas agus ar a n- ábharthacht leis an tionscnamh, agus níor ceapadh go raibh comparáid na roghanna bunaithe ar an éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas a bhain leo.

Mar fhreagairt air sin, simplíodh na roghanna beartais, tríd an líon roghanna a laghdú agus trí roghanna a chomhiomlánú. Forbraíodh na tionchair ar FBManna a thuilleadh sa téacs tríd síos, mar a rinneadh leis an bhfaisnéis ar thionchair ar thomhaltóirí agus ar na Ballstáit. Soiléiríodh an léirmhíniú ar fhigiúirí maidir le costais agus sochair chun seachaint nach smaoineofar gur féidir iad a léirmhíniú mar chostais agus sochair atá nasctha leis na tionscnamh seo amháin. Tá an téacs maidir le Ceann Isteach, Ceann Amach curtha i gcrích. Ar deireadh, cuireadh an measúnú ar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas le haghaidh na roghanna leis an téacs.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tharla comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara chun tacú le hullmhú an togra seo. Bunaithe ar threoirlínte an Choimisiúin um Rialachán Níos Fearr, tharla idir chomhairliúchán poiblí oscailte agus suirbhé le saineolaithe in 2021, agus na torthaí ag cur leis an measúnú tionchair le haghaidh an togra seo. Coimeádadh líonra buan na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara a thacaíonn le cur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce agus a treoracha ar leith ar an eolas, agus chuathas i gcomhairle go háirithe leis na Meithleacha maidir le Ceimiceáin agus le Screamhuisce.

Le haghaidh na substaintí aonair agus na ngrúpaí substaintí a sainaithníodh lena liostú mar thruailleáin uisce dromchla, d'ullmhaigh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) de chuid an Choimisiúin sainchomhaid theicniúla fhairsinge, agus foghrúpaí de shaineolaithe de

chuid na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara ag tacú leo. Ar deireadh, mar chuid den athbhreithniú ag an gCoiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag Teacht chun Cinn (SCHEER), foilsíodh tuairimí tosaigh (agus tréimhse 4 seachtaine chun barúlacha a thabhairt á hurramú), agus na torthaí ag cur le tuairim SCHEER. I gcás beagáin substaintí, níl an t- athbhreithniú tugtha chun críche. Marcáladh na luachanna atá beartaithe dá bhrí sin mar 'faoi réir a ndeimhnithe i bhfianaise na tuairime atá iarrtha ó SCHEER'. Beidh na luachanna críochnaitheacha uile a bheartófar go hiomlán comhsheasmhach leis an gcomhairle eolaíoch.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Sholáthair JRC saineolas inmheánach, go háirithe chun na truailleáin uisce dromchla a roghnú agus na caighdeáin cáilíochta comhshaoil (EQS) a dhíorthú. Sholáthair saineolaithe ó na Meithleacha maidir le Ceimiceáin agus Screamhuisce saineolas teicniúil seachtrach, lena n- áirítear maidir le truailleáin screamhuisce. Thacaigh staidéar a d'ullmhaigh sainchomhairleoirí seachtracha le measúnú tionchair an Choimisiúin, staidéar lena ndearnadh athbhreithniú ar na tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a bhaineann le raon roghanna beartais féideartha, agus na tionchair lena bhfuil coinne a bhaineann le beartais atá ann cheana agus le beartais atá beartaithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh á gcur san áireamh mar aon le hionchuir ó pháirtithe leasmhara. Tá sainchomhaid JRC maidir le substaintí, tuarascálacha ón Meitheal maidir le Screamhuisce, tuarascáil staidéir na sainchomhairleoirí agus tuarascálacha ó cheardlann na bpáirtithe leasmhara ar fáil in CIRCABC[31].

- **Measúnú tionchair**

Leis an measúnú tionchair, scrúdaíodh na trí ghrúpa roghanna, i.e. roghanna a bhaineann le huiscí dromchla, roghanna a bhaineann le screamhuiscí, agus roghanna cothrománacha. I gcás screamhuiscí, rinneadh measúnú leis ar an tionchar a bhainfeadh le raon substaintí (as measc earraí cógaisíochta, lotnaidicídí, ceimiceáin thionsclaíocha agus miotail a bhfuil athbhreithniú déanta orthu) a chur le liosta na substaintí tosaíochta, agus dá bhrí sin ar an tionchar a bhainfeadh le EQS ar fud an Aontais a leagan síos lena n- aghaidh. I gcás substaintí tosaíochta éagsúla atá ann cheana, rinneadh athbhreithniú leis an measúnú ar an tionchar a bhainfeadh le hathrú a dhéanamh ar a EQS (ar bhonn fianaise eolaíoch nua). I gcás substaintí tosaíochta áirithe eile atá ann cheana, rinneadh scrúdú leis ar an tionchar a bhainfeadh leis na substaintí sin a bhaint den liosta. I gcás screamhuisce, rinneadh athbhreithniú leis an measúnú tionchair ar an tionchar a bhainfeadh le substaintí sonracha (grúpaí díobh) a chur leis an liosta, is é sin PFAnna, meitibilítí neamhábhartha de lotnaidicídí (nrManna) agus earraí cógaisíochta. Ar deireadh, rinneadh athbhreithniú leis an measúnú tionchair ar raon roghanna chun feabhas a chur ar an digitiú, ar an gcuíchóiriú riaracháin agus ar an mbainistíocht riosca sa réimse maidir le truailliú uisce.

Príomhfhoinsí an truaillithe i gcás na substaintí sainaitheanta, is iad sin próisis táirgthe ceimiceán (astaíochtaí díreacha a eascraíonn as adhmad, laín, cruach, dóchán, teicstílí, plaistigh etc. a tháirgeadh); sceitheadh fuíolluisce lena n- áirítear earraí cógaisíochta agus ceimiceáin agus fabraicí á nglanadh, táirgí tomhaltais, táirgí glantacháin, táirgí cúraim phearsanta; sceitheadh indíreach a eascraíonn as lotnaidicídí, bithicídí agus úsáid earraí cógaisíochta sa talmhaíocht; ceimiceáin a úsáidtear chun bóithre a thógáil; deascadh mearcair as gléasraí dócháin breoslaí iontaise agus PFAS as cúir comhraicthe dóiteán. Tá na foinsí agus na conairí uile sin faoi réir reachtaíochta, lena n- áirítear an Treoir maidir le

[31] wfd - Leabharlann (europa.eu)

hAstaíochtaí Tionsclaíocha 2010/75/CE (faoi athbhreithniú), an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh 91/271/CEE (faoi athbhreithniú), Treoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí (faoi athbhreithniú), Treoir 2001/83/CE maidir le táirgí íocshláinte lena n- úsáid ag an duine, Rialachán (AE) 2019/6 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta, Rialachán REACH Uimh. 1907/2006, Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le táirgí cosanta plandaí, Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir le táirgí bithicíde; agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 maidir le táirgí cosmaideacha. Trí uasteorainneacha tiúchain a leagan síos le haghaidh na substaintí sin, tá sé d’aidhm ag an togra seo éifeacht agus cur chun feidhme reachtaíocht fhoinseach agus chonaire an Aontais a threisiú agus, i gcás ina gceanglófar amhlaidh chun an tsláinte nó an comhshaol a chosaint, brú ar son bearta foinseacha/conaire níos doichte a ghlacadh ar leibhéal na mBallstát.

Rinneadh athbhreithniú ar na roghanna in aghaidh na gcostas agus na sochar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a bheadh acu, rud as ar eascair an pacáiste seo a leanas de roghanna tosaíochta:

<table>
<tr><th colspan="3">Uisce dromchla</th></tr>
<tr><td colspan="2"><u>Rogha 1:</u> Cur leis an liosta substaintí tosaíochta mar shubstaint aonair agus EQS leagtha síos le haghaidh gach substaint go haonarach</td><td>23 substaint aonair:<br>17- Béite éastraidé-ól (E2); Aicéatamíprid; Aisitrimícin; Défheintrin; Bisfeanól A; Carbamasaipín; Clairitrimícin; Clóitiainidín; Deiltemheitrin; Déchlóifeineac; Eiritrimícin; Eisfeanvailéaráit; Éastrón (E1); Eitinil éastraidé- ól (EE2); Gliofosáit; Iobúpróifein; Imíodaclóiprid; Niceasulfúrón; Sármheitrin; Tiaclóiprid; Tiaimeatocsam; Tríchlósan, Airgead.</td></tr>
<tr><td colspan="2"><u>Rogha 2:</u> Cur leis an liosta substaintí tosaíochta mar ghrúpa agus EQS leagtha síos le haghaidh ‘suimiú di’</td><td>PFAS (suimiú 24 shubstaint ainmnithe)</td></tr>
<tr><td colspan="2"><u>Rogha 3:</u> Leasú ar EQS atá ann cheana</td><td>Caighdeán cáilíochta comhshaoil níos déine i gcás 14 shubstaint:<br>Clóirpireafos; Cipirmeitrin; Déchófól; Dé- ocsainí; Dé-úrón; Fluaraintéin; Heicseabrómaiciogladóideacáin (HBCDD); Heicseaclórabútaidéin; Mearcair; Nicil; Feanól Naoinile; PAHanna; PBDEnna; Tríbhúitiltin<br>Caighdeán cáilíochta comhshaoil nach bhfuil chomh dian i gcás 2 shubstaint:<br>Heipteaclór/eapocsaíd heipteaclóir; Heicseaclóraibeinséin</td></tr>
<tr><td colspan="2"><u>Rogha 4:</u> Díroghnú</td><td>4 shubstaint: Alaclór; Teitreaclóiríd charbóin; Clóirfeinveanfos; Siomaisín</td></tr>
<tr><th colspan="3">Screamhuisce</th></tr>
<tr><td colspan="2"><u>Rogha 1:</u> Cur le hIarscríbhinn I agus Caighdeán Cáilíochta Screamhuisce (GW QS) leagtha síos le haghaidh gach substaint go haonarach</td><td>2 shubstaint chógaisíochta: Carbamasaipín agus Sulfaimeatocsasól<br>Gach nrM ag a bhfuil GW QS aonair 0.1 µg/l</td></tr>
<tr><td colspan="2"><u>Rogha 2:</u> Cur le hIarscríbhinn I agus GW QS leagtha síos le haghaidh ‘suimiú di’</td><td>PFAS (suimiú 24 shubstaint ainmnithe)</td></tr>
<tr><td colspan="2"><u>Rogha 3:</u> Cur le hIarscríbhinn II</td><td>1 substaint: Primeadón</td></tr>
<tr><th colspan="3">Digitiú, cuíchóiriú riaracháin agus bainistíocht riosca níos fearr</th></tr>
<tr><td rowspan="2"><u>Rogha 1:</u> Treoraíocht agus comhairle a sholáthar maidir le faireachán</td><td>b</td><td>Feabhas a chur ar threoirlínte atá ann cheana maidir le EBM chun feabhas a chur ar an bhfaireachán ar ghrúpaí/mheascán truailleán trí EBManna a úsáid.</td></tr>
<tr><td>c</td><td>Caighdeán agus treoraíocht tomhais chomhchuibhithe a fhorbairt le haghaidh na micreaphlaisteach san uisce mar bhonn chun MS a thuairisciú agus a liostú amach anseo faoi EQSD agus GWD.</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **<u>Rogha 2:</u> Cleachtais faireacháin oibleagáideacha a leagan síos/a leasú** | a | Oibleagáid a áireamh ar EQSD chun EBManna a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar éastraiginí. |
| | b | Liosta Faire Screamhuisce oibleagáideach a bhunú a bheidh cosúil le liosta faire na screamhuiscí agus an uisce óil agus treoraíocht a sholáthar maidir le faireachán a dhéanamh ar na substaintí liostaithe. |
| | c | Feabhas a chur ar thimthriall faireacháin agus athbhreithniúcháin an Liosta Faire Uisce Dromchla chun go mbeidh níos mó ama ann chun na sonraí a phróiseáil sula ndéanfar athbhreithniú ar an liosta. |
| **<u>Rogha 3:</u> Tuairisciú agus aicmiú a chomhchuibhiú** | a | Sásra um sheachadadh sonraí uathoibrithe a bhunú le haghaidh EQSD agus na Treorach Réime maidir le hUisce chun rochtain éasca ag eatraimh ghearra a áirithiú ar shonraí faireacháin/stádais chun iarrachtaí a chuíchóiriú agus a laghdú, ar iarrachtaí iad atá bainteach leis an tuairisciú atá i bhfeidhm faoi láthair, agus rochtain ar amhshonraí faireacháin a cheadú. |
| | b | Stór caighdeán cáilíochta comhshaoil a thabhairt isteach le haghaidh RBSPanna mar Iarscríbhinn a ghabhann le EQSD, agus RBSPanna a chur ina gcuid den mheasúnú ar stádas ceimiceach na n- uiscí dromchla. |
| **<u>Rogha 4:</u> Gnéithe reachtacha agus riaracháin** | a | EQSD a úsáid in áit na Treorach Réime maidir le hUisce chun liosta na substaintí tosaíochta a shainmhíniú, agus na liostaí de thruailleáin uisce dromchla agus screamhuisce a thabhairt cothrom le dáta leis an nós imeachta Coiste nó le gníomhartha tarmligthe. |
| | b | Stádas Aildrine, Díldrine, Eindrine, Isidrine, DDT, Teitreaclóireitiléine agus Tríchlóireitiléine a athrú ó 'truailleáin eile' go dtí stádas substaintí tosaíochta. |
| | c | Stádas 1,2 déchlóireatáin, fluaraintéine, luaidhe, eatocsaláití ochtailfeanóil agus peinteaclóraifeanóil a athrú go dtí stádas substaintí guaiseacha tosaíochta. |

Áirithítear leis an bpacáiste beartas atá beartaithe go mbeidh athruithe reachtacha comhréireach fós, agus gur mó na sochair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil ná na costais chomhfhreagracha, agus go mbeidh siad dírithe ar fhadhbanna ar fearr aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Tá sé deacair costais an tionscnaimh seo a chainníochtú, agus go háirithe a shochair, i ngeall ar a idirghníomhaíocht le tionscnaimh beartais eile le haghaidh bearta áirithe ar fud an Aontais (agus i ngeall ar spleáchas an tionscnaimh orthu siúd). Thairis sin, is féidir leis na Ballstáit, a bheag nó a mhór, roghnú cé na bearta a chuirfidh siad chun feidhme chun an chomhlíontacht a ghnóthú: beidh siad sin éagsúil dá bhrí sin de réir imthosca áitiúla/náisiúnta.

I gcás screamhuisce, tá coinne le costais dhíreacha mhóra, as iobúpróifein, gliofosáit, PFAS agus bisfeanól A a chur leis an liosta substaintí tosaíochta, agus as an gcaighdeán cáilíochta comhshaoil a leasú i gcás hidreacarbón il- timthriallach aramatach (HIA), mearcaire agus nicile chomh maith. Is dócha go mbeidh sé sin ina údar le costais forbartha táirgí le haghaidh an tionscail agus costais ionadaíochta le haghaidh úsáideoirí na substaintí sin, lena n- áirítear san earnáil talmhaíochta.

I ndáil le screamhuisce, is dócha gur as caighdeáin cháilíochta a chur isteach le haghaidh PFAS a eascróidh na costais is suntasaí. Féadfaidh baint a bheith ag costais le srianadh úsáide na lotnaidicídí nó na ceimiceáin tionsclaíocha, mar shampla, agus le bithsholaid éillithe a bhainistiú agus dlús a chur leis an gcóireáil fuíolluisce. Costas na roghanna tosaíochta a

bhaineann leis an digitiú, cuíchóiriú riaracháin agus bainistíocht riosca níos fearr, is de chineál riaracháin iad na costais sin, agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a thiocfaidís chun cinn i dtosach báire agus bheidís íseal i gcoitinne, seachas an sásra um sheachadadh sonraí uathoibrithe b'fhéidir. Ní féidir costais a chur i leith an tionscnaimh seo go haonarach, i ngeall nach féidir idirghníomhaíochtaí agus sineirgí le go leor beartas eile de chuid an Aontais a sheachaint, ar beartais iad lena dtéitear i ngleic leis na substaintí céanna. Déantar inmheánú ar fhormhór chostais an truaillithe trí IED agus UWWTD, an toirmeasc todhchaí ar gach PFA ach amháin in úsáidí fíor- riachtanacha, cur chun feidhme an tionscnaimh maidir le micreaphlaistigh atá ar na bacáin agus trí nithe eile. Mar shampla, leis an athbhreithniú ar UWWTD, cuirfear borradh faoi uasghrádú go leor UWWTPanna, agus tabharfar freagracht táirgeoirí leathnaithe isteach chun na costais a chumhdach, rud lena laghdófar go mór ualach na micreathruailleán a théann in uiscí dromchla agus screamhuiscí.

Rannchuideoidh an tionscnamh atá beartaithe le tiúchain na gceimiceán géarthocsaineach agus/nó marthanach san uisce a laghdú. Cuirfear feabhas leis freisin ar luach na n- éiceachóras uisceach agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad. Áirítear ar na sochair dá bhrí sin tionchair laghdaithe ar shláinte an duine, an dúlra, pailneoirí agus an talmhaíocht, mar aon le costais na cóireála uisce a sheachaint. Ach sonraí in- athúsáidte, inrochtana agus infhaighte go héasca a dhéanamh de na sonraí faireacháin ar cheimiceáin, cuirfear feabhas mór ar chomhleanúnachas an mheasúnaithe sábháilteachta agus beidh sé sin ina chéim thábhachtach sa ghluaiseacht i dtreo an chuir chuige 'substaint amháin, measúnú amháin' a gealladh in EGD.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Tá éifeachtaí dearfacha ag an togra ar bhaint amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) 6 (uisce), 12 (tomhaltas agus táirgeadh) agus 14 (aigéin). A mhéid a bhaineann le SFI 6, tá coinne le leibhéil níos ísle de thruailliú foinsí uisce óil, cáilíocht cheimiceach níos fearr ó thaobh uisce dromchla agus screamhuisce de, agus ba cheart do chion na ndobharlach ina bhfuil dea- cháilíocht chomhthimpeallach dul i méid, le himeacht ama, toisc go ndéanfaidh na Ballstáit bearta chun tiúchain truailleán a laghdú agus go gcuirfidh siad na bearta sin chun feidhme. I ndáil le SFI 12, tá coinne leis i dtaca leis na bearta a dhéanfar, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh (tríd an *Sustainable Production Initiative* [an Tionscnamh um Tháirgeadh Inbhuanaithe] nó tríd an toirmeasc atá ar na bacáin ar gach úsáid PFA seachas iad siúd atá fíor- riachtanach) agus ar leibhéal na mBallstát, gurb é a eascróidh astu úsáid chomhábhar difriúil, nach mbeidh chomh tocsaineach i dtáirgí. Ar deireadh i gcás SFI 14 is tábhachtach an éifeacht dhíreach a thabhairt faoi deara atá ar dhobharlaigh thrasdultacha agus mhara (1 mhuirmhíle ón gcósta) a chumhdaítear leis an Treoir Réime maidir le hUisce. Ina theannta sin an fionnuisce a shroicheann farraigí agus aigéin trí na haibhneacha beidh tiúchain níos ísle iontu de réir a chéile de shubstaintí a rialáiltear tríd an tionscnamh seo.

Seiceáil na comhsheasmhachta ó thaobh na haeráide de agus an Bunphrionsabal Éifeachtúlachta Fuinnimh

Tá an togra comhsheasmhach leis an gcuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach agus i spriocanna 2030 agus 2050 an Aontais. An tionchar is suntasaí ar iarrachtaí maolaithe aeráide an togra is ea trí na substaintí a bhaint as i ngléasraí cóireála fuíolluisce, ar próisis é sin atá dian ar fhuinneamh. Ag brath ar na bearta a dhéanfaidh na Ballstáit chun láithreacht substaintí san uisce a laghdú nó deireadh a chur léi de réir a chéile, ba cheart an tionchar a bheith dearfach (nuair a thabharfar aghaidh ar shubstaintí ag an bhfoinse agus nach gá iad a bhaint as fuíolluisce dá bhrí sin), neodrach (i gcás in ionad substaintí, go gcuirfear substaintí a gceanglófar an iarracht chéanna i ngléasraí cóireála

fuíolluisce lena n- aghaidh chun iad a bhaint as) nó diúltach más rud é go gcinnfidh na Ballstáit brath ar an gcóireáil fuíolluisce go príomha. Ach ní dócha go dtarlóidh an cás deiridh sin toisc go mbíonn sé níos saoire agus níos éifeachtaí i gcoitinne idirghabháil a dhéanamh ag an bhfoinse. Thairis sin, leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, tá an aeráidneodracht ina ceangal ar phleananna cóireála fuíolluisce faoi 2040, gan glanéifeachtaí diúltacha an togra seo a áireamh, a eascróidh as an gcóireáil mhéadaithe.

An Bunphrionsabal Éifeachtúlachta Fuinnimh, mar a mholtar san athmhúnlú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, meastar sa togra seo é. Cosúil leis an tseiceáil comhsheasmhachta ó thaobh na haeráide de, is féidir coinne a bheith le roghanna beartais, in éineacht leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, go mbeidh siad ar a laghad neodrach i dtéarmaí na héifeachtúlachta fuinnimh.

D’eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach, ach bhí roinnt agús léi, an 24 Meitheamh 2022[32].

• **Cearta bunúsacha**

Níl aon impleachtaí ag an togra maidir le cosaint na gceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Baineann an ráiteas airgeadais atá i gceangal leis an bpacáiste maidir le truailliú nialasach, lena n- áirítear an togra atá ann faoi láthair, an togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus an Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir. Léiríonn an ráiteas na himpleachtaí buiséadacha agus na hacmhainní daonna agus riaracháin is gá. Beidh impleachtaí buiséadacha ag an togra le haghaidh an Choimisiúin, na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA) agus na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) i dtéarmaí na hacmhainní daonna agus riaracháin is gá.

Rachaidh ualach oibre cur chun feidhme agus forfheidhmiúcháin an Choimisiúin i méid de bheagán de thoradh níos mó substaintí a liostú agus iarracht a dhéanamh caighdeáin cháilíochta agus luachanna tairsí a chomhchuibhiú le haghaidh substaintí ar údar imní náisiúnta iad.

Thairis sin, tairbheoidh an Coimisiún d’athshannadh na gcúraimí eolaíocha do ECHA, a thabharfaidh cúnamh go comhsheasmhach don Choimisiún maidir le tosaíocht a thabhairt do shubstaintí agus do mheascáin, caighdeáin cháilíochta agus luachanna tairsí a leagan síos, modhanna anailíse iomchuí a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar shonraí faireacháin ábhartha. Ba ghá 11 bhall foirne choibhéiseacha lánaimseartha le haghaidh na tacaíochta eolaíche ó ECHA.

Beidh ualach oibre méadaithe ag EEA de thoradh an tuairiscithe méadaithe a dhéanfar níos minice agus a cheanglaítear ar na Ballstáit, agus de thoradh an mhéadaithe bhig ar an líon substaintí a liostaítear, rud ba ghá ceithre bhall foirne choibhéiseacha lánaimseartha bhreise san iomlán lena aghaidh le cois den 3.5 bhall foirne choibhéiseacha lánaimseartha atá rannpháirteach cheana féin.

[32] Ares(2022)4634431) 24 Meitheamh 2022

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Na Pleananna Bainistíochta Abhantraí a thuairiscítear gach 6 bliana don Choimisiún agus an tuairisciú leictreonach deonach faoin gComhstráitéis Cur chun Feidhme don EEA, beidh siad sin ina bpríomhfhoinse faisnéise fós chun cur chun feidhme éifeachtach an togra a fhíorú, go háirithe comhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta athbhreithnithe nó nua le haghaidh uisce dromchla agus screamhuisce.

Le sásraí feabhsaithe an liosta faire, lena gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar shubstaintí ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad, fágfar go mbeidh sé indéanta ag an gCoimisiún, le cúnamh ECHA agus na mBallstát, an gá le tuilleadh caighdeán cáilíochta nó le caighdeáin cháilíochta níos déine a shainaithint. Leis an tuairisciú níos tráthrialta ar shonraí faireacháin iarbhír freisin, agus leis an anailís orthu a dhéanann EEA, cuirfear ar a gcumas d'Institiúidí an Aontais, do na Ballstáit agus don phobal i gcoitinne, léargas níos cruinne agus níos cothroime le dáta a fháil ar stádas na ndobharlach dromchla agus screamhuisce san Aontas.

A bhuí le sineirgí le E- PRTR feabhsaithe, a bhfuil an bunachar sonraí leictreonach nua ar líne le cur ina ionad, i.e. an 'Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha', fardail na n- astaíochtaí, nach dtuairiscítear ach gach 6 bliana faoi láthair, cuirfear forbhreathnú i bhfad níos tráthrialta agus níos comhleanúnaí ina n- ionad ar sceitheadh iomlán na dtruailleán in aghaidh na hearnála. Leis sin, cuirfear ar a gcumas do na Ballstáit iarrachtaí cur chun feidhme a dhíriú.

Déanfar athbhreithniú go tráthrialta ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis na Treoracha maidir le hUisce Dromchla agus le Screamhuisce araon i bhfianaise an dul chun cinn eolaíoch agus theicniúil. Na nósanna imeachta níos solúbtha maidir le caighdeáin cháilíochta a ghlacadh le haghaidh substaintí ar údar imní iad, in éineacht leis na róil lárnacha a thugtar do EEA, chun anailís a dhéanamh ar shonraí faireacháin níos tráthrialta, ar mhaithe le tacaíocht eolaíoch leanúnach, fágfaidh siad go mbeifear in ann meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar chruinneas na gcaighdeán atá ann faoi láthair agus ar an ngá le caighdeáin nua, chun aghaidh a thabhairt go gasta ar shubstaintí ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad. Le rannpháirtíocht an dá Ghníomhaireacht, comhlíontar an cuspóir faoin Straitéis maidir le Ceimiceáin chun gluaiseacht i dtreo cur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin' as a n- eascróidh measúnuithe ceimiceán níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí ar fud reachtaíocht ábhartha uile an Aontais, agus ar an gcaoi sin, spreagfar freisin bearta cur chun feidhme níos éifeachtaí agus níos cothrománaí mar aon le tograí le haghaidh caighdeáin nua.

Leis an anailís ar shonraí faireacháin agus stádais níos tráthrialta, cuirfear go héifeachtach le creat níos leithne an Fhaireacháin agus an Ionchais ar Thruailliú Nialasach, atá le foilsiú gach 2 bhliain ó 2022. Cuideoidh sé sin le meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an truaillithe laghdaithe ar dhobharlaigh de thoradh tacar níos leithne de chaighdeáin cháilíochta chomhchuibhithe a bheith á gcur chun feidhme ar fud an Aontais.

- **Doiciméid mhíniúcháin**

Tá gá le doiciméid mhíniúcháin le haghaidh an togra, toisc gur príomhdhoiciméid iad sin chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhréireacht agus chun a fhíorú go léiríonn na téacsanna trasuite mionsonraí agus spiorad na Treorach. Tá sé sin tábhachtach agus tá gá leis, toisc go gcumhdaítear leis an togra leasuithe ar thrí threoir, agus d'fhéadfadh sé go dtrasuífí i bpíosaí

difriúla reachtaíochta náisiúnta iad. Chomh maith leis sin, ós rud é gurb é is aidhm don togra go príomha caighdeáin cháilíochta atá ann cheana a leasú nó caighdeáin nua cáilíochta a thabhairt isteach, is féidir fíorú cúramach a éascú trí dhoiciméid mhíniúcháin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

(1) Leasuithe ar Threoir 2000/60/CE

**Airteagail 1**, **7(2)**, **11(3)(k)**, **4(1)** agus **Iarscríbhinní V (pointí 1.4.3, 2.3.2 and 2.4.5)** agus **VII (pointe 7.7)** , leasaítear iad chun scriosadh beartaithe Airteagal 16 agus 17 a chur san áireamh (féach thíos).

Leasaítear **Airteagal 2** maidir le sainmhínithe chun na sainmhínithe a thabhairt cothrom le dáta ar 'Stádas ceimiceach maith san uisce dromchla' agus 'Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil' agus na sainmhínithe a thabhairt isteach ar 'Substaintí guaiseacha tosaíochta' agus ar 'Truailleáin a bhaineann a bhaineann go sonrach le habhantracha'. Is gá na hathruithe sin chun an méid seo a leanas a dhéanamh: 1) an togra chun an nós imeachta comhchinnteoireachta atá ann faoi láthair chun EQS a ghlacadh le gníomhartha tarmligthe, é sin a chur san áireamh; 2) raon feidhme an choincheapa maidir le 'stádas ceimiceach' a leathnú chun go gcumhdófar na 'truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha' freisin, truailleáin a bhí ina gcuid roimhe seo den sainmhíniú maidir le 'stádas éiceolaíoch' faoi Iarscríbhinn V; 3) na spreag- luachanna éifeachtbhunaithe todhchaí féideartha a chur san áireamh mar chuid den sainmhíniú maidir le 'caighdeáin cáilíochta comhshaoil'.

Leasaítear **Airteagal 3** maidir leis an gcomhordú riaracháin laistigh de cheantair abhantraí chun oibleagáid a thabhairt isteach, i gcás imthosca eisceachtúla de thionscnamh nádúrtha nó *force majeure*, go háirithe tuilte foircneacha, tréimhsí triomaigh fada, nó teagmhais truaillithe mhóra, ar oibleagáid a bheidh ann le haghaidh údarás inniúil na ndobharlach uile dá ndéantar difear b'fhéidir, lena n- áirítear i mBallstáit atá lonnaithe i dtreo béal abhann, chun foláireamh a thabhairt dá chéile agus chun dul i gcomhar chun damáiste a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí.

In aice leis an gcoigeartú a luaitear thuas chun scriosadh Airteagal 16 a chur san áireamh, leasaítear **Airteagal 4** maidir le cuspóirí chun a áirithiú go n- áireofar le mír (a)(iv) den Airteagal sin oibleagáid shainráite ar na Ballstáit chun truailliú ó thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha a laghdú de réir a chéile freisin, seachas díreach truailliú ó shubstaintí tosaíochta.

Leasaítear **Airteagal 8, mír 3** maidir le modhanna chun anailís agus faireachán a dhéanamh ar an stádas uisce chun an nós imeachta coiste a ailíniú le Conradh Liospóin tríd an 'nós imeachta scrúdúcháin' a leagtar amach in Airteagal 21 a chur in ionad an 'nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú' a bhí ann roimhe. Ina theannta sin, tugtar cumhachtú nua isteach sa mhír chéanna chun go mbeifear in ann gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun tuilleadh mionsonraí a leagan síos a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí nua chun sonraí faireacháin a chur ar fáil do EEA, mar aon le sonraí stádais a chur ar fáil ar bhonn níos tráthrialta, i gcomhréir le**míreanna nua 4 agus 5**. Tá na leasuithe sin go hiomlán i gcomhréir le hoibleagáidí atá ann cheana faoi Threoir 2007/2/CE (Inspire), lena gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit tacair sonraí spásúla a chur ar fáil go poiblí lena n- áirítear tacair sonraí maidir le háit agus le hoibriú saoráidí faireacháin comhshaoil, tomhais astaíochtaí ghaolmhara agus staid na meán comhshaoil (aer, uisce, ithir). Chun an t- ualach riaracháin a laghdú, ba cheart scaipeadh sonraí a chuíchóiriú a thuilleadh freisin, i gcomhréir le Straitéis Dhigiteach an Aontais, Treoir (AE) 2019/1024 maidir le sonraí oscailte agus an cur chuige 'substaint amháin measúnú amháin' faoin Straitéis maidir le Ceimiceáin Inbhuanaithe.

Leasaítear **Airteagal 10** maidir leis an gcur chuige comhcheangailte i leith poncfhoinsí agus foinsí idirleata chun na tagairtí do threoracha éagsúla, lena dtugtar aghaidh ar an truailliú ó phoncfhoinsí agus ó fhoinsí idirleata, a thabhairt cothrom le dáta (anuas ar na tagairtí sin a aisghairm agus a ionadú).

Modhnaítear **Airteagal 12** maidir le fadhbanna nach féidir le haon Bhallstát amháin déileáil leo chun an nós imeachta um chomhar idir na Ballstáit a láidriú agus a chur ar bhonn foirmiúil.

Scriostar **Airteagal 15(3)** maidir leis an tuairisciú eatramhach a dhéantar gach 3 bliana ar dhul chun cinn na gclár beart, toisc go meastar gur díréireach an t- ualach oibre a eascraíonn as an tuairisciú sin i gcomparáid leis na gnóthachain i dtéarmaí rialú agus stiúradh cur chun feidhme níos fearr.

Toisc go bhfuil siad imithe i léig, scriostar **Airteagail 16 agus 17** maidir leis an nós imeachta lenar ceanglaíodh ar an gCoimisiún tograí reachtacha a bhunú chun EQS a liostú agus a shainaithint le haghaidh dobharlaigh dhromchla agus screamhuisce.

Leasaítear **Airteagal 18(2)(e)** chun scriosadh beartaithe Airteagal 16 a chur san áireamh, ach leasaítear **Airteagal 18(4)** chun scriosadh beartaithe Airteagal 15(3) a chur san áireamh.

Leasaítear **Airteagal 20** maidir le hoiriúnuithe teicniúla chun an méid seo a leanas a dhéanamh: 1) an nós imeachta um ghníomhartha tarmligthe a chur in ionad an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú atá ann faoi láthair chun Iarscríbhinní I agus III a mhodhnú; 2) an nós imeachta scrúdúcháin a chur ionad an nós imeachta rialúcháin atá ann faoi láthair maidir le treoirlínte a ghlacadh i dtaca le hIarscríbhinní II agus V a chur chun feidhme agus i dtaca le formáidí a leagan síos maidir le sonraí a tharchur agus a phróiseáil.

Le **hAirteagal nua 20a** tugtar isteach na forálacha a bhaineann leis an nós imeachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le Conradh Liospóin.

Is é is aidhm don leasú ar **Airteagal 21** maidir leis an nós imeachta Coiste, an tagairt don 'rialachán maidir leis an nós imeachta coiste' is infheidhme faoi láthair a chur in ionad na tagartha don 'chinneadh maidir leis an nós imeachta coiste' a bhí ann roimhe.

Leasaítear **Airteagal 22** maidir le haisghairmeacha agus forálacha idirthréimhseacha, chun na tagairtí a thabhairt cothrom le dáta agus cuirtear san áireamh na hathruithe atá beartaithe ar Iarscríbhinní ábhartha a ghabhann le Treoracha 2000/60/CE agus 2008/105/CE.

In aice leis na coigeartuithe a luaitear thuas chun scriosadh Airteagal 16 a chur san áireamh, leasaítear **Iarscríbhinn V** chun an méid seo a leanas a dhéanamh: 1) na truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha a bhaint amach as na sainmhínithe ar stádas éiceolaíoch agus iad a áireamh ar an sainmhíniú maidir le stádas ceimiceach, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar an faireachán ar shubstaintí tosaíochta agus ar thruailleáin a bhaineann le habhantrach araon, ní díreach i gcás ina sceitear na truailleáin sin san uisce, ach freisin i gcás ina ndéanfar iad a dheascadh tríd an aer; 2) cumhachtaí a thabhairt don Choimisiún chun torthaí an chleachtaidh idirchalabraithe a ghlacadh le gníomhartha tarmligthe; 3) é a chur ar a chumas do na Ballstáit úsáid a bhaint as teicnící faireacháin nua lena n- áirítear faire na cruinne agus an chianbhraiteacht.

Leasaítear **Iarscríbhinn VIII** maidir le liosta táscach de phríomhthruailleáin chun micreaphlaistigh agus géinte frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí a áireamh.

Scriostar **Iarscríbhinn X**, toisc go gcuirtear an liosta i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE in ionad an liosta atá sa chéad Iarscríbhinn sin.

(2) Leasuithe ar an Treoir maidir le Screamhuisce 2006/118/CE (GWD)

Leasaítear an **teideal** chun a shoiléiriú nach mbaineann an Treoir seo ach amháin leis an truailliú seachas le stádas cainníochtúil na screamhuiscí.

Leasaítear **Airteagal 1** maidir le cuspóir na Treorach chun an tagairt d'Airteagal 17 den Treoir Réime maidir le hUisce a bhaint amach, i bhfianaise gurbh é an tAirteagal sin an bunús chun GWD féin a ghlacadh agus dá réir sin, go bhfuil sé imithe i léig.

Leasaítear **Airteagal 2** maidir leis na sainmhínithe chun an sainmhíniú maidir le luachanna tairsí a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a áireamh, in aice leo siúd a leagtar síos ar leibhéal na mBallstát.

Leasaítear **Airteagal 3** maidir leis na critéir chun measúnú a dhéanamh ar stádas ceimiceach screamhuisce chun an sainmhíniú nua ar 'luachanna tairsí a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh' a chur áireamh.

Leasaítear **Airteagal 4** maidir leis an nós imeachta chun measúnú a dhéanamh ar stádas ceimiceach screamhuisce ar an gcúis chéanna leis an leasú a dhéantar ar Airteagal 3.

Cuirtear isteach **Airteagal 6a nua** chun gur sásra éigeantach é an 'Sásra Liosta Faire' le haghaidh dobharlaigh screamhuisce, rud atá comhsheasmhach leis an bhforáil a leagtar síos le hAirteagal 8b de EQSD. Leis an sásra sin, leagtar síos próiseas a dhéantar gach 3 bliana, lena dtugann an Coimisiún, le hionchur ó ECHA agus i ndlúthchomhairle leis na Ballstáit, tosaíocht do shubstaintí maidir leis an bhfaireachán orthu i screamhuisce. Cuirfidh an fhaisnéis a eascróidh as sin leis an athbhreithniú a dhéantar gach 6 bliana ar chaighdeáin cháilíochta lena n- áireamh in Iarscríbhinn I. Áirítear freisin leis an bhforáil oibleagáid ar ECHA chun na tuarascálacha eolaíocha a ullmhaítear i ndáil leis an Liosta Faire a chur ar fáil go poiblí.

Leasaítear **Airteagal 8** maidir le hoiriúnuithe teicniúla chun an méid seo a leanas a dhéanamh: 1) an nós imeachta le haghaidh gníomhartha tarmligthe a chur in ionad an nós imeachta le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme, chun oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil Codanna A agus C d'Iarscríbhinn II mar aon le hIarscríbhinní III agus IV; 2) cumhachtaí tarmligthe a thabhairt don Choimisiún chun truailleáin nua screamhuisce a liostú in Iarscríbhinn I agus chun caighdeáin cháilíochta nua ar fud an Aontais a leagan síos le haghaidh na dtruailleán sin, mar aon le liosta a dhéanamh, i gCuid B d'Iarscríbhinn II, de na truailleáin nach mór do na Ballstáit cuimhneamh ar luachanna tairsí náisiúnta a leagan síos lena n- aghaidh; 3) cumhachtaí tarmligthe a thabhairt don Choimisiún luachanna tairsí a leagan síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, i gcás inar gá agus fiú i gcás truailleáin nó grúpaí truailleán nach ábhar imní ar fud an Aontais iad, chun leibhéal chosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a fheabhsú agus cur chun feidhme níos comhchuibhithe a ghnóthú; 4) ról lárnach ECHA sa chreat sin a shoiléiriú, mar aon leis an oibleagáid ar ECHA tuarascálacha eolaíocha i ndáil le leasuithe féideartha a chur ar fáil go poiblí.

Cuirtear **Airteagal nua 8a** isteach chun na forálacha a thabhairt isteach, ar forálacha iad a bhaineann leis an nós imeachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le Conradh Liospóin.

Leasaítear **Airteagal 9** maidir leis an nós imeachta Coiste chun an 'rialachán maidir leis an nós imeachta coiste' a tháinig chun bheith ann níos déanaí, a chur in ionad an 'chinnidh maidir leis an nós imeachta coiste' a bhí ann roimhe.

Scriostar **Airteagal 10** maidir leis an athbhreithniú ar Iarscríbhinní I agus II tríd an nós imeachta comhchinnteoireachta, chun an nós imeachta nua maidir le gníomhartha tarmligthe a leagtar amach in Airteagail 8 agus 8a a chur san áireamh.

Leasaítear **Iarscríbhinn I** maidir le caighdeáin cháilíochta ar fud an Aontais i dtaca le truailleáin screamhuisce chun truailleáin nua screamhuisce a chur isteach agus caighdeáin cháilíochta ghaolmhara le haghaidh substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS), earraí cógaisíochta agus meitibilítí lotnaidicídí (nrMs) neamhábhartha.

Leasaítear **Iarscríbhinn II** maidir le luachanna tairsí náisiúnta le haghaidh truailleáin screamhuisce chun an méid seo a leanas a dhéanamh: 1) an tsubstaint cógaisíochta primeadón a chur sa liosta substaintí sintéiseacha a gcuimhneoidh na Ballstáit ar luachanna tairsí náisiúnta a leagan síos lena n- aghaidh; 2) soiléiriú nach mbaineann na Codanna B agus C den Iarscríbhinn sin ach amháin leis an sásra chun tairseacha a leagan síos ar an leibhéal náisiúnta; 3) áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit ECHA ar an eolas chun go mbeidh ECHA in ann an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí agus 4) Cuid D nua a chur leis an Iarscríbhinn chun luachanna tairsí comhchuibhithe a áireamh le haghaidh an ghrúpa substaintí 'suim Teitreaclóireitiléine agus TrícHlóireitiléine'.

Leasaítear **Airteagal III** maidir leis an measúnú a dhéanamh ar stádas ceimiceach screamhuisce **agus Iarscríbhinn IV** maidir le treochtaí marthanacha mhóra in airde a shainaithint agus a aisiompú, chun an coincheap nua 'luachanna tairsí a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh' a chur san áireamh.

(3) Leasuithe ar an Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil 2008/105/CE (EQSD)

Leasaítear an teideal chun a shoiléiriú go mbaineann an Treoir le truailliú na n- uiscí dromchla.

Leasaítear **Airteagal 3** maidir le caighdeán cáilíochta comhshaoil chun na dátaí cur i bhfeidhm le haghaidh na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil nua agus athbhreithnithe a shoiléiriú. Déantar na hoibleagáidí maidir le faireachán i mbithra i mír 2 agus maidir le measúnuithe treochta fadtéarmaí i mír 6 a shimpliú freisin, tríd a raon feidhme a shoiléiriú san Iarscríbhinn. Scriostar mír 7 d'Airteagal 3 chun a bhfuil beartaithe a chur san áireamh maidir leis an nós imeachta um ghníomhartha tarmligthe a chur in ionad an nós imeachta comhchinnteoireachta, chun liosta na substaintí tosaíochta a athrú.

Leasaítear **Airteagal 5** maidir le fardail astaíochtaí chun an oibleagáid tuairiscithe a shimpliú agus a chuíchóiriú, i gcás inar féidir, leis an oibleagáid tuairiscithe atá ann faoi reachtaíocht an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí ó shuiteálacha móra tionsclaíocha (a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair) agus chun go mbeifear in ann tuairisciú simplithe a dhéanamh don Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha, agus leagfar na mionsonraí síos trí ghníomh cur chun feidhme a bheidh ann amach anseo. Maidir leis an tuairisciú faoi chuimsiú na bPleananna Bainistíochta Abhantraí, is maidir le hastaíochtaí idirleata amháin a bheidh feidhm ag an tuairisciú sin fós dá bhrí sin.

Leasaítear **Airteagal 7a** maidir leis an gcomhordú idir píosaí éagsúla de dhlí an Aontais maidir le ceimiceáin chun go n- áireofar tagairt do dhlí an Aontais maidir le hearraí cógaisíochta, agus chun a bhfuil beartaithe a chur san áireamh, maidir leis an nós imeachta i dtaca le gníomhartha tarmligthe a chur in ionad an nós imeachta comhchinnteoireachta, chun EQS a thabhairt cothrom le dáta nó EQS nua a leagan síos.

Leasaítear **Airteagal 8** chun an méid seo a leanas a dhéanamh: 1) cumhachtaí tarmligthe a thabhairt don Choimisiún Eorpach chun athbhreithniú a dhéanamh gach 6 bliana ar Iarscríbhinn I chun cuimhneamh ar shubstaintí tosaíochta nua a liostú agus ar chaighdeáin cáilíochta comhshaoil ghaolmhara, bunaithe ar ionchur ó ECHA; 2) cumhachtaí tarmligthe a thabhairt don Choimisiún Eorpach chun athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar an liosta catagóirí de thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha agus a áirítear i gCuid B den

Iarscríbhinn II nua (tagann an Iarscríbhinn II sin in ionad phointe 1.2.6 chun na críche sin, mar aon le hIarscríbhinn VIII den Treoir Réime maidir le hUisce, a dhéanfar a mhodhnú dá réir chun na truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha a bhaint as an sainmhíniú maidir le stádas éiceolaíoch agus iad a chur isteach ina gcuid den chóras is infheidhme maidir le stádas ceimiceach); 3) cumhachtaí tarmligthe a thabhairt don Choimisiún Eorpach chun EQS ar fud an Aontais a ghlacadh, i gcás inar gá, le haghaidh truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha agus iad sin a liostú i gCuid C d’Iarscríbhinn II (liostaítear leis an togra sa Chuid C sin ceithre shubstaint tosaíochta a áiríodh in Iarscríbhinn I roimhe ach atá ‘díliostaithe’ toisc nach meastar gur ábhar imní ar fud an Aontais iad); 4) soiléiriú a dhéanamh ar an ról lárnach atá le bheith ag ECHA maidir le EQS a cheapadh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, mar aon le soiléiriú ar a hoibleagáid tuarascálacha eolaíocha a bhaineann le leasú na nIarscríbhinní a chur ar fáil go poiblí.

Leasaítear **Airteagal 8a** chun an méid seo a leanas a dhéanamh: 1) simpliú a dhéanamh ar an mbealach a fhéadfaidh na Ballstáit stádas ceimiceach a chur i láthair le haghaidh PBTanna uileláithreacha ar leithligh ón stádas ceimiceach foriomlán; 2) ceadú do na Ballstáit faireachán a dhéanamh nach mbeidh chomh dian i gcás substaintí éagsúla; 3) é a chur de cheangal ar na Ballstáit faireachán éifeachtbhunaithe a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar láithreacht hormón éastraigineach i ndobharlaigh, i bhfianaise spreag- luachanna éifeachtbhunaithe a d’fhéadfaí a leagan síos sa todhchaí.

Leasaítear **Airteagal 8b** chun an méid seo a leanas a dhéanamh: 1) feabhas a chur ar thimthriall faireacháin agus athbhreithniúcháin an tsásra Liosta Faire, agus timthriall 3 bliana á leagan síos in áit an timthrialla 2 bhliain atá ann faoi láthair. Tabharfar tuilleadh ama leis sin chun na sonraí a phróiseáil sula ndéanfar athbhreithniú ar an liosta, i gcomhpháirt leis an síneadh a bhfuil sé beartaithe a chur leis an timthriall faireacháin ó 12 go 24 mhí chun gur fearr a bheifear in ann minicíochtaí difriúla a bhreithniú i gcás truailleáin ag a bhfuil patrúin astaíochta shéasúracha (e.g. lotnaidicídí/bithicídí); 2) ceadú go n- áireofar micreaphlaistigh agus géinte frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí roghnaithe sa chéad Liosta Faire eile, ach modhanna faireacháin agus modhanna iomchuí a bheith sainaitheanta, le hionchur ó ECHA.

Le **hAirteagal 8d nua** áirítear an oibleagáid ar na Ballstáit EQS a leagan síos le haghaidh na truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha agus a liostaítear i gCuid A den Iarscríbhinn II nua. Tagann sé sin in ionad na hoibleagáide atá foirmlithe faoi láthair i bpointe 1.2.6 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir Réime maidir le hUisce, i gcomhréir leis an togra chun a dhaingniú go dtiocfaidh truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha chun bheith ina gcuid den mheasúnú ar stádas ceimiceach na ndobharlach dromchla, seachas stádas éiceolaíoch na ndobharlach sin. Is é is aidhm freisin don fhoráil a áirithiú, i gcás ina mbeidh EQS ar fud an Aontais leagtha síos le haghaidh truailleáin áirithe a bhaineann go sonrach le habhantracha, go dtabharfar tús áite dóibh siúd thar EQS a leagtar síos ar an leibhéal náisiúnta. Ar deireadh leis an leasú, cuirtear d’oibleagáid ar na Ballstáit ECHA a chur ar an eolas chun é a chur ar a chumas don Ghníomhaireacht sin poibliú a dhéanamh ar aon intinn a bheidh aici i leith truailleáin a liostú agus/nó EQS a leagan síos, chun an trédhearcacht agus sineirgí a mhéadú.

**Airteagal 10**, lena soiléirítear go bhfuil an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/105/CE le cur in ionad Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir Réime maidir le hUisce, scriostar an tAirteagal 10 sin toisc nárbh ann d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/105/CE agus toisc go scriostar Iarscríbhinn X de bhun nós imeachta a bheith á áireamh, i dTreoir 2008/105/CE, maidir le gníomhartha tarmligthe chun liosta na substaintí tosaíochta a oiriúnú agus chun EQS comhfhreagrach a leagan síos.

Modhnaítear **teideal Iarscríbhinn I** chun an coincheap maidir le 'truailleáin eile' a thógáil amach, ar coincheap é atá imithe i léig, toisc go dtagraítear leis do shubstaintí a cumhdaíodh le reachtaíocht eile roimh ghlacadh EQSD; ní gá a thuilleadh idirdhealú a dhéanamh idir substaintí tosaíochta agus na 'truailleáin eile' sin. Cuid A, lena liostaítear na substaintí agus EQS a bhaineann leo, cuirtear Iarscríbhinn nua ina hionad lena liostaítear 23 shubstaint bhreise anois a bhaineann le liosta na substaintí tosaíochta: earraí cógaisíochta, substaintí tionsclaíocha, lotnaidicídí agus miotail. Tugtar le fios freisin leis an Iarscríbhinn na substaintí atá guaiseach, iad siúd ar PBTanna uileláithreacha iad mar aon leo siúd nach mór measúnú treochta fadtéarmaí a dhéanamh orthu.

Cuirtear **Iarscríbhinn II nua** isteach, lena leagtar amach i gCuid A liosta táscach de thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha nach mór do na Ballstáit cuimhneamh ar chaighdeáin cáilíochta comhshaoil a leagan síos lena n- aghaidh agus na caighdeáin sin a chur i bhfeidhm i gcás inar údar imní iad. Áirítear i gCuid B na prionsabail ghinearálta agus tagraítear do threoraíocht chun déanamh amhlaidh, agus i gCuid C, áirítear stór EQS comhchuibhithe le haghaidh truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha. Déanfar Cuid C a oiriúnú trí ghníomhartha tarmligthe a bheidh ann amach anseo trína ndéanfaidh an Coimisiún EQS comhchuibhithe a leagan síos le haghaidh truailleáin áirithe eile a bhaineann go sonrach le habhantracha i gcás inar ghá sin chun cosaint chomhchuibhithe leordhóthanach an chomhshaoil a áirithiú, fiú i gcás truailleáin nach ábhar imní iad nó nach ábhar imní ar fud an Aontais fós iad.

2022/0344 (COD)

Togra le haghaidh

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a tarchur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is bagairt é truailliú ceimiceach uisce dromchla agus screamhuisce don timpeallacht uisceach, agus éifeachtaí i gceist leis amhail géarthocsaineacht agus tocsaineacht ainsealach in orgánaigh uisceacha, carnadh truailleán san éiceachóras agus caillteanas gnáthóg agus bithéagsúlachta, mar aon le bagairt ar shláinte an duine. Trí chaighdeáin cáilíochta comhshaoil a leagan síos, cuidítear leis an uaillmhian maidir le truailliú nialasach le haghaidh timpeallacht saor ó thocsainí a chur chun feidhme.

(2) De bhun Airteagal 191(2), an dara habairt, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol le bunú ar phrionsabal an réamhchúraim agus ar na prionsabail go bhfuil gníomhaíocht choisctheach le déanamh, go bhfuil damáiste don chomhshaol le cur ina cheart, mar thosaíocht, ag an bhfoinse agus gurb é an truaillitheoir a íocfaidh as.

(3) An Comhaontú Glas don Eoraip[3] is é sin straitéis an Aontais chun geilleagar ciorclach, glan agus aeráidneodrach a áirithiú, faoi 2050, agus bainistíocht acmhainní á barrfheabhsú agus an truailliú á íoslaghdú. Le Straitéis Ceimiceán an Aontais um an

---

1 IO C , , lch. .

2 IO C , , lch. .

3 *Communication from the Commission to the European Parliament, the European Council, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, The European Green Deal* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, an Comhaontú Glas don Eoraip], COM(2019) 640 final.

Inbhuanaitheacht[4] agus leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach[5] tugtar aghaidh go sonrach ar ghnéithe den Chomhaontú Glas don Eoraip a bhaineann leis an truailliú. Ar na beartais chomhlántacha eile atá ábhartha go háirithe, áirítear Straitéis an Aontais um Plaistigh 2018[6], an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip 2021[7], an Straitéis Bhithéagsúlachta[8], an Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc[9], Straitéis Ithreach an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030[10], Straitéis Dhigiteach an Aontais[11] agus an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí[12].

(4) Le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] leagtar síos creat chun uiscí dromchla intíre, uiscí trasdultacha, uiscí cósta agus screamhuisce a chosaint. Is éard atá i gceist leis an gcreat sin substaintí tosaíochta a shainaithint ina measc siúd lena mbaineann riosca substaintiúil don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht sin, ar leibhéal an Aontais. Le Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] leagtar síos caighdeáin cáilíochta comhshaoil (EQS)

---

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment* [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] COM(2020) 667 final.

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil'* [Conair chuig Pláinéad Sláintiúil do Chách, Plean gníomhaíochta an Aontais um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú], COM(2021) 400 final.

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A European Strategy for Plastics in a Circular Economy* [Straitéis Eorpach um Plaistigh i nGeilleagar Ciorclach], COM/2018/028 final.

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Pharmaceutical Strategy for Europe [An Straitéis Chógaisíochta don Eoraip] COM/2020/761 final.

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030, Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] COM(2020) 380 final.

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally- friendly food system* [Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol], COM(2020) 381 final.

10 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU Soil Strategy for 2030,Reaping the benefits of healthy soils for people, food, nature and climate*[Straitéis Ithreach an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030, ag baint shochair na n- ithreacha sláintiúla le haghaidh daoine, bia, an dúlra agus na haeráide], COM/2021/699 final.

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Shaping Europe's digital future* [Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú]
COM/2020/67 final.

12 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A European strategy for data* [Straitéis Eorpach maidir le sonraí], COM(2020) 66 final.

13 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

14 Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n- aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón

uile-Aontais le haghaidh na 45 shubstaint tosaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2000/60/CE agus ocht dtruailleán eile a bhí á rialáil ar leibhéal an Aontais cheana féin sular tugadh Iarscríbhinn X isteach le Cinneadh Uimh. 2455/2001/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15]. Le Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] leagtar caighdeáin cáilíochta uile-Aontais síos le haghaidh níotráití agus substaintí gníomhacha i lotnaidicídí agus critéir maidir le luachanna tairsí náisiúnta a leagan síos le haghaidh truailleáin screamhuisce eile. Leagtar síos freisin leis íosliosta de 12 thruailleán agus a dtáscairí a gceanglaítear ar na Ballstáit cuimhneamh ar luachanna tairsí náisiúnta den sórt sin a leagan síos lena n- aghaidh. Leagtar na caighdeáin cáilíochta screamhuisce amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE.

(5) Meastar substaintí lena liostú in Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2000/60/CE nó in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE bunaithe ar mheasúnú ar an riosca a bhaineann leo do dhaoine agus don timpeallacht uisceach. Is iad príomh- chomhpháirteanna an mheasúnaithe sin eolas ar thiúchain na substaintí sa chomhshaol, lena n- áirítear faisnéis a bhailítear ón bhfaireachán a dhéantar ar an liosta faire, agus ar (éicea)thoscaineolaíocht na substaintí, mar aon lena marthanacht, bithbhailiú, carcanaigineacht, só- ghineacht, tocsaineacht maidir le síolrú agus poitéinseal suaite inchríneach.

(6) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar liosta na substaintí tosaíochta in Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2000/60/CE i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Treoir sin agus le hAirteagal 8 de Threoir 2008/105/CE, agus ar an liosta substaintí in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE i gcomhréir le hAirteagal 10 den Treoir sin agus chinn sé, i bhfianaise eolas eolaíoch nua, gurb iomchuí na liostaí sin a leasú trí shubstaintí nua a chur leo, EQS nó caighdeáin cáilíochta screamhuisce a leagan síos le haghaidh na substaintí sin a chuirtear leis na liostaí sin den chéad uair, athbhreithniú a dhéanamh ar EQS le haghaidh substaintí áirithe atá ann cheana i gcomhréir leis an dul chun cinn eolaíoch agus EQS maidir le bithra a leagan síos le haghaidh substaintí áirithe atá ann cheana agus substaintí a cuireadh leis an liosta den chéad uair. Shainaithin an Coimisiún freisin cé na substaintí breise is dócha a charnfaidh i ndríodar nó i mbithra, agus shoiléirigh gur cheart faireachán a dhéanamh ar threochtaí na substaintí sin i ndríodar nó i mbithra. Bhí comhairliúchán fairsing le saineolaithe ó sheirbhísí an Choimisiúin, ó na Ballstáit, ó ghrúpaí páirtithe leasmhara agus ón gCoiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag Teacht chun Cinn (SCHEER) ina thacaíocht leis na hathbhreithnithe ar na liostaí substaintí.

(7) Tá gá le meascán de bhearta, lena ndéantar rialú ag an bhfoinse agus ag deireadh an phíopa araon, chun déileáil go héifeachtach le formhór na dtruailleán ar feadh a saolré, lena n- áirítear, de réir mar is ábhartha, dearadh ceimiceach, údarú nó formheas, rialú astaíochtaí le linn monaraíochta agus úsáide agus próisis eile, agus láimhseáil dramhaíola. Dá bhrí sin, trí chaighdeáin cháilíochta nua nó níos déine i ndobharlaigh a leagan síos, comhlánaítear reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus bíonn na

---

gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

15 Cinneadh Uimh. 2455/2001/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2001 lena mbunaítear liosta na substaintí tosaíochta i réimse an bheartais uisce agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE (IO L 331, 15.12.2001, lch. 1).

16 Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19).

caighdeáin ag teacht leis an reachtaíocht sin, reachtaíocht lena dtugtar aghaidh ar fhadhb an truaillithe nó lena bhféadfaí déanamh amhlaidh ag ceann amháin nó níos mó de na céimeanna sin, lena n- áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18], Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19], Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20], Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21], Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22], Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23] agus Treoir 91/271/CEE ón gComhairle[24].

(8) Tugtar le fios leis an eolas eolaíoch nua go mbaineann riosca mór le truailleáin éagsúla eile a bhíonn le fáil i ndobharlaigh, i dteannta na dtruailleán a rialáiltear cheana féin. I gcás screamhuisce, sainaithníodh fadhb áirithe tríd an bhfaireachán deonach le haghaidh substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS) agus earraí cógaisíochta. Braitheadh PFAS ag breis agus 70 % de na pointí tomhais screamhuisce san Aontas agus is léir go sáraítear tairseacha náisiúnta atá ann cheana ag líon nach beag áiteanna, agus go mbíonn substaintí cógaisíochta le fáil go forleathan freisin. I gcás uiscí dromchla, tá aigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh liostaithe cheana féin mar shubstaintí tosaíochta, ach aithnítear anois go mbaineann riosca le PFAS eile freisin. Leis an bhfaireachán a dhéantar faoin Liosta faire faoi Airteagal 8b de Threoir 2008/105/CE, deimhníodh riosca ó roinnt substaintí cógaisíochta in uiscí dromchla, substaintí ar cheart iad a chur leis an liosta substaintí tosaíochta dá bhrí sin.

(9) Le Treoir 2000/60/CE, ceanglaítear ar na Ballstáit dobharlaigh a shainaithint ar dobharlaigh iad a úsáidtear chun uisce a asbhaint atá beartaithe lena thomhailt ag an duine, faireachán a dhéanamh orthu, agus na bearta is gá a dhéanamh chun meath ar a gcáilíocht a sheachaint agus laghdú a dhéanamh ar an leibhéal cóireála íonghlanta is gá chun uisce atá oiriúnach lena thomhailt ag an duine a tháirgeadh. Sa chomhthéacs sin, sainaithníodh micreaphlaistigh mar riosca féideartha do shláinte an duine, ach tá gá le tuilleadh sonraí faireacháin chun a dheimhniú gur gá caighdeán cáilíochta comhshaoil a leagan síos le haghaidh micreaphlaistigh in uiscí dromchla agus screamhuisce. Ba

---

[17] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006, maidir le Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

[18] Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n- aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

[19] Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicíde a chur ar fáil sa mhargadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

[20] Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

[21] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n- úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

[22] Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71).

[23] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

[24] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

cheart micreaphlaistigh a áireamh dá bhrí sin sna liostaí faire uisce dromchla agus screamhuisce agus ba cheart faireachán a dhéanamh orthu a luaithe a bheidh modhanna faireacháin oiriúnacha sainaitheanta ag an gCoimisiún. Sa chomhthéacs sin, ba cheart na modheolaíochtaí a chur san áireamh chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí ó mhicreaphlaistigh in uisce óil, modheolaíochtaí a forbraíodh faoi Threoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25].

(10) Cuireadh imní in iúl faoin riosca a bhaineann le forbairt na frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí de dheasca microrgánaigh frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí agus géinte frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí a bheith i láthair sa timpeallacht uisceach, ach is beag faireachán atá déanta go dtí seo. Ba cheart géinte frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí ábhartha a áireamh freisin sna liostaí faire uisce dromchla agus screamhuisce agus ba cheart faireachán a dhéanamh orthu a luaithe a bheidh modhanna faireacháin oiriúnacha forbartha. Tá sé sin i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach 'Aon Sláinte Amháin' i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha, a ghlac an Coimisiún i mí an Mheithimh 2017, agus leis an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip, lena dtugtar aghaidh ar an ábhar imní sin freisin.

(11) I bhfianaise feasacht a bheith ag dul i méid ar ábharthacht na meascán agus dá bhrí sin an ar ábharthacht an fhaireacháin éifeachtbhunaithe chun stádas ceimiceach a chinneadh, agus i bhfianaise gurb ann cheana féin do mhodhanna faireacháin éifeachtbhunaithe atá sách láidir le haghaidh substaintí éastraigineacha, ba cheart do na Ballstáit na modhanna sin a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí carnacha na substaintí éastraigineacha in uiscí dromchla ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann comparáid a dhéanamh idir na torthaí éifeachtbhunaithe, agus na torthaí a gheofar agus na modhanna traidisiúnta á n- úsáid, chun faireachán a dhéanamh ar na trí shubstaint éastraigineacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. Úsáidfear an chomparáid sin chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar modhanna faireacháin éifeachtbhunaithe a úsáid mar mhodhanna scagtha iontaofa. Bheadh sé de bhuntáiste leis na modhanna scagtha sin a úsáid go mbeifí in ann éifeachtaí na substaintí éastraigineacha uile ag a bhfuil éifeachtaí comhchosúla a chumhdach, seachas iad sin amháin a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE. Ba cheart an sainmhíniú ar EQS i dTreoir 2000/60/CE a mhodhnú chun a áirithiú go bhféadfar a chumhdach leis, amach anseo, luachanna truicir a d'fhéadfaí a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí faireacháin éifeachtbhunaithe.

(12) Leis an meastóireacht a rinneadh ar reachtaíocht uisce an Aontais[26] (an 'mheastóireacht') thángthas ar an gconclúid go bhféadfaí dlús a chur leis an bpróiseas chun truailleáin a shainaithint agus a liostú ar truailleáin iad lena ndéantar difear d'uisce dromchla agus screamhuisce agus caighdeáin cháilíochta a leagan síos nó a athbhreithniú lena n- aghaidh i bhfianaise eolas eolaíoch nua. Dá mbeadh na cúraimí sin le déanamh ag an gCoimisiún, seachas faoi chuimsiú na ngnáthnósanna imeachta reachtacha dá bhforáiltear faoi láthair in Airteagail 16 agus 17 de Threoir 2000/60/CE agus in Airteagal 10 de Threoir 2006/118/CE, d'fhéadfaí feabhas a chur ar fheidhmiú

[25] Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (athmhúnlú) (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1).

[26] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Seiceáil oiriúnachta ar an Treoir Réime maidir le hUisce, Treoir maidir le Screamhuisce, Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil agus Treoir maidir le Tuilte, SWD(2019) 439 final.

na sásraí liosta faire uisce dromchla agus screamhuisce, go háirithe i dtéarmaí liostú, faireachán agus measúnú torthaí a uainiú agus a sheicheamhú, d'fhéadfaí na naisc idir an sásra liosta faire agus na hathbhreithnithe ar na liostaí truailleán a láidriú, agus trí bhíthin athruithe ar na liostaí truailleán, d'fhéadfaí an dul chun cinn eolaíoch a chur san áireamh níos gasta. Dá bhrí sin, agus i bhfianaise gur gá na liostaí truailleán agus EQS a ghabhann leo a leasú go pras i bhfianaise eolas eolaíoch agus teicniúil nua, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE a leasú a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí tosaíochta agus le EQS comhfhreagrach a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn sin agus chun Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE a leasú a mhéid a bhaineann leis an liosta truailleán screamhuisce agus leis na caighdeáin cáilíochta screamhuisce a leagtar amach san Iarscríbhinn sin. Sa chomhthéacs seo, ba cheart don Choimisiún torthaí an fhaireacháin ar shubstaintí atá ar na liostaí faire uisce dromchla agus screamhuisce a chur san áireamh. Mar iarmhairt air sin, ba cheart Airteagail 16 agus 17 de Threoir 2000/60/CE agus Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin, mar aon le hAirteagal 10 de Threoir 2006/118/CE, a scriosadh.

(13) Leis an meastóireacht, thángthas ar an gconclúid freisin go bhfuil an iomarca éagsúlachta idir na Ballstáit a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin cháilíochta agus na luachanna tairsí a leagtar síos ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha agus truailleáin screamhuisce faoi seach. Go dtí seo, truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha agus nach sainaithnítear mar shubstaintí tosaíochta faoi Threoir 2000/60/CE, bhí siad faoi réir EQS náisiúnta agus comhaireadh iad mar eilimintí cáilíochta fisiciceimicí a thacaíonn leis an measúnú ar stádas éiceolaíoch in uiscí dromchla. I gcás screamhuiscí, bhí na Ballstáit in ann a luachanna tairsí féin a leagan síos freisin, fiú le haghaidh substaintí sintéiseacha de dhéantús an duine. D'eascair torthaí fo- optamacha as an tsolúbthacht sin i dtéarmaí inchomparáideacht stádas na ndobharlach idir na Ballstáit, agus i dtéarmaí cosanta comhshaoil. Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta lena gceadaítear comhaontú ar leibhéal an Aontais maidir le EQS agus luachanna tairsí atá le cur i bhfeidhm le haghaidh na substaintí sin más rud é go sainaithnítear iad mar shubstaintí ar ábhar imní náisiúnta iad agus chun stórtha a bhunú de EQS is infheidhme agus de luachanna tairsí.

(14) Thairis sin, le truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha a chomhtháthú sa sainmhíniú ar stádas ceimiceach in uiscí dromchla, áirithítear cur chuige níos comhordaithe, níos comhleanúnaí agus níos trédhearcaí i dtéarmaí faireachán agus measúnú a dhéanamh ar stádas ceimiceach dobharlach dromchla agus ar fhaisnéis ghaolmhar don phobal. Éascaítear cur chuige níos spriocdhírithe leis freisin i leith bearta a shainaithint agus a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar gach fadhb 'a bhaineann le ceimiceáin' ar bhealach níos iomlánaíche, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Dá bhrí sin, ba cheart na sainmhínithe ar 'stádas éiceolaíoch' agus 'stádas ceimiceach' a mhodhnú agus raon feidhme 'stádais cheimicigh' a leathnú chun go gcumhdófar na truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha freisin, a bhí ina chuid roimhe seo den sainmhíniú ar 'stádas éiceolaíoch' faoi Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE. Dá thoradh sin, ba cheart coincheap EQS le haghaidh truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha agus nósanna imeachta gaolmhara a áireamh i dTreoir 2008/105/CE.

(15) Chun cur chuige comhchuibhithe agus cothroime iomaíochta a áirithiú san Aontas, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290

CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Cuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE a leasú tríd an liosta truailleán a oiriúnú, truailleáin nach mór do na Ballstáit cuimhneamh ar luachanna tairsí náisiúnta a leagan síos lena n- aghaidh.

(16) I bhfianaise gur gá oiriúnú go gasta don eolas eolaíoch agus teicniúil agus cur chuige comhchuibhithe agus cothroime iomaíochta a áirithiú san Aontas i leith truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/105/CE a leasú maidir le liosta na gcatagóirí truailleán a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn sin agus chun Cuid C d'Iarscríbhinn II a oiriúnú a mhéid a bhaineann le EQS comhchuibhithe le haghaidh truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha nó le haghaidh grúpaí díobh. Ba cheart do na Ballstáit na EQSanna comhchuibhithe sin a chur i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh acu ar stádas na ndobharlach dromchla dá gcuid i gcás ina sainaithnítear riosca ó na truailleáin sin.

(17) Leis an athbhreithniú ar liosta na substaintí tosaíochta i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE, thángthas ar an gconclúid nach ábhar imní ar fud an Aontais a thuilleadh iad substaintí tosaíochta éagsúla agus dá bhrí sin nár cheart iad a áireamh a thuilleadh i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin. Ba cheart na substaintí sin a mheas mar thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha dá bhrí sin agus iad a áireamh i gCuid C d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/105/CE in éineacht le EQS comhfhreagrach. I bhfianaise nach meastar gur ábhar imní ar fud an Aontais a thuilleadh iad na truailleáin sin, ní gá EQS a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ina bhféadfadh na truailleáin sin a bheith ina n- ábhar imní áitiúil nó réigiúnach nó náisiúnta fós.

(18) Chun cothroime iomaíochta a áirithiú agus chun go mbeifear in ann stádas dobharlach a chur i gcomparáid idir na Ballstáit, is gá luachanna tairsí náisiúnta a chomhchuibhiú le haghaidh roinnt truailleáin screamhuisce. Dá bhrí sin, ba cheart stór de luachanna tairsí comhchuibhithe le haghaidh truailleáin screamhuisce ar ábhar imní áitiúil nó réigiúnach nó náisiúnta iad a thabhairt isteach mar Chuid D nua in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE. Ní gá na tairseacha comhchuibhithe a leagtar amach sa stór sin a chur i bhfeidhm ach amháin sna Ballstáit sin ina ndéanann na truailleáin atá faoi réir na dtairseacha sin difear don stádas screamhuisce. I gcás shuim an dá thruailleán shintéiseacha, tríchlóireitiléin agus teitreaclóireitiléin, is gá na luachanna tairsí náisiúnta a chomhchuibhiú ós rud é nach gcuireann na Ballstáit uile ina bhfuil na truailleáin ábhartha luach tairsí i bhfeidhm le haghaidh shuim na dtruailleán sin agus nach ionann na luachanna tairsí náisiúnta uile a leagtar síos. Ba cheart an luach tairsí comhchuibhithe a bheith comhsheasmhach leis an luach paraiméadrach a leagtar síos i gcás shuim na dtruailleán sin san uisce óil faoi Threoir (AE) 2020/2184.

(19) Chun cur chuige comhchuibhithe agus cothroime iomaíochta a áirithiú san Aontas, ba cheart an chumhacht le gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Cuid D d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE a leasú chun stór na luachanna tairsí comhchuibhithe a oiriúnú, a mhéid a bhaineann leis na truailleáin a áirítear agus leis na luachanna tairsí comhchuibhithe, don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

(20) Ba cheart forálacha uile Threoir 2006/118/CE a bhaineann leis an measúnú ar stádas ceimiceach screamhuisce a oiriúnú don tríú catagóir de luachanna tairsí comhchuibhithe a thugtar isteach i gCuid D d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, i dteannta na gcaighdeán cáilíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a

ghabhann leis an Treoir sin agus do na luachanna tairsí náisiúnta a leagtar amach i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin.

(21) Chun an chinnteoireacht éifeachtach agus chomhleanúnach a áirithiú agus sineirgí a fhorbairt leis an obair a dhéantar faoi chuimsiú reachtaíocht eile an Aontais maidir le ceimiceáin, ba cheart ról a bheidh buan agus teorannaithe go soiléir a thabhairt don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('ECHA') maidir le tosaíocht a thabhairt do shubstaintí a bheidh le háireamh ar na liostaí faire agus ar na liostaí substaintí in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2008/105/CE agus in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE, agus maidir le caighdeáin cháilíochta iomchuí a dhíorthú a bheidh bunaithe ar an eolaíocht. An Coiste um Measúnú Riosca (RAC) agus an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (SEAC) de chuid ECHA, ba cheart dóibh cur i gcrích cúraimí áirithe a thugtar do ECHA a éascú trí thuairimí a thabhairt. Ba cheart do ECHA comhordú níos fearr a áirithiú freisin idir píosaí éagsúla den dlí comhshaoil trí thrédhearcacht mhéadaithe a mhéid a bhaineann le truailleáin atá ar liosta faire nó trí EQS nó tairseacha náisiúnta nó uile-Aontais a fhorbairt, trí thuarascálacha eolaíocha ábhartha a chur ar fáil go poiblí.

(22) Thángthas ar an gconclúid leis an meastóireacht gur gá tuairisciú leictreonach a dhéanamh níos minice agus agus ar bhealach níos cuíchóirithe chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú níos fearr i leith reachtaíocht uisce an Aontais a chothú. I bhfianaise an róil atá ag an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) chun faireachán a dhéanamh níos tráthrialta freisin ar staid an truaillithe mar a thuairiscítear sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach, ba cheart don Ghníomhaireacht tuairisciú níos minice agus níos cuíchóirithe den sórt sin a dhéanfaidh na Ballstáit a éascú. Tá sé tábhachtach go gcuirfear faisnéis chomhshaoil faoi stádas uisce dromchla agus screamhuisce an Aontais ar fáil don phobal agus don Choimisiún go tráthúil. Ba cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit dá bhrí sin na sonraí faireacháin a bhailítear faoi chuimsiú Threoir 2000/60/CE a chur ar fáil don Choimisiún agus do EEA, agus úsáid á baint as na sásraí um thuairisciú uathoibrithe agus um sheachadadh sonraí uathoibrithe trí Chomhéadan Ríomhchláraithe Feidhmchlár nó sásraí coibhéiseacha a úsáid. Tá coinne leis go mbeidh an t- ualach riaracháin teoranta sa mhéid go gceanglaítear ar na Ballstáit cheana féin téamaí sonraí spásúla a chur ar fáil go poiblí laistigh de raon feidhme Threoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] agus faoi Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chomh maith[28]. Áirítear ar na téamaí sonraí spásúla sin suíomh agus oibriú saoráidí faireacháin chomhshaoil, tomhais ghaolmhara astaíochtaí agus staid na meán comhshaoil.

(23) Le sreabha sonraí a thuairiscítear do EEA faoi reachtaíocht uisce an Aontais agus, go háirithe na fardail astaíochtaí a cheanglaítear le Treoir 2008/105/CE a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, leis na sreabha sonraí a thuairiscítear don Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha faoi Threoir 2010/75/AE agus faoi Rialachán (CE)

[27] Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

[28] Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29], fágfar go mbeidh an tuairisciú fardail i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2008/105/CE níos simplí agus níos éifeachtúla. An tráth céanna, laghdófar leis an t- ualach riaracháin agus an buaic- ualach oibre in ullmhúcháin na bpleananna bainistíochta abhantraí. In éineacht le díothú an tuairiscithe eatramhaigh ar dhul chun cinn na gclár beart, rud nach raibh éifeachtach, leis an tuairisciú simplithe sin, cuirfear ar a gcumas do na Ballstáit iarracht níos mó a dhéanamh i dtaobh an tuairiscithe astaíochtaí nach gcumhdaítear leis an reachtaíocht maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha ach a chumhdaítear leis an tuairisciú astaíochtaí faoi Airteagal 5 de Threoir 2008/105/CE.

(24) Le Conradh Liospóin, tugadh idirdhealú isteach idir cumhachtaí arna dtarmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe i ngníomh reachtach (gníomhartha tarmligthe) a fhorlíonadh nó a leasú, agus na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún gníomhartha a ghlacadh chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le gníomhartha de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí de (gníomhartha cur chun feidhme) a chur chun feidhme. Ba cheart Treoir 2000/60/CE agus Treoir 2006/118/CE a ailíniú leis an gcreat dlíthiúil a thugtar isteach le Conradh Liospóin.

(25) Na cumhachtuithe in Airteagal 20(1), an chéad fhomhír, de Threoir 2000/60/CE agus i bpointe 1.4.1(ix) d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin lena ndéantar foráil maidir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a úsáid, comhlíontar leis na cumhachtuithe sin na critéir in Airteagal 290(1) CFAE, ós rud é go mbaineann siad le hoiriúnuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin agus le glacadh na rialacha lena bhforlíontar an Treoir. Ba cheart iad a thiontú ina gcumhachtuithe dá bhrí sin le haghaidh an Choimisiúin chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

(26) An cumhachtú in Airteagal 8 de Threoir 2006/118/CE lena ndéantar foráil maidir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a úsáid, comhlíontar leis an gcumhachtú sin na critéir in Airteagal 290(1) CFAE, ós rud é go mbaineann sé le hoiriúnuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin. Ba cheart é a thiontú ina chumhachtú dá bhrí sin don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

(27) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú, le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n- áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag na saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(28) An cumhachtú in Airteagal 8(3) de Threoir 2000/60/CE lena ndéantar foráil maidir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a úsáid, comhlíontar leis an gcumhachtú sin na critéir in Airteagal 290(2) CFAE, ós rud é go mbaineann sé le glacadh na sonraíochtaí teicniúla agus na modhanna caighdeánaithe chun anailís agus

[29] Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir leis an gClár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a bhunú, agus lena leasaítear Treoracha 91/689/CEE agus 96/61/CE ón gComhairle (IO L 33, 4.2.2006, lch. 1).

faireachán a dhéanamh ar stádas uisce agus gurb é is aidhm dó dá bhrí sin coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme comhchuibhithe na Treorach sin. Ba cheart é a thiontú ina chumhachtú dá bhrí sin don Choimisiún chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh. Chun inchomparáideacht na sonraí a áirithiú, ba cheart síneadh a chur leis an gcumhachtú freisin chun leagan síos formáidí a áireamh, ar formáidí iad a úsáidfear chun sonraí faireacháin agus stádais a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 8(4). Na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún, ba cheart iad a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30].

(29) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Treoir 2000/60/CE a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun formáidí teicniúla a ghlacadh chun sonraí faireacháin agus stádais uisce a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Threoir 2000/60/CE. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(30) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Treoir 2008/105/CE a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun formáidí caighdeánaithe a ghlacadh maidir le hastaíochtaí poncfhoinse a thuairisciú do EEA nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[+]. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(31) Is gá dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil i réimse an fhaireacháin ar stádas na ndobharlach a chur san áireamh i gcomhréir leis na ceanglais faireacháin a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE. Dá bhrí sin, ba cheart a cheadú do na Ballstáit sonraí agus seirbhísí a úsáid ó theicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí *in- situ*, nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a thagann leis an intleacht shaorga, anailís agus próiseáil ardleibhéil sonraí a ghiaráil.

(32) I bhfianaise na méaduithe ar imeachtaí aimsire nach féidir a thuar, go háirithe tuilte foircneacha agus tréimhsí triomaigh fada, agus ar theagmhais truaillithe móra as a n- eascraíonn truailliú trasteorann de thimpiste nó ina gcuirtear an truailliú sin in olcas, ba cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go soláthrófar faisnéis láithreach maidir le teagmhais den sórt sin do Bhallstáit eile dá bhféadfaí difear a dhéanamh agus dul i gcomhar go héifeachtach le Ballstáit dá bhféadfaí difear a dhéanamh chun éifeachtaí na himeachta nó an teagmhais a mhaolú. Is gá freisin an comhar idir na Ballstáit a threisiú agus nósanna imeachta maidir le comhar trasteorann a chuíchóiriú i gcás fadhbanna níos struchtúraí, i.e. fadhbanna trasteorann níos fadtéarmaí nach de dheasca timpiste iad agus nach féidir a réiteach ar leibhéal na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2000/60/CE. I gcás ina bhfuil gá le cúnamh Eorpach, féadfaidh údaráis inniúla iarrataí ar chúnamh a sheoladh chuig Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha an Choimisiúin, a chomhordóidh tairiscintí cúnaimh féideartha agus úsáid na dtairiscintí sin trí Shásra Aontais um

---

30 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

+ OP: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COM (2022) 157 agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin san fhonóta

Chosaint Shibhialta, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Chinneadh 1313/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31].

(33) Dá bhrí sin ba cheart Treoracha 2000/60/AE, 2006/118/CE agus 2008/105/CE a leasú dá réir sin.

(34) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach ina n- aonar, is é sin ardleibhéal cosanta comhshaoil agus feabhas ar cháilíocht comhshaoil fhionnuiscí na hEorpa a áirithiú, ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais i ngeall ar thréithe trasteorann an truaillithe uisce, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Threoir 2000/60/CE*

Leasaítear Treoir 2000/60/CE é mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fleasc:

'— cuspóirí na gcomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha a ghnóthú, lena n- áirítear na cuspóirí sin a bhfuil sé d'aidhm acu truailliú na muirthimpeallachta a chosc agus deireadh a chur leis, trí ghníomhaíocht an Aontais chun scor den sceitheadh, d'astaíochtaí agus de chaillteanais substaintí guaiseacha tosaíochta nó deireadh a chur leo de réir a chéile, agus é ina aidhm dheiridh tiúchain sa mhuirthimpeallacht a ghnóthú a bheidh gar do luachanna cúlra i gcás substaintí arb ann dóibh go nádúrtha agus gar do nialas i gcás substaintí sintéiseacha de dhéantús an duine.';

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (24):

'(24) Ciallaíonn 'Stádas ceimiceach maith san uisce dromchla' an stádas ceimiceach is gá chun na cuspóirí comhshaoil le haghaidh uiscí dromchla a chomhlíonadh, ar cuspóirí iad a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (a), den Treoir seo, is é sin, an stádas ceimiceach arna ghnóthú ag dobharlach dromchla nach sáraíonn tiúchain truailleán iontu na caighdeáin cáilíochta comhshaoil le haghaidh substaintí tosaíochta a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus na caighdeáin cáilíochta comhshaoil le haghaidh truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha agus a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 8(2), pointe (c), agus Airteagal 8d(1) den Treoir sin.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (30):

'(30) Ciallaíonn 'substaintí tosaíochta' substaintí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE, is é sin, substaintí lena

---

[31] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

mbaineann riosca substaintiúil don timpeallacht uisceach nó tríd an timpeallacht sin i gcion ard de na Ballstáit.';

(c) cuirtear pointí (30a) agus (30b) seo a leanas isteach:

'(30a) Ciallaíonn 'substaintí guaiseacha tosaíochta' substaintí tosaíochta a dhéantar a mharcáil mar 'ghuaiseach' ar an mbonn go n- aithnítear i dtuarascálacha eolaíocha iad, i reachtaíocht ábhartha an Aontais nó i gcomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, mar shubstaintí tocsaineacha, marthanacha, is dócha a bhithcharnfar nó as a n- eascraíonn leibhéal imní coibhéiseach, i gcás inarb ábhartha an imní sin don timpeallacht uisceach.

(30b) Ciallaíonn 'truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha' truailleáin nach sainaithnítear nó nach sainaithnítear a thuilleadh mar shubstaintí tosaíochta ach a shainaithníonn na Ballstáit, ar bhonn an mheasúnaithe ar bhrúnna agus ar thionchair ar dhobharlaigh dhromchla arna ndéanamh i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo, mar shubstaintí lena mbaineann riosca substaintiúildon timpeallacht uisceach nó tríd an timpeallacht sin laistigh dá gcríoch.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (35):

'(35) Ciallaíonn 'caighdeán cáilíochta comhshaoil' tiúchan truailleáin áirithe nó grúpa truailleán áirithe in uisce, dríodar nó bithra nach bhfuil le sárú chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint nó luach truicir maidir leis an éifeacht dhíobhálach ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol ón truailleán sin nó ón ngrúpa truailleán sin, tiúchan arna thomhas agus modh éifeachtbhunaithe iomchuí á úsáid.';

* Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosc agus rialú ar thruailliú uisce dromchla, lena leasaítear agus lena n- aisghairtear ina dhiaidh sin na Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).';

(3) in Airteagal 3, cuirtear isteach an mhír 4a seo a leanas:

'4a. I gcás imthosca eisceachtúla de thionscnamh nádúrtha nó *force majeure*, go háirithe tuilte foircneacha, tréimhsí triomaigh fada, nó teagmhais truaillithe mhóra, lena bhféadfaí difear a dhéanamh do dhobharlaigh síos an abhainn atá lonnaithe i mBallstáit eile, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na húdaráis inniúla le haghaidh dobharlaigh síos an abhainn sna Ballstáit sin, mar aon leis an gCoimisiún, ar an eolas láithreach agus go gcuirfear an comhar is gá ar bun chun na cúiseanna a imscrúdú agus chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na n- imthosca eisceachtúla nó na dteagmhas.';

(4) Leasaítear Airteagal 4(1) mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iv):

'(iv) cuirfidh na Ballstáit na bearta is gá chun feidhme chun laghdú a dhéanamh de réir a chéile ar an truailliú ó shubstaintí tosaíochta agus ó thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha, agus chun scor

d'astaíochtaí, den sceitheadh, agus de chaillteanais substaintí guaiseacha tosaíochta nó deireadh a chur leo de réir a chéile.';

(b) i bpointe (b)(iii), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Cuirfear bearta chun feidhme chun aisiompú treochta a ghnóthú i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2006/118/CE agus le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin, faoi réir míreanna 6 agus 7 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm agus gan dochar do mhír 8 den Airteagal seo.';

(5) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. I gcás gach dobharlaigh a shainaithnítear faoi mhír 1, i dteannta cuspóirí Airteagal 4 a chomhlíonadh i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo maidir le dobharlaigh dhromchla lena n- áirítear na caighdeáin cháilíochta a leagtar síos ar leibhéal an Aontais, áiritheoidh na Ballstáit i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, go gcomhlíonfaidh an t-uisce atá faoi réir an chórais cóireála uisce a chuirtear i bhfeidhm, ceanglais Threoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

* Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1)';

(6) Leasaítear Airteagal 8 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun sonraíochtaí teicniúla agus modhanna caighdeánaithe a leagan amach chun anailís agus faireachán a dhéanamh ar an stádas uisce i gcomhréir le hIarscríbhinn V agus chun formáidí a leagan síos chun sonraí faireacháin agus stádais a thuairisciú i gcomhréir le mír 4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2).';

(b) cuirtear an mhír 4 agus an mhír 5 seo a leanas leis:

'4. Maidir leis na sonraí faireacháin aonair atá ar fáil agus a bhailítear i gcomhréir le pointe 1.3.4 d'Iarscríbhinn V agus maidir leis an stádas a eascróidh as sin i gcomhréir le hIarscríbhinn V, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ar fáil don phobal agus don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) iad go leictreonach ar a laghad uair sa bhliain i bhformáid mheaisín- inléite i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** agus Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***. Chun na gcríoch sin, úsáidfidh na Ballstáit na formáidí a leagtar síos i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo.

5. Áiritheoidh EEA go ndéanfar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil i gcomhréir le mír 4 a phróiseáil agus a anailísiú go tráthrialta chun í a chur ar fáil trí thairseacha ábhartha an Aontais, lena hathúsáid ag an gCoimisiún agus ag gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais agus chun faisnéis a sholáthar don Choimisiún, na Ballstáit agus an pobal a bheidh cothrom le dáta, oibiachtúil,

iontaofa agus inchomparáide, go háirithe maidir le stádas, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****.

* Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil agus lena n- aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

** Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

*** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

**** Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus maidir leis an nGréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol (IO L 126, 21.5.2009, lch. 13).';

(7) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Chun na cuspóirí, caighdeáin cháilíochta agus tairseacha a chomhlíonadh a leagtar síos de bhun na Treorach seo, áiritheoidh na Ballstáit go leagfar síos agus go gcuirfear na nithe seo a leanas chun feidhme:

(a) rialuithe astaíochtaí bunaithe ar na teicnící is fearr atá ar fáil;

(b) teorainnluachanna astaíochtaí ábhartha;

(c) i gcás tionchar idirleata, rialuithe lena n- áirítear, de réir mar is iomchuí, na dea- chleachtais chomhshaoil mar a leagtar amach sna Treoracha seo a leanas:

– Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;
– Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;
– Treoir 91/271/CEE ón gComhairle***;
– Treoir 91/676/CEE ón gComhairle****;
– agus in aon reachtaíocht eile ón Aontas atá ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú poncfhoinse nó idirleata.

* Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71).

***Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

*** Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

**** Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta, (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcás ina gceanglófar coinníollacha níos déine le cuspóir cáilíochta, caighdeán cáilíochta nó tairseach, cibé acu a leagtar síos síos iad de bhun na Treorach seo, de bhun Threoracha 2006/118/CE nó 2008/105/CE, nó de bhun aon reachtaíochta eile de chuid an Aontais, coinníollacha atá níos déine ná na coinníollacha sin a d'eascródh as cur i bhfeidhm mhír 2, leagfar rialuithe astaíochtaí níos déine síos dá réir.';

(8) in Airteagal 11(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (k):

'(k) bearta chun deireadh a chur le truailliú uiscí dhromchla ó shubstaintí guaiseacha tosaíochta agus chun laghdú a dhéanamh de réir a chéile ar an truailliú ó shubstaintí eile lena gcuirfí bac ar na Ballstáit na cuspóirí comhshaoil a ghnóthú le haghaidh na ndobharlach dromchla, cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4;';

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

*Airteagal 12*

**Fadhbanna nach féidir déileáil leo ar leibhéal na mBallstát**

1. I gcás ina sainaithneoidh Ballstát fadhb ag a bhfuil tionchar ar bhainistíocht an uisce atá aige ach nach féidir leis an mBallstát sin í a réiteach, tabharfaidh sé fógra faoin bhfadhb don Choimisiún agus d'aon Bhallstát eile lena mbaineann agus déanfaidh moltaí maidir leis an bhfadhb a réiteach.

2. Rachaidh na Ballstáit lena mbaineann i gcomhar le chéile chun foinsí na bhfadhbanna dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint mar aon leis na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin.

Freagróidh na Ballstáit dá chéile go tráthúil, agus tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis fógra a fháil ó Bhallstát eile i gcomhréir le mír 1.

(10) 3. Cuirfear an Coimisiún ar an eolas faoi aon chomhar dá dtagraítear i mír 2 agus iarrfar ar an gCoimisiún cúnamh a thabhairt leis an gcomhar sin. I gcás inarb iomchuí, measfaidh an Coimisiún, agus na tuarascálacha arna leagan síos de bhun Airteagal 13 á gcur san áireamh, cé acu is gá nó nach gá tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun na tionchair thrasteorann ar dhobharlaigh a laghdú.';

(11) in Airteagal 15, scriostar mír 3;

(12) scriostar Airteagail 16 agus 17;

(13) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) achoimre ar aon togra, bheart rialaithe agus straitéis chun truailliú ceimiceach a rialú nó chun scor de shubstaintí guaiseacha tosaíochta nó deireadh a chur leo de réir a chéile;';

(b) scriostar mír 4;

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

*'Airteagal 20*

**Oiriúnuithe teicniúla agus an Treoir seo a chur chun feidhme**

'1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20a chun Iarscríbhinní I agus III agus roinn 1.3.6 d'Iarscríbhinn V a leasú chun na ceanglais maidir le faisnéis a bhaineann le húdaráis inniúla, ábhar na hanailíse eacnamaíche agus na caighdeáin faireacháin roghnaithe, faoi seach, a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20a chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na luachanna a chinneadh a leagtar síos le haghaidh aicmithe chóras faireacháin an Bhallstáit i gcomhréir leis an nós imeachta um idirchalabrú a leagtar amach i bpointe 1.4.1 d'Iarscríbhinn V.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na formáidí teicniúla a leagan amach maidir leis na sonraí, dá dtagraítear in Airteagal 8(4), a tharchur. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2). Nuair a bheidh na formáidí sin á leagan síos, tabharfaidh EEA cúnamh don Choimisiún, i gcás inar gá sin';

(15) cuirtear an tAirteagal 20a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 20a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 20(1) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinntithe ó [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 20(1) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe arna n- ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 20(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí i ndiaidh fógra faoin ngníomh sin a thabhairt

do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon i ndiaidh a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.';

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21:

*Airteagal 21*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bheidh sa choiste sin*.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm Airteagal 5(4), an tríú fomhír de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).';

(17) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Na cuspóirí comhshaoil in Airteagal 4, na caighdeáin cáilíochta comhshaoil a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE agus na tairseacha maidir le truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha a leagtar síos de bhun Airteagail 8 agus 8d den Treoir sin, measfar gur caighdeáin cáilíochta comhshaoil iad chun críocha Threoir 2010/75/AE.';

(18) Leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo;

(19) i gCuid A d'Iarscríbhinn VII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 7.7:

'7.7. achoimre ar na bearta arna ndéanamh chun astaíochtaí na substaintí tosaíochta a laghdú agus chun deireadh a chur de réir a chéile le hastaíochtaí substaintí guaiseacha tosaíochta;';

(20) Leasaítear Iarscríbhinn VIII i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo;

(21) Scriostar Iarscríbhinn X.

*Airteagal 2*

*Leasuithe ar Threoir 2006/118/CE*

Leasaítear Treoir 2006/118/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le truailliú screamhuisce a chosc agus a rialú';

(2) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Leagtar bearta sonracha síos leis an Treoir seo chun truailliú screamhuisce a chosc agus a rialú, bearta arb é is aidhm dóibh na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (b), de Threoir 2000/60/CE a ghnóthú. Áirítear ar na bearta sin an méid seo a leanas:

(a) critéir chun measúnú a dhéanamh ar stádas ceimiceach maith sa screamhuisce;

(b) critéir chun treochtaí marthanacha móra in airde a shainaithint agus a aisiompú agus chun túsphointí aisiompuithe treochta a shainmhíniú.’;

(3) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

‘(2) ciallaíonn ‘luach tairsí’ caighdeán cáilíochta screamhuisce a leagann na Ballstáit síos i gcomhréir le hAirteagal 3(1), pointe (b), nó ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 8(3);’;

(4) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i mír 1, an chéad fhomhír, cuirtear an pointe (c) seo a leanas leis:

‘(c) luachanna tairsí a leagtar síos ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 8(3) agus a liostaítear i gCuid D d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Luachanna tairsí dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), féadfar iad a leagan síos ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an cheantair abhantraí nó an chuid den cheantar abhantraí idirnáisiúnta atá laistigh de chríoch an Bhallstáit, nó ar leibhéal dobharlaigh nó grúpa de dhobharlaigh screamhuisce.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Na luachanna tairsí uile dá dtagraítear i mír 1, foilseofar iad sna pleananna bainistíochta abhantraí atá le táirgeadh faoi Airteagal 13 de Threoir 2000/60/CE, in éineacht le hachoimre ar an bhfaisnéis a leagtar amach i gCuid C d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo.

Déanfaidh na Ballstáit, faoi [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorachseo], an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) a chur ar an eolas faoi na luachanna tairsí náisiúnta dá dtagraítear i mír 1, pointe (b). Cuirfidh ECHA an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.’;

(d) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Leasóidh na Ballstáit an liosta luachanna tairsí a chuirtear i bhfeidhm ina gcríoch nuair a léiríonn faisnéis nua ar thruailleáin, grúpaí truailleán nó táscairí truailleán gur gá luach tairsí a leagan síos le haghaidh substaint bhreise, gur gá luach tairsí atá ann cheana a mhodhnú, nó gur gá luach tairsí a baineadh den liosta roimhe a chur isteach an athuair. Má leagtar luachanna tairsí síos nó má leasaítear ar leibhéal an Aontais iad, oiriúnóidh na Ballstáit an liosta luachanna tairsí a chuirtear i bhfeidhm ina gcríoch do na luachanna sin. ’;

(5) in Airteagal 4(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) na luachanna le haghaidh na gcaighdeán cáilíochta screamhuisce a liostaítear in Iarscríbhinn I agus na luachanna tairsí dá dtagraítear i Airteagal 3(1), pointí (b) agus (c), ní sháraítear iad ag aon phointe faireacháin sa dobharlach nó sa ghrúpa dobharlach screamhuisce sin; nó’;

(6) cuirtear an tAirteagal 6a seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 6a*

**Liosta faire**

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun liosta faire substaintí a bhunú, ag féachaint do thuarascálacha eolaíocha a ullmhaíonn ECHA, ar substaintí iad dá bhfuil sonraí faireacháin uile-Aontais le bailiú ag na Ballstáit agus chun na formáidí a leagan síos a bheidh le húsáid ag na Ballstáit chun torthaí an fhaireacháin sin agus faisnéis ghaolmhar a thuairisciú don Choimisiún. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9(2).

Beidh cúig shubstaint nó ghrúpa substaintí ar a mhéad sa liosta faire agus léireoidh sé na maitrísí faireacháin agus na modhanna anailíse a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh gach substainte. Na maitrísí agus modhanna faireacháin sin, ní bheidh costais iomarcacha i gceist leo le haghaidh na n- údarás inniúil. Na substaintí a bheidh le háireamh ar an liosta faire, roghnófar iad as measc na substaintí sin lena léirítear leis an bhfaisnéis atá ar fáil go bhféadfadh riosca substaintiúil a bheith ag baint leo ar leibhéal an Aontais don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht uisceach, agus nach leordhóthanach sonraí faireacháin lena n- aghaidh. Áireofar substaintí ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad ar an liosta faire sin.

A luaithe a shainaithneofar modhanna faireacháin oiriúnacha forbartha le haghaidh micreaphlaistigh agus géinte frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí áirithe , áireofar na substaintí sin ar an liosta faire.

Ullmhóidh ECHA tuarascálacha eolaíocha chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún na substaintí le haghaidh an liosta faire a roghnú, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(a) Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus torthaí an athbhreithnithe is déanaí ar an Iarscríbhinn sin;

(b) na liostaí faire a bunaíodh i gcomhréir le Treoir 2008/105/CE agus le Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

(c) ceanglais chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú ithreach, lena n- áirítear sonraí faireacháin gaolmhara;

(d) Saintréithriú na gceantar abhantraí a dhéanann na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2000/60/CE agus torthaí na gclár faireacháin a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 8 den Treoir sin;

(e) faisnéis ar mhéideanna táirgeachta, patrúin úsáide, airíonna intreacha (lena n- áirítear soghluaisteacht in ithreacha agus, i gcás inarb ábhartha, méid cáithnín), tiúchain sa chomhshaol agus éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an timpeallacht uisceach de dheasca substaint áirithe nó grúpa substaintí áirithe, lena n- áirítear faisnéis a bhailítear i gcomhréir le Rialachán (CE) 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle***, Rialachán (CE) 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****, Rialachán (AE) 528/2012 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*****, Rialachán (AE) 2019/6 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle******, Treoir 2001/83/CE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle******* agus Treoir 2009/128/CE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle********;

(f) tionscadail taighde agus foilseacháin eolaíocha, lena n- áirítear faisnéis faoi threochtaí agus tuartha bunaithe ar an samhaltú nó ar mheasúnuithe réamhfháistineacha eile agus sonraí agus faisnéis ó theicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí *in- situ*, nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a thagann leis an intleacht shaorga, anailís agus próiseáil ardleibhéil sonraí a ghiaráil;

(g) moltaí ó pháirtithe leasmhara.

Gach 3 bliana, ullmhóidh ECHA tuarascáil ina dtabharfar achoimre ar thorthaí na dtuarascálacha eolaíocha a leagtar síos faoin gceathrú fomhír, agus cuirfidh sé an tuarascáil sin ar fáil go poiblí. Cuirfear an chéad tuarascáil ar fáil faoin X [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den aonú mí agus fiche tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

2. Bunófar liosta faire faoin .. [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Tabharfar an liosta faire cothrom le dáta gach 36 mhí dá éis sin.

Agus an liosta faire á thabhairt cothrom le dáta aige, bainfidh an Coimisiún aon substaint nó aon ghrúpa substaintí den liosta faire atá ann cheana, a mheasann sé gur féidir measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis don timpeallacht uisceach gan sonraí faireacháin breise. Nuair a bheidh an liosta faire tugtha cothrom le dáta, féadfar substaint aonair nó grúpa substaintí a choimeád ar an liosta faire ar feadh tréimhse 3 bliana eile i gcás inar gá sonraí faireacháin breise chun measúnú a dhéanamh ar an riosca don timpeallacht uisceach. Áireofar freisin ar an liosta faire a bheidh tugtha cothrom le dáta substaint bhreise amháin nó níos mó ná sin a measann an Coimisiún, ag féachaint do thuarascálacha eolaíocha ECHA, go bhféadfadh riosca a bheith ann don timpeallacht uisceach.

3. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar gach substaint nó ar gach grúpa substaintí sa liosta faire ag stáisiúin faireacháin ionadaíocha roghnaithe ar feadh tréimhse 24 mhí. Cuirfear tús leis an tréimhse faireacháin laistigh de 6 mhí ó bhunú an liosta faire.

Roghnóidh gach Ballstát stáisiún faireacháin amháin ar a laghad, móide an líon stáisiún atá cothrom lena limistéar iomlán de dhobharlaigh screamhuisce in km2 arna roinnt ar 60 000 (arna slánú chuig an slánuimhir is gaire).

Agus na stáisiúin faireacháin ionadaíocha á roghnú, mar aon le minicíocht an fhaireacháin agus an t- uainiú séasúrach le haghaidh gach substainte nó grúpa substaintí, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na patrúin úsáide agus tarlú féideartha na substainte nó an ghrúpa substaintí. Ní bheidh an mhinicíocht faireacháin níos lú ná uair sa bhliain.

I gcás ina mbeidh Ballstát in ann sonraí faireacháin ionadaíocha, inchomparáide, leordhóthanacha a taifeadadh le déanaí a ghiniúint le haghaidh substaint áirithe nó grúpa substaintí áirithe ó chláir nó ó staidéir faireacháin atá ann cheana, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh gan faireachán breise a dhéanamh faoin sásra liosta faire le

haghaidh na substainte sin nó an ghrúpa substaintí sin, ar choinníoll go ndearnadh faireachán ar an tsubstaint nó ar an ngrúpa substaintí agus trí bhíthin modheolaíocht a chomhlíonann na maitrísí faireacháin agus na modhanna anailíse dá dtagraítear sa ghníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an liosta faire.

4. Cuirfidh na Ballstáit torthaí an fhaireacháin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Threoir 2000/60/CE agus i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an liosta faire mar a ghlactar de bhun mhír 1. Cuirfidh siad faisnéis ar fáil freisin faoi ionadaíochas na stáisiún faireacháin agus faoin straitéis faireacháin.

5. Déanfaidh ECHA athbhreithniú ar na torthaí faireacháin ag deireadh na tréimhse 24 mhí dá dtagraítear i mír 3 agus déanfaidh siad measúnú ar na substaintí nó ar na grúpaí substaintí is gá faireachán a dhéanamh orthu ar feadh tréimhse 24 mhí eile agus dá bhrí sin atá le coimeád ar an liosta faire agus cé na substaintí nó na grúpaí substaintí is féidir a bhaint den liosta faire.

I gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid, ag féachaint don mheasúnú a dhéanann ECHA dá dtagraítear sa chéad fhomhír, nach gá aon fhaireachán eile a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh a thuilleadh ar an riosca don timpeallacht uisceach, cuirfear an measúnú sin san áireamh san athbhreithniú ar Iarscríbhinn I nó II dá dtagraítear in Airteagal 8.

* Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosc agus rialú ar thruailliú uisce dromchla, lena leasaítear agus lena n- aisghairtear ina dhiaidh sin na Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

** Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1).

*** Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Measúnú, Údarú agus Teorannú Ceimiceán (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

**** Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

***** Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicíde a chur ar fáil sa mhargadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

****** Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

******* Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n- úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

******** Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71).

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'*Airteagal 8*

**Athbhreithniú ar Iarscríbhinní I go IV**

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, den chéad uair faoin … [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 6 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach 6 bliana ina dhiaidh sin, ar an liosta truailleán a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus ar na caighdeáin cháilíochta le haghaidh na dtruailleán sin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, mar aon leis an liosta truailleán agus na táscairí a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn II.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 8a, chun Iarscríbhinn I a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil trí thruailleáin screamhuisce agus caighdeáin cháilíochta a chur isteach nó a bhaint le haghaidh na dtruailleán sin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin agus chun Cuid B a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíocht trí thruailleáin nó táscairí a chur leis nach mór do na Ballstáit cuimhneamh ar thairseacha náisiúnta a leagan síos ina leith.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a chun Cuid D d'Iarscríbhinn II a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil trí luachanna tairsí comhchuibhithe a chur isteach nó a leasú le haghaidh truailleán amháin nó níos mó a liostaítear i gCuid B den Iarscríbhinn sin.

4. Agus gníomhartha tarmligthe a dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 á nglacadh ag an gCoimisiún, cuirfidh sé na tuarascálacha eolaíocha a ullmhaíonn ECHA de bhun mhír 6 den Airteagal seo san áireamh.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8a chun leasú a dhéanamh ar Chodanna A agus C d'Iarscríbhinn II agus ar Iarscríbhinní III agus IV chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

6. Chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir leis an athbhreithniú ar Iarscríbhinní I agus II, ullmhóidh ECHA tuarascálacha eolaíocha. Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh sna tuarascálacha sin:

(a) tuairim an Choiste um Measúnú Riosca agus an Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch de chuid ECHA;

(b) torthaí na gclár faireacháin a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2000/60/CE;

(c) na sonraí faireacháin a bhailítear i gcomhréir le hAirteagal 6a(4) den Treoir seo;

(d) toradh na n- athbhreithnithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2008/105/CE agus le Treoir (AE) 2020/2184;

(e) faisnéis agus ceanglais chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú ithreach;

(f) cláir thaighde agus foilseacháin eolaíocha ón Aontas, lena n- áirítear faisnéis a eascraíonn as teicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus gairis *in- situ* agus/nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a thagann leis an intleacht shaorga, anailís agus próiseáil ardleibhéil sonraí a ghiaráil;

(g) barúlacha agus faisnéis ó pháirtithe leasmhara ábhartha.

6. Gach 6 bliana, ullmhóidh ECHA tuarascáil, agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí í, tuarascáil ina dtabharfar achoimre ar thorthaí an athbhreithnithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3. Cuirfear an chéad tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin an ... [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

(8) cuirtear an tAirteagal 8a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 8a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(1) agus (2) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinntithe ó [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) agus (2) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe a ainmníonn gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 .

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(1) nó (2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí i ndiaidh fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon i ndiaidh a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear tréimhse 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.';

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

'*Airteagal 9*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bheidh sa choiste sin*.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.';

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).';

(10) scriostar Airteagal 10;

(11) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn I;

(12) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir seo;

(13) in Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2(c):

'(c) aon fhaisnéis ábhartha eile lena n- áirítear comparáid idir meántiúchan uimhríochtúil bliantúil na dtruailleán ábhartha ag pointe faireacháin agus na caighdeáin cáilíochta screamhuisce a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus na luachanna tairsí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (b) agus (c).';

(14) in Iarscríbhinn IV, cuid B, pointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'is é an túsphointe a bheidh ann chun bearta a chur chun feidhme, d'fhonn treochtaí marthanacha móra in airde a aisiompú, an tráth a shroichfidh tiúchan an truailleáin 75 % de luachanna paraiméadracha na gcaighdeán cáilíochta screamhuisce a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus de na luachanna tairsí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (b) agus (c), ach amháin i gcás:'.

*Airteagal 3*

*Leasuithe ar Threoir 2008/105/CE*

Leasaítear Treoir 2008/105/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le cosc agus rialú ar thruailliú uisce dromchla, lena leasaítear agus lena n- aisghairtear ina dhiaidh sin na Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle';

(2) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i mír 1a, an chéad fhomhír, cuirtear an pointe (iii) seo a leanas léi:

‘(iii) na substaintí a uimhrítear 5, 9, 13, 15, 17, 21, 23, 24, 28, 30, 34, 37, 41, 44 i gCuid A d’Iarscríbhinn I, dár leagan síos EQS athbhreithnithe, agus na substaintí nua- aitheanta a uimhrítear 46 go 70 i gCuid A d’Iarscríbhinn I, le héifeacht ón ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Treorach seo], agus é d’aidhm aige sin meath ar stádas ceimiceach dobharlach dromchla a chosc agus stádas ceimiceach maith san uisce dromchla a bhaint amach i ndáil leis na substaintí sin.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Maidir le substaintí a leagtar EQS bithra nó EQS dríodair síos ina leith i gCuid A d’Iarscríbhinn I, cuirfidh na Ballstáit an EQS bithra nó an EQS dríodair sin i bhfeidhm.

Maidir le substaintí seachas iad siúd dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfidh na Ballstáit EQS uisce i bhfeidhm a leagtar síos i gCuid A d’Iarscríbhinn I.’;

(c) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte sa chéad fhomhír:

‘Déanfaidh na Ballstáit socruithe le haghaidh na hanailíse treochta fadtéarmaí ar thiúchain na substaintí tosaíochta sin a shainaithnítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I mar shubstaintí is dócha a charnfaidh i ndríodar agus/nó i mbithra, ar bhonn faireacháin ar dhríodar nó ar bhithra mar chuid den fhaireachán ar an stádas uisce dromchla a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2000/60/CE.’;

(d) scriostar mír 7;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

’8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a chun Cuid B, pointe 3, d’Iarscríbhinn I a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch nó teicniúil.’;

(3) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ar bhonn na faisnéise a bhailítear i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 8 de Threoir 2000/60/CE, agus sonraí eile atá ar fáil, bunóidh na Ballstáit fardal, lena n- áirítear léarscáileanna, más infhaighte, d’astaíochtaí, sceitheadh agus caillteanais gach substainte tosaíochta dá liostaítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus de na truailleáin uile a liostaítear i gCuid A d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo le haghaidh gach ceantar abhantraí nó cuid de cheantar abhantraí atá laistigh dá chríoch, lena n- áirítear a dtiúchain i ndríodair agus i mbithra, de réir mar is iomchuí.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le hastaíochtaí, sceitheadh ná caillteanais a thuairiscítear don Choimisiún go leictreonach i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[+]. ’;

(b) scriostar míreanna 2 agus 3;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

---

[+] OP: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COM (2022) 157

[++] Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COM (2022) 157

[+++] OP: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad COM (2022) 157

‘4. Tabharfaidh na Ballstáit a bhfardail cothrom le dáta mar chuid de na hathbhreithnithe ar na hanailísí a shonraítear in Airteagal 5(2) de Threoir 2000/60/CE agus áiritheoidh maidir leis na hastaíochtaí nach dtuairiscítear don Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha arna bunú faoi Rialachán (AE) ../.. ++, go bhfoilseofar iad ina bpleananna bainistíochta abhantraí mar a thugtar cothrom le dáta iad i gcomhréir le hAirteagal 13(7) den Treoir sin.

An tréimhse thagartha chun na luachanna a leagan síos sna fardail a thabharfar cothrom le dáta, is í sin an bhliain roimh an mbliain ina mbeidh na hanailísí dá dtagraítear sa chéad fhomhír le cur i gcrích.

Le haghaidh substaintí tosaíochta nó truailleáin a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, féadfar na hiontrálacha a ríomh mar mheán na 3 bliana roimh chur i gcrích na hanailíse dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Le haghaidh astaíochtaí poncfhoinse nach dtuairiscítear i gcomhréir le Rialachán (AE) ../… +++, toisc nach dtagann siad ar fad faoi raon feidhme an Rialacháin sin nó toisc go bhfuil siad faoi bhun na dtairseacha tuairiscithe bliantúla a leagtar amach sa Rialachán sin, comhlíonfar an oibleagáid tuairiscithe a leagtar amach sa chéad fhomhír den Airteagal seo trí thuairisciú leictreonach don Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha arna bunú faoin Rialachán sin.

Glacfaidh an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, gníomh cur chun feidhme lena leagfar síos formáid, leibhéal gráinneachta agus minicíocht an tuairiscithe dá dtagraítear sa cheathrú fomhír. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9(2).’;

(d) scriostar mír 5;

(4) In Airteagal 7a(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘1. Le haghaidh substaintí tosaíochta a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, nó faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, Threoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** nó Threoir 2010/75/AE, déanfaidh an Coimisiún, mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 18(1) de Threoir 2000/60/CE, measúnú ar cé acu atá na bearta atá ar bun ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát leordhóthanach chun na caighdeáin cáilíochta comhshaoil (EQS) le haghaidh substaintí tosaíochta a bhaint amach agus chun scor de sceití, astaíochtaí agus caillteanais substaintí guaiseacha tosaíochta nó deireadh a chur de réir a chéile lena leithéid i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (a), de Threoir 2000/60/CE.

* Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

** Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n- úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

*** Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71).;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

*'Airteagal 8*

**Athbhreithniú ar Iarscríbhinní I agus II**

'1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, den chéad uair faoin … [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 6 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach 6 bliana ina dhiaidh sin, ar an liosta substaintí tosaíochta agus EQS comhfhreagrach le haghaidh na substaintí sin a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn I agus an liosta truailleán a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn II.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ag féachaint do na tuarascálacha eolaíochta a ullmhaíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) de bhun mhír 6 den Airteagal seo, i gcomhréir le hAirteagal 9a chun Iarscríbhinn I a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil ar na bealaí seo a leanas:

(a) substaintí a chur leis an liosta substaintí tosaíochta nó substaintí a bhaint de;

(b) substaintí áirithe a ainmniú nó a dhí- ainmniú mar shubstaintí guaiseacha tosaíochta agus/nó mar shubstaintí Marthanacha, Bithcharnacha agus Tocsaineacha uileláithreacha (uPBTanna) agus/nó mar shubstaintí a bhailíonn i ndríodar agus/nó i mbithra sa liosta sin;

(c) caighdeán cáilíochta comhshaoil comhfhreagrach a shocrú le haghaidh uisce dromchla, dríodair nó bithra, de réir mar is iomchuí.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ag féachaint do na tuarascálacha eolaíochta a ullmhaíonn ECHA de bhun mhír 6 den Airteagal seo, i gcomhréir le hAirteagal 9a chun Iarscríbhinn II a leasú chun é a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil ar na bealaí seo a leanas:

(a) truailleáin a chur leis an liosta catagóirí truailleán a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn II nó a bhaint de;

(b) an mhodheolaíocht a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn II a nuashonrú;

(c) na truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha a liostú i gCuid C d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo, truailleáin ar shuigh sé nach mór EQS a leagtar síos ar leibhéal an Aontais a chur i bhfeidhm ina leith, i gcás inarb ábhartha, chun cur chun feidhme comhchuibhithe agus eolaíocht- bhunaithe na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoir 2000/60/CE a áirithiú, agus trí EQS comhfhreagrach i gcomhair na dtruailleán sin a liostú i gCuid C d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo.

4. Nuair a bheidh truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha á sainaithint ag an gCoimisiún, truailleáin a d'fhéadfadh sé gur gá EQS a leagan amach ina leith ar leibhéal an Aontais, ní mór don Choimisiún na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

(a) an riosca atá i gceist leis na truailleáin sin, lena n- áirítear an ghuais a bhaineann leo, a dtiúchain chomhshaoil agus an tiúchan a mbeadh coinne le héifeachtaí os a chionn;

(b) an neamhionannas idir EQS náisiúnta a shocraíonn Ballstáit éagsúla le haghaidh truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha agus a mhéid is féidir bonn cirt a thabhairt leis an neamhionannas sin;

(c) líon na mBallstát a chuireann EQS i bhfeidhm cheana féin maidir leis na truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha faoi bhreithniú.

5. Substaintí tosaíochta a baineadh, de thoradh an athbhreithnithe dá dtagraítear i mír 1, ón liosta substaintí tosaíochta toisc nach mbaineann riosca uile-Aontais leo a thuilleadh, cuirfear na substaintí sin san áireamh i gCuid C d'Iarscríbhinn II, lena liostaítear na truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha agus EQS comhchuibhithe lena mbaineann atá le cur chun feidhme i gcás inar ábhar imní náisiúnta agus réigiúnach iad na truailleáin, i gcomhréir le hAirteagal 8d.

6. Chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir leis an athbhreithniú ar Iarscríbhinní I agus II, ullmhóidh ECHA tuarascálacha eolaíocha. Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh sna tuarascálacha eolaíochta sin:

(a) tuairimí an Choiste um Measúnú Riosca agus an Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch de chuid ECHA;

(b) torthaí na gclár faireacháin a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2000/60/CE;

(c) na sonraí faireacháin a bhailítear i gcomhréir le hAirteagal 8b(4) den Treoir seo;

(d) toradh na n- athbhreithnithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

(e ) ceanglais chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú ithreach, lena n- áirítear na sonraí faireacháin lena mbaineann;

(f) cláir thaighde agus foilseacháin eolaíochta ón Aontas, lena n- áirítear faisnéis a eascraíonn as teicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí *in- situ* agus/nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a thagann leis an intleacht shaorga, anailís agus próiseáil ardleibhéil sonraí a ghiaráil;

(e) barúlacha agus faisnéis ó pháirtithe leasmhara ábhartha.

7. Gach 6 bliana, ullmhóidh ECHA tuarascáil, a chuirfidh sé ar fáil go poiblí, ina dtabharfar achoimre ar thorthaí na dtuarascálacha eolaíocha a bhunaítear faoi mhír 6. Cuirfear an chéad tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin an ... [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

* Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le truailliú screamhuisce a chosc agus a rialú (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19).

** Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1).';

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8a:

*‘Airteagal 8a*

**Forálacha sonracha maidir le substaintí áirithe**

1. Sna pleananna bainistíochta abhantraí a tháirgtear i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2000/60/CE, gan dochar do cheanglais Roinn 1.4.3 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin maidir le cur i láthair an stádais cheimicigh fhoriomláin agus na cuspóirí agus na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 4(1), pointe (a) den Treoir sin, féadfaidh na Ballstáit léarscáileanna breise a sholáthar ina léireofar an fhaisnéis maidir le stádas ceimiceach ceann amháin nó níos mó de na substaintí seo a leanas, ar leithligh ón bhfaisnéis faoi na substaintí eile a shainaithnítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo:

(a) substaintí a shainaithnítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I mar shubstaintí a iompraíonn iad féin amhail substaintí marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha uileláithreacha (uPBTanna);

(b) substaintí a sainaithníodh den chéad uair san athbhreithniú is déanaí i gcomhréir le hAirteagal 8;

(c) substaintí ar leagadh síos EQS níos déine ina leith san athbhreithniú is déanaí i gcomhréir le hAirteagal 8.

Féadfaidh na Ballstáit méid aon imeachta ó luach EQS le haghaidh na substaintí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), a chur i láthair sna pleananna bainistíochta abhantraí a tháirgtear i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2000/60/CE. I gcás Ballstáit a sholáthraíonn léarscáileanna breise dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féachfaidh siad le hidir-inchomparáideacht a áirithiú ar leibhéal an abhantraigh agus ar leibhéal an Aontais agus cuirfidh siad na sonraí a chur ar fáil i gcomhréir le Treoir 2003/4/CE, Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**.

2. Féadfaidh na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar shubstaintí a shainaithnítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I mar shubstaintí a iompraíonn iad féin amhail substaintí marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha uileláithreacha (uPBTanna), ar bhealach níos scaoilte ná mar a éilítear i leith substaintí tosaíochta i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den Treoir seo agus Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE, ar choinníoll go bhfuil an faireachán ionadaíoch agus go bhfuil bonnlíne atá láidir ó thaobh staidrimh de ar fáil maidir le láithreacht na substaintí sin sa timpeallacht uisceach. Mar threoirlíne, i gcomhréir le hAirteagal 3(6), an dara fomhír, den Treoir seo, ba cheart faireachán a dhéanamh gach 3 bliana, ach amháin i gcás ina dtugtar bonn cirt d’eatramh eile mar gheall ar eolas teicniúil agus breithiúnas saineolaithe.

3. Déanfaidh na Ballstáit faireachán le haghaidh substaintí éastraigineacha i ndobharlaigh, agus modhanna faireacháin bunaithe ar éifeacht á n- úsáid acu, ar feadh tréimhse 2 bhliain, ón … [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Déanfaidh siad an faireachán ceithre huaire ar a laghad le linn gach ceann den 2 bhliain ag suíomhanna ina bhfuil faireachán á dhéanamh ar na trí hormón éastraigineacha 7- Béite éastraidé- ól (E2), Éastrón (E1) agus Éastraidé- ól alfa- eitinile (EE2) a liostaítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, agus modhanna anailíseacha traidisiúnta á n- úsáid i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2000/60/CE agus Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin. Féadfaidh

na Ballstáit leas a bhaint as an líonra suíomhanna faireacháin arna sainaithint chun faireacháin faireachais a dhéanamh ar dhobharlaigh dhromchla ionadaíocha i gcomhréir le pointe 1.3.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/60/CE.

* Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE), (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

** Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).';

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8b:

*'Airteagal 8b*

**Liosta faire**

'1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun liosta faire substaintí a leagan síos, ag féachaint do thuarascálacha eolaíocha a ullmhaíonn ECHA, ar substaintí iad nach mór sonraí faireacháin uile-Aontais a bhailiú ó na Ballstáit ina leith agus chun na formáidí a leagan síos a bheidh le húsáid ag na Ballstáit chun torthaí an fhaireacháin sin agus faisnéis ghaolmhar a thuairisciú don Choimisiún. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9(2).

Beidh deich substaint nó ngrúpa substaintí ar a mhéad sa liosta faire ag aon uair amháin agus léireoidh sé na maitrísí faireacháin agus na modhanna anailíse féideartha le haghaidh gach substainte. Na maitrísí agus modhanna faireacháin sin, ní bheidh costais iomarcacha i gceist leo le haghaidh na n- údarás inniúil. Na substaintí a bheidh le háireamh ar an liosta faire, roghnófar iad as measc na substaintí sin a léirítear leis an bhfaisnéis atá ar fáil ina leith go bhféadfaidh riosca substaintiúil a bheith ag baint leo ar leibhéal an Aontais don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht uisceach, agus nach leordhóthanach sonraí faireacháin lena n- aghaidh. Beidh substaintí ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad san áireamh ar an liosta faire.

A luaithe a shainaithneofar modhanna faireacháin oiriúnacha le haghaidh micreaphlaistigh agus géinte frithsheasmheastachta frithmhiocróbaí áirithe, áireofar na substaintí sin ar an liosta faire.

Ullmhóidh ECHA tuarascálacha eolaíocha chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún na substaintí le haghaidh an liosta faire a roghnú, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(a) torthaí an athbhreithnithe tráthrialta is déanaí ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo;

(b) moltaí ó na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2008/105/CE;

(c) Saintréithriú na gceantar abhantraí ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2000/60/CE agus torthaí na gclár faireacháin a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 8 den Treoir sin;

(d) faisnéis ar mhéideanna táirgeachta, patrúin úsáide, airíonna intreacha (lena n- áirítear, i gcás inarb ábhartha, méid cáithnín), tiúchain sa chomhshaol agus éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an timpeallacht uisceach i ndáil le substaint áirithe, lena n- áirítear faisnéis a bhailítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, Rialachán (AE) 2019/6, Treoir 2001/83/CE agus Treoir 2009/128/CE;

(e) tionscadail taighde agus foilseacháin eolaíocha, lena n- áirítear faisnéis faoi threochtaí agus tuartha bunaithe ar shamhaltú nó measúnaithe réamhfháistineacha agus sonraí agus faisnéis ó theicneolaíochtaí cianbhraiteachta, faire na cruinne (seirbhísí Copernicus), braiteoirí agus feistí *in- situ*, nó sonraí eolaíochta saoránach, lena ndéantar na deiseanna a thagann leis an intleacht shaorga, anailís agus próiseáil sonraí ar ardleibhéal a ghiaráil.

Gach 3 bliana, ullmhóidh ECHA tuarascáil ina dtabharfar achoimre ar thorthaí na dtuarascálacha eolaíocha a bhunaítear faoin gceathrú fomhír, agus cuirfidh sé an tuarascáil sin ar fáil go poiblí. Cuirfear an chéad tuarascáil ó ECHA ar fáil faoin … [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den aonú mí agus fiche tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

2. Tabharfar an liosta faire sin cothrom le dáta faoin X [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an lá deireanach den tríú mí agus fiche tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], agus gach 36 mí ina dhiaidh sin. Agus an liosta faire á thabhairt cothrom le dáta ag an gCoimisiún, bainfidh sé aon substaint den liosta faire atá ann cheana má mheasann sé gur féidir measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann léi don timpeallacht uisceach gan sonraí faireacháin breise. Nuair a bheidh an liosta faire tugtha cothrom le dáta, féadfar substaint aonair nó grúpa substaintí a choimeád ar an liosta faire ar feadh uastréimhse 3 bliana eile ar a mhéad i gcás inar gá sonraí faireacháin breise chun measúnú a dhéanamh ar an riosca don timpeallacht uisceach. Áireofar freisin ar gach liosta faire a bheidh tugtha cothrom le dáta substaint nua amháin nó níos mó a mheasann an Coimisiún, ar bhonn thuarascálacha eolaíocha ECHA, go bhféadfadh riosca a bheith ann don timpeallacht uisceach dá bharr.

3. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar gach substaint nó ar gach grúpa substaintí sa liosta faire ag stáisiúin faireacháin ionadaíocha roghnaithe ar feadh tréimhse 24 mhí. Cuirfear tús leis an tréimhse faireacháin laistigh de 6 mhí ón tráth a chuirtear an substaint ar an liosta.

Roghnóidh gach Ballstát stáisiún faireacháin amháin ar a laghad, móide stáisiún amháin eile má tá níos mó ná 1 mhilliún cónaitheoir ann, móide an líon stáisiún atá cothrom lena limistéar geografach in km2 arna roinnt ar 60 000 (arna slánú chuig an slánuimhir is gaire), móide an líon stáisiún atá cothrom leis an daonra arna roinnt ar 5 mhilliún (arna slánú chuig an slánuimhir is gaire).

Agus na stáisiúin faireacháin ionadaíocha á roghnú, mar aon le minicíocht an fhaireacháin agus an t- uainiú séasúrach le haghaidh gach substainte nó grúpa substaintí, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na patrúin úsáide agus tarlú féideartha na substainte nó an ghrúpa substaintí. Déanfar an faireachán dhá uair sa bhliain ar a laghad, ach amháin le haghaidh substaintí atá faoi réir éagsúlachtaí aeráide nó séasúracha, ar a ndéanfar faireachán níos minice, mar a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an liosta faire arna ghlacadh de bhun mhír 1.

I gcás ina mbeidh Ballstát in ann sonraí faireacháin ionadaíocha, inchomparáide, leordhóthanacha a taifeadadh le déanaí a ghiniúint agus a sholáthar don Choimisiún i ndáil le substaint áirithe nó grúpa substaintí áirithe ó chláir nó ó staidéir faireacháin atá ann cheana, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh gan faireachán breise a dhéanamh faoin sásra liosta faire le haghaidh na substainte sin nó an ghrúpa substaintí sin, ar choinníoll go ndearnadh faireachán ar an tsubstaint sin nó ar an ngrúpa substaintí sin agus modheolaíocht á húsáid lena gcomhlíontar na maitrísí faireacháin agus na modhanna anailíse dá dtagraítear sa ghníomh cur chun feidhme lenar bunaíodh an liosta faire, chomh maith le Treoir 2009/90/CE*.

4. Cuirfidh na Ballstáit torthaí an fhaireacháin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Threoir 2000/60/CE agus leis an ngníomh cur chun feidhme lenar bunaíodh an liosta faire arna ghlacadh de bhun mhír 1. Cuirfidh siad faisnéis ar fáil freisin faoi ionadaíochas na stáisiún faireacháin agus faoin straitéis faireacháin.

5. Déanfaidh ECHA athbhreithniú ar na torthaí faireacháin ag deireadh na tréimhse 24 mhí dá dtagraítear i mír 3 agus déanfaidh sé measúnú ar na substaintí nó ar na grúpaí substaintí is gá faireachán a dhéanamh orthu ar feadh tréimhse 24 mhí eile agus dá bhrí sin atá le coimeád ar an liosta faire agus cé na substaintí nó na grúpaí substaintí is féidir a bhaint den liosta faire.

I gcás inarb é conclúid an Choimisiúin, ag féachaint don mheasúnú arna dhéanamh ag ECHA dá dtagraítear sa chéad fhomhír, nach gá aon fhaireachán eile a dhéanamh chun tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar an riosca don timpeallacht uisceach, cuirfear an measúnú sin san áireamh san athbhreithniú ar Iarscríbhinn I nó II dá dtagraítear in Airteagal 8.'

* Treoir 2009/90/CE ón gCoimisiún an 31 Iúil 2009 lena leagtar síos, de bhun Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, sonraíochtaí teicniúla maidir le hanailís cheimiceach agus faireachán a dhéanamh ar stádas an uisce (IO L 201, 1.8.2009, lch. 36).';

(8) cuirtear an tAirteagal 8d seo a leanas isteach:

'Airteagal 8d

Truailleáin a Bhaineann go Sonrach le hAbhantracha

'1. Leagfaidh na Ballstáit EQS síos maidir leis na truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha a chumhdaítear leis na catagóirí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo, i gcás ina mbíonn riosca i gceist leis na truailleáin sin do dhobharlaigh i gceann amháin nó níos mó dá gceantair abhantraí bunaithe ar na hanailísí agus na hathbhreithnithe faoi Airteagal 5 de Threoir 2000/60/AE, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo.

Cuirfidh na Ballstáit ECHA ar an eolas faoi EQS dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh ECHA an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

2. I gcás inar bunaíodh EQS le haghaidh truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha ar leibhéal an Aontais agus go liostaítear iad i gCuid C d'Iarscríbhinn II, i gcomhréir le hAirteagal 8, tabharfar tús áite do na EQS sin thar

EQS le haghaidh truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha arna leagan síos ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le mír 1. Cuirfidh na Ballstáit EQS arna leagan síos ar leibhéal an Aontais i bhfeidhm freisin chun a fháil amach an bhfuil riosca i gceist leis na truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn II nó nach bhfuil.

3. Is gá EQS náisiúnta is infheidhme nó EQS arna leagan síos ar leibhéal an Aontais, i gcás inarb ábhartha, a chomhlíonadh chun dea- stádas ceimiceach a bheith ag dobharlach, i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 2(24) de Threoir 2000/60/CE.';

(9) Scriostar Airteagal 10;

(10) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir seo;

(11) Cuirtear Iarscríbhinn II leis, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 4*

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

2. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 6*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH maidir leis an bPACÁISTE FAOI THRUAILLIÚ NIALASACH**

## LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| **Pacáiste faoi thruailliú nialasach:**<br>Áirítear na tograí seo a leanas leis an ráiteas airgeadais reachtach seo:<br>- **Bainistiú comhtháite uisce**: togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce;<br>- **Athbhreithniú ar an treoir maidir le cóireáil an fhuíolluisce uirbigh**: Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (Athmhúnlú ar Threoir 91271/CEE);<br>- **Athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh**: Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasófar Treoir 2004/107/CE i ndáil le harsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin aramatacha iltimthriallacha san aer comhthimpeallach agus Treoir 2008/50/CE maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip; |

### Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| 09 - An Comhshaol & An tAthrú Aeráide |

### Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[1]

☒ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### Cuspóirí

*Cuspóirí ginearálta*

| |
|---|
| 1) Cosaint shaoránaigh agus éiceachórais nádúrtha an Aontais a mhéadú i gcomhréir leis an Straitéis Bhithéagsúlachta agus leis an uaillmhian maidir le Truailliú Nialasach atá leabaithe sa Chomhaontú Glas don Eoraip;<br>2) Éifeachtacht na reachtaíochta a mhéadú agus a hualach riaracháin a laghdú, agus freagairt níos tapúla ar rioscaí a thagann chun cinn a éascú dá bhrí sin;<br>3) An comhshaol agus an tsláinte phoiblí a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha na gceimiceán guaiseach agus an aerthruaillithe. |

[1] Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*Cuspóirí sonracha*

***Bainistiú Comhtháite Uisce:***

1) Na liostaí truailleán lena ndéantar difear don uisce dromchla agus don screamhuisce a thabhairt cothrom le dáta trí shubstaintí a chur leo agus a bhaint díobh agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin cháilíochta a bhaineann le roinnt substaintí atá liostaithe cheana;

2) Feabhas a chur ar thrédhearcacht sonraí, ar an rochtain orthu agus ar athúsáid sonraí, agus cur chun feidhme sna Ballstáit á éascú dá bhrí sin, chomh maith leis an uallach riaracháin a laghdú agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an chreata dhlíthiúil níos leithne ina bpléitear le ceimiceáin;

3) Creat dlíthiúil a sholáthar ar féidir é a ailíniú le torthaí eolaíocha ar bhealach níos gasta agus níos éasca chun freagairt níos praise ar éilleáin ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad;

4) Feabhas a chur ar an bhfaireachán ar mheascáin cheimiceacha chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar a n- éifeachtaí le chéile agus ar an bhfaireachán ar athruithe séasúracha ar thiúchain truailleán;

5) An bealach lena dtugtar aghaidh ar thruailleáin in uisce dromchla agus i screamhuisce a chomhchuibhiú ar fud an Aontais, ós rud é nár bunaíodh aon chaighdeáin cháilíochta ná luach tairsí ar leibhéal an Aontais go dtí seo;

6) Na dálaí a chruthú chun athúsáid uisce a mhéadú agus chun sloda agus dramhaíl a bhainistiú ar bhealach níos fearr, i ndlúthshineirge leis an Rialachán maidir le hathúsáid uisce, an Treoir maidir le Sloda Séarachais agus acquis dramhaíola an Aontais;

***An Treoir maidir le cóireáil an fhuíolluisce uirbigh:***

1) Rannchuidiú le truailliú a shainaithint agus cosc a chur air dul isteach i ngléasraí cóireála fuíolluisce;

2) Truailliú ó chothaithigh (N agus P), micreathruailleáin agus micreaphlaistigh a laghdú a thuilleadh, chomh maith le 'foinsí eile' de thruailliú (forsceitheadh uisce stoirme, uisce uirbeach a ritheann chun srutha, ceirtleáin níos lú agus IAS);

3) Gluaiseacht i dtreo neodracht fuinnimh in earnáil an fhuíolluisce;

4) Na dálaí a chruthú chun athúsáid uisce a mhéadú agus chun sloda agus dramhaíl a bhainistiú ar bhealach níos fearr, i ndlúthshineirge leis an Rialachán maidir le hathúsáid uisce, an Treoir maidir le Sloda Séarachais agus acquis dramhaíola an Aontais;

5) Rochtain ar shláintíocht a fheabhsú, go háirithe do dhaoine leochaileacha agus imeallaithe;

6) Oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe a threisiú, a nuachóiriú, a shimpliú agus a oiriúnú.

***An reachtaíocht maidir le cáilíocht an aeir:***

1) Caighdeáin cáilíochta aeir an Aontais a athbhreithniú chun iad a ailíniú níos mó le moltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), agus an chomhairle eolaíochta is

déanaí a chur san áireamh a mhéid is féidir, mar aon leis an bhféidearthacht, costais agus tairbhí – agus a áirithiú gur féidir leis an reachtaíocht freagairt ar bhealach iomchuí agus éifeachtach ar athruithe a bheidh ann amach anseo ar an mbonn fianaise foluiteach;

2) A áirithiú go bhfuil pleananna cáilíochta aeir ina modh éifeachtach chun cás sáraithe a shainaithint, a phleanáil agus a mhaolú – agus forálacha níos soiléire a chur san áireamh maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, rochtain ar an gceartas, pionóis agus cúiteamh a bhaineann le haer glan i reachtaíocht an Aontais;

3) Forálacha maidir le faireachán ar cháilíocht an aeir, samhaltú cáilíochta aeir agus pleananna cáilíochta aeir a threisiú a thuilleadh chun cuidiú le húdaráis áitiúla aer níos glaine a bhaint amach;

4) Faisnéis a sholáthar do shaoránaigh faoi na tionchair a bhíonn ag truailliú aeir ar an tsláinte;

5) Forálacha atá ann cheana féin a shimpliú más féidir chun feabhas a chur ar éifeachtach agus éifeachtúlacht an bhainistithe ar cháilíocht an aeir.

*An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

Bainistiú Comhtháite Uisce:

De thoradh ar an Treoir atá beartaithe go sonrach tabharfar na liostaí de shubstaintí lena dtruaillítear screamhuisce agus uisce dromchla cothrom le dáta. Tabharfar aghaidh léi freisin ar na heasnaimh a bhaineann le ceimiceáin in uisce a cuireadh i dtábhacht i Seiceáil Oiriúnachta 2019 ar an Reachtaíocht maidir le hUisce.

Beidh leibhéil níos ísle truaillithe in uisce úr, uisce cósta, uisce trasdultach agus screamhuisce na hEorpa mar thoradh ar an Treoir sin.

Soláthrófar léi faisnéis níos cothroime le dáta agus níos ábhartha ar staid an uisce, chomh maith le faisnéis níos iontaofa ar thruailleáin atá ag teacht chun cinn i screamhuisce, an cumas chun nuashonruithe rialta ar na liostaí substaintí a áirithiú ar bhonn faisnéis faireacháin chuíchóirithe agus eolas comhtháite bunaithe ar an eolaíocht, agus déanfar faireachán ar thruailliú a eascraíonn as micreaphlaistigh agus géinte frithsheasmhachta frithmhiocróbaí mar thoradh uirthi.

Cruthóidh sé freisin na dálaí chun athúsáid uisce a mhéadú agus chun sloda agus dramhaíl a bhainistiú ar bhealach níos fearr, i ndlúthshineirge leis an Rialachán maidir le hathúsáid uisce, an Treoir maidir le Sloda Séarachais agus acquis dramhaíola an Aontais;

An Treoir maidir le cóireáil an fhuíolluisce uirbigh:

Tá coinne leis go ndéanfar cáilíocht aibhneacha, locha agus fharraigí an Aontais a chaomhnú agus a fheabhsú. Astaíochtaí de thruailleáin ó na foinsí uirbeacha eile (lena n- áirítear ceirtleáin bheaga, uiscí báistí truaillithe, saoráidí díláraithe níos lú) chomh maith le hastaíochtaí nítrigine agus fosfair, laghdófar a thuilleadh iad agus beidh luachanna teorann níos déine i gceist i gcás ina bhfuil eotrófú fós ann.

Bainfear amach infheistíochtaí nua freisin chun an truailliú ó mhicreathruailleáin a laghdú. Tá coinne leis go gcumhdófar na hinfheistíochtaí sin le córas nua ina gcuirfear freagracht níos mó ar thairgeoirí, ionas go mbeidh na daoine a chuireann

táirgí ar an margadh a ghineann micreathruailleáin faoi dhualgas íoc as an gcóireáil bhreise a mbeidh gá léi chun cáilíocht na n- uiscí glactha san Aontas a chaomhnú.

Tá coinne leis go mbeidh an earnáil neodrach ó thaobh fuinnimh de (rud a chiallaíonn go ndéanfar an fuinneamh iontaise arna úsáid a chúiteamh leis an bhfuinneamh inathnuaite arna tháirgeadh ag an earnáil).

Beidh an leasú sin ríthábhachtach chun tionscal uisce atá iomaíoch ar fud an domhain a fhorbairt don Aontas. Dá ndéanfaí tuilleadh nuachóirithe ar chaighdeáin an Aontais, mar shampla le ceanglais nua maidir le micreathruailleáin nó úsáid fuinnimh, spreagfaí nuálaíocht agus, ar deireadh, barainneachtaí scála.

<u>An reachtaíocht maidir le cáilíocht an aeir:</u>

Cuireann an Treoir athbhreithnithe atá beartaithe leis an uaillmhian maidir le truailliú nialasach atá leabaithe sa Chomhaontú Glas don Eoraip, chun caighdeáin cáilíochta aeir an Aontais a ailíniú níos gaire do mholtaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte, agus le feabhas marthanach ar cháilíocht an aeir ar fud an Aontais Eorpaigh.

Déanfar forálacha maidir le faireachán, samhaltú agus pleananna cáilíochta aeir a threisiú leis an Treoir athbhreithnithe arna moladh freisin, chun cuidiú le húdaráis áitiúla aer níos glaine a bhaint amach. Trí aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin, bainfear amach leibhéil níos ísle truaillithe agus nochtadh níos lú do thruailliú aeir san aer comhthimpeallach, rialú agus forfheidhmiú feabhsaithe an phlean um cháilíocht an aeir, faireachán agus samhaltú níos fearr trína iontaofacht agus a inchomparáideacht a fheabhsú agus trí na truailleáin ar ghá faireachán a dhéanamh orthu a leathnú, rochtain níos fearr ar shonraí cáilíochta aeir agus ar fhaisnéis le béim ar leith ar úsáid uirlisí digiteacha a fheabhsú agus ar an bhféidearthacht de chaighdeáin cáilíochta aeir an Aontais a choimeád faoi athbhreithniú rialta.

Bainfidh saoránaigh an Aontais tairbhí sláinte as cáilíocht feabhsaithe an aeir. Bainfidh gnólachtaí, gníomhairí eacnamaíocha lena n- áirítear sa talmhaíocht, agus níos ginearálta fostóirí, tairbhe as an laghdú ar thionchair dhiúltacha ar an tsláinte agus ar nithe eile nach mbaineann le cúrsaí sláinte (cé nach bhfuil siad sin chomh mór) mar thoradh ar dhroch- cháilíocht an aeir.

Idir an dá linn, déanfaidh caighdeáin cáilíochta aeir athbhreithnithe an Aontais agus forálacha neartaithe maidir le faireachán ar cháilíocht an aeir difear d'údaráis phoiblí, ag brath go mór ar an gcáilíocht aeir atá acu faoi láthair: féadfar a chur ina luí leis na rialacha athbhreithnithe go mbeidh ualach riaracháin níos mó i gceist do na húdaráis inniúla ó thaobh faireachán níos fearr a dhéanamh ar cháilíocht an aeir.

*Táscairí feidhmíochta*

<u>Bainistiú Comhtháite Uisce:</u>

Déanfar foráil do rianú níos mionsonraithe ar dhul chun cinn agus gnóthachtáil mar thoradh ar an méadú ar an líon substaintí ar a ndéantar faireachán faoin Treoir, de thoradh liosta faire éigeantach a thabhairt isteach chun faireachán a dhéanamh ar thruailleáin screamhuisce ar ábhar imní iad, chomh maith le tuairisciú níos minice ar shonraí faireacháin agus stádais.

I measc phríomhtháscairí an ratha beidh líon na mBallstát a bhfuil sraith ama faireacháin iomlán i ndáil le substaintí ábhartha ar fáil ina leith (go háirithe le

haghaidh substaintí screamhuisce), líon na substaintí nó na dtruailleán ar baineadh amach dea- stádas ina leith, chomh maith lena mhéid a ndearnadh comhchuibhiú ar na luachanna tairsí arna leagan síos ag na Ballstáit maidir leis na Truailleáin a Bhaineann go Sonrach le hAbhantracha.

Trí mhicreaphlaistigh agus géinte frithsheasmhachta frithmhiocróbaí a chuimsiú sna liostaí faire, faoi réir treoirlínte iomchuí a shainaithint maidir le modhanna faireacháin agus measúnúcháin, cumasófar faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar na cineálacha truaillithe sin atá ag teacht chun cinn agus caighdeáin cháilíochta a shainaithint ina dhiaidh sin de réir mar is iomchuí. Thairis sin, déantar na nósanna imeachta a shimpliú chun freagairt níos gasta a áirithiú ar shaincheisteanna nua um thruailliú uisce a thagann chun cinn.

An Treoir maidir le cóireáil an fhuíolluisce uirbigh:

- Gheofar forbhreathnú den scoth ar chur chun feidhme na Treorach ón ráta comhlíontachta agus an fad ón sprioc in aghaidh an Bhallstáit agus in aghaidh an leibhéil chóireála;
- Líon na saoráidí atá feistithe le cóireáil bhreise le haghaidh N/P agus micreathruailleán; agus laghdú gaolmhar na scaoiltí N/P agus an ualaigh thocsainigh ar leibhéal an Bhallstáit agus ar leibhéal an Aontais araon;
- Úsáid fuinnimh de réir an Bhallstáit agus na hastaíochtaí GCT lena mbaineann;
- Líon na gceirtleán arna gcumhdach le pleananna bainistíochta comhtháite le haghaidh forsceitheadh uisce stoirme agus uisce uirbeach a ritheann chun srutha agus a gcomhlíontacht le cuspóir an Aontais;
- Na bearta a ghlac Ballstát chun feabhas a chur ar an rochtain ar shláintíocht agus chun IAS a rialú níos fearr agus achoimre ar na príomhtháscairí sláinte ar a ndearnadh suirbhé sa Bhallstát;
- Úsáidfear sonraí eile, go háirithe maidir le cáilíocht na n- uiscí glactha (aibhneacha, lochanna agus farraigí), ón Treoir Uisce agus ón Treoir Réime um Straitéis Muirí chun tionchair na Treorach maidir le Cóireáil an Fhuíolluisce Uirbigh (UWWTD) a thomhas go coincréiteach. Tugtar tuilleadh sonraí in Iarscríbhinn 10 de IA ar pharaiméadair fhéideartha nach mór iad a thuairisciú chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht agus chun rath na Treorach a thomhas;
- Faireachas ar fhuíolluisce a thabhairt isteach trí fhaireachán a dhéanamh agus táscairí nua sainiúla a cheadú i ndáil le sonraí eolaíochta, anailíseacha agus eipidéimeolaíocha ábhartha.

An reachtaíocht maidir le cáilíocht an aeir:

Bhunaigh Ballstáit an Aontais líonra faireacháin maidir le cáilíocht an aeir lena mbaineann 16 000 pointe samplála le haghaidh truailleáin shonracha (arna ngrúpáil ag breis agus 4 000 suíomh faireacháin go minic) bunaithe ar chritéir choiteanna arna sainiú sna Treoracha atá ann faoi láthair maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh. De thoradh ar an modhnú arna mholadh le haghaidh réimsí measúnúcháin, an fhaireacháin agus an tsamhaltaithe i leith cháilíocht an aeir, gheofar faisnéis bhreise inchomparáide agus oibiachtúil lena gcumasófar faireachán agus measúnú rialta a dhéanamh ar fhorbairt cháilíocht an aeir ar fud an Aontais, lena

n- áirítear ag leibhéil truaillithe níos ísle, a mheastar níos mó go mbíonn tionchair acu ar an tsláinte freisin. Ceanglófar ar na Ballstáit an faireachán a mhéadú freisin chun truailleáin ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad a chur san áireamh, chun roinnt truailleáin aeir a chur faoi bhreathnú nach bhfuil aon fhaireachán cáilíochta aeir uile- Aontais comhchuibhithe ann go dtí seo ina leith.

Cuireann an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil sonraí faoi cháilíocht an aeir, arna dtuairisciú ag na Ballstáit, ar fáil don phobal mar sheirbhís dhigiteach, lena n- áirítear tríd an Innéacs Eorpach um Cháilíocht an Aeir atá bunaithe ar shonraí neas-fhíorama. Beidh infhaighteacht na sonraí sin, agus na ceanglais níos beaichte maidir le faisnéis le cuimsiú i bpleananna cáilíochta aeir, ina gcabhair chun éifeachtacht roinnt bearta cáilíochta aeir sonracha (ar bearta áitiúla go minic iad) a choimeád faoi athbhreithniú leanúnach. Trí bhíthin ceanglais shonracha níos soiléire maidir le faisnéis phoiblí, beidh saoránaigh ábalta rochtain níos éasca agus níos gasta a fháil ar thorthaí an fhaireacháin agus na meastóireachta ar shonraí cáilíochta aeir agus ar ghníomhaíocht beartais lena mbaineann.

Ar an gcaoi sin cumasófar rianú níos mionsonraithe ar dhul chun cinn agus gnóthachtáil, arb é príomhtháscaire an ratha ann go n- éireodh leis na Ballstáit go léir na caighdeáin cáilíochta aeir a bhunaigh an tAontas a bhaint amach, lena n- áirítear aon dul chun cinn ina leith.

**Na forais leis na tograí / an tionscnamh**

*Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Bainistiú Comhtháite Uisce:

Beidh EEA ina 'ionad ilfhreastail' chun sonraí faireacháin agus na sonraí uile ar stádas uisce a thagann ó na Ballstáit a phróiseáil agus a chur ar fáil ar bhonn níos rialta (ná mar a dhéantar faoi láthair), agus úsáidfear an fhaisnéis sin chun cúraimí ECHA a chomhlíonadh, a bheidh mar 'ionad ilfhreastail' chun an tacaíocht eolaíoch a sholáthar a bhfuil gá léi chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chaighdeáin chun an timpeallacht uisceach a chosaint. Tá roinnt cúraimí nua ag teacht chun cinn de thoradh ar an ngá le haghaidh a thabhairt ar thruailliú screamhuisce ar bhealach níos fearr agus níos córasaí agus le cosaint níos comhchuibhithe agus níos fearr a áirithiú i leith truailleán nach ábhar imní ar fud an Aontais iad.

Go sonrach, beidh gá leis an méid seo a leanas:

- Cúraimí aonuaire a bhaineann leis an gcóras a bhunú ag EEA chun rochtain dhíreach a fháil ar shonraí arna nginiúint faoin togra seo ó Bhallstáit agus chun roinnt treoirdhoiciméad agus modheolaíochtaí a shainaithint nó a fhorbairt ag ECHA chun faireachán agus anailís a dhéanamh ar mhicreaphlaistigh agus géinte frithsheasmhachta frithmhiocróbaí; chomh maith le caighdeáin cáilíochta comhshaoil náisiúnta a chuimsiú le haghaidh truailleán ar leibhéal an Cheantair Abhantraí i stór de theorainnluachanna bunaithe ar shláinte arna mbainistiú ag ECHA;

- Cúraimí athfhillteacha, a bhaineann le minicíocht mhéadaithe agus digitiú / sásra seachadta uathoibrithe i ndáil le sonraí faireacháin agus stádais a thuairisciú chuig EEA, cothabháil an stóir chaighdeán le haghaidh truailleán ar leibhéal an Cheantair Abhantraí ag ECHA agus an tacaíocht eolaíoch leanúnach ó ECHA faoi chuimsiú fhorbairt/oiriúnú, gach 3 bliana, na liostaí faire maidir le huisce dromchla agus

screamhuisce (chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar thruailleáin ar ábhar imní iad); agus faoi chuimsiú fhorbairt/oiriúnú, gach 6 bliana, na liostaí substaintí/truailleán agus EQS uile- Aontais comhfhreagracha, gach 6 bliana, le haghaidh uisce dromchla agus screamhuisce araon, chomh maith le caighdeáin uile- Aontais a shainaithint, gach 6 bliana, le haghaidh truailleán (in uisce dromchla agus screamhuisce) atá á rialú ar leibhéal an Cheantair Abhantraí faoi láthair i gcás ina bhfuil gá lena leithéid chun críche chosaint an chomhshaoil agus cur chun feidhme comhchuibhithe.

Amlíne

R1 2023 – R4 2023: caibidlíocht idir- institiúideach i leith an togra

R1/2 2024: teacht i bhfeidhm.

R2 2024 – R4 2025: An córas a fhorbairt chun rochtain dhíreach a fháil ar na sonraí arna nginiúint faoin togra seo ó na Ballstáit, faoi stiúradh EEA agus atá le leagan amach i ngníomh cur chun feidhme

R2 2024 – R4 2025: Na sonraíochtaí teicniúla a fhorbairt (formáid, gráinneacht, minicíocht) ar mhaithe le tuairisciú ar astaíochtaí (astaíochtaí poncfhoinse nach gcumhdaítear le Rialú na Tairsí um Astaíochtaí Tionsclaíocha, chomh maith le hastaíochtaí idirleata) do EEA (an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha), arna threorú ag EEA agus a ghlacfar le gníomh cur chun feidhme

R1 2024 – R4 2025: Treoirdhoiciméid agus modheolaíochtaí a shainaithint agus/nó a fhorbairt chun tiúchain micreaphlaisteach agus géinte frithsheasmhachta frithmhiocróbaí a thomhas i ndobharlaigh dromchla agus screamhuisce (a aithneofar/liostófar sa ghníomh cur chun feidhme lena nglactar na liostaí Faire), agus anailís a dhéanamh orthu, faoi stiúradh ECHA

R2 2024 – R3 2027: Forbairt an 6ú Liosta Faire le haghaidh Fionnuisce agus an 1ú Liosta Faire le haghaidh Screamhuisce, agus anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar an 5ú Liosta Faire le haghaidh Fionnuisce, faoi threorú ECHA agus a nglacfar le gníomh cur chun feidhme.

R1 2026 ar aghaidh: aisghabháil bhliantúil sonraí ar thruailliú ceimiceach ag EEA agus tacaíocht eolaíoch ó ECHA do shásra an liosta Faire agus do ghníomhartha tarmligthe a ullmhú chun caighdeáin cáilíochta comhshaoil uile- Aontais nua a ghlacadh le haghaidh substaintí breise (le haghaidh screamhuisce agus uisce dromchla araon)

R1 2024 ar aghaidh: tacaíocht eolaíoch ó ECHA chun athbhreithniú a dhéanamh, gach 6 bliana, ar na liostaí substaintí tosaíochta agus EQS comhfhreagracha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/105/CE agus iad a thabhairt cothrom le dáta; ar thruailleáin agus na caighdeáin cháilíochta uile- Aontais chomhfhreagracha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/118/CE; ar na liostaí truailleán i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/105/CE agus forbairt fhéideartha caighdeán uile- Aontais maidir le (cuid de na) truailleáin ar an liosta sin, chomh maith leis an liosta truailleán in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2006/118/CE; na liostaí agus caighdeán cáilíochta comhshaoil uile atá le leagan amach i ngníomhartha tarmligthe.

An Treoir maidir le cóireáil an fhuíolluisce uirbigh:

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar an bpleanáil cur chun feidhme le haghaidh na bpríomhghníomhaíochtaí a áirítear sa rogha thosaíochta:

| | 2025 | 2030 | 2035 | 2040 |
|---|---|---|---|---|
| **Forsceitheadh uisce stoirme agus rith chun srutha uirbeach (uiscí báistí)** | Faireachán i bhfeidhm | Pleananna comhtháite sainaitheanta le haghaidh limistéir ceirtleán > 100.k p.e. + limistéir i mbaol | Pleananna comhtháite i bhfeidhm le haghaidh ceirtleán i mbaol idir 10 agus 100 k pe. | Sprioc tháscach an Aontais atá i bhfeidhm le haghaidh gach ceirtleán > 10.000 p.e. |
| **Córais iomchuí aonair** | Imscrúdú tráthrialta i ngach Ballstát + Tuairisciú le haghaidh Ballstáit ina bhfuil IAS ard | Caighdeáin an Aontais le haghaidh IAS | | |
| **Ceirtleáin ar mhionscála** | Tairseacha nua 1.000 p.e. | Gach ceirtleán > 1.000 p.e. comhlíontach | | |
| **Nítrigin agus fosfar** | Sainaithint limistéar faoi riosca (ceirtleán 10 go 100k p.e.) | Sprioc eatramhach le haghaidh bhaint N/P i saoráidí > 100 000 p.e. + Caighdeáin nua | Baint N/P i ngach saoráid os cionn 100k p.e. + Sprioc eatramhach le haghaidh limistéir faoi riosca | Baint N/P i bhfeidhm i ngach limistéar atá faoi riosca (idir 10 agus 100 k p.e.) |
| **Micrea-thruailleáin** | Scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeoirí a shocrú | Limistéir faoi riosca sainaitheanta (10 go 100 k p.e.) + Sprioc eatramhach le haghaidh saoráidí os cionn 100.k p.e. | Gach saoráid > 100 k p.e. trealmhaithe + spriocanna eatramhacha le haghaidh limistéir 'faoi riosca' | Gach saoráid faoi riosca trealmhaithe le hardchóireáil |
| **Fuinneamh** | Iniúchtaí fuinnimh le haghaidh saoráidí os cionn 100k p.e. | Iniúchtaí le haghaidh saoráidí os cionn 10k p.e. Sprioc eatramhach | Sprioc eatramhach le haghaidh neodracht fuinnimh | Neodracht fuinnimh comhlíonta agus laghdú GCT gaolmhar comhlíonta |

Faoin mbliain 2025 bheadh gníomhaíochtaí faireacháin breise ar bun: baineann sé sin le scaoiltí neamhthí, paraiméadair a bhaineann leis an tsláinte, príomhtháscairí oibreora feidhmíochta mar aon le gníomhaíochtaí chun trédhearcacht a fheabhsú.

Beidh bunachair sonraí náisiúnta agus an Aontais, lena n- áirítear na gnéithe go léir is gá chun comhlíontacht a sheiceáil, ar bun, agus aithneofar 'daoine leochaileacha

agus imeallaithe' mar aon le gníomhaíochtaí chun rochtain ar shláintíocht a fheabhsú.

Daingneofar cistiú leis an ráiteas airgeadais seo ionas go mbeidh EEA ábalta roinnt gníomhaíochtaí nua a sholáthar atá beartaithe sa togra le haghaidh Treoir maidir le Cóireáil an Fhuíolluisce Uirbigh (UWWTD).

Is gníomhaíochtaí de chineál difriúil iad sin:

- **Na bunachair sonraí a chruthú agus a oiriúnú dá dtagraítear in Airteagal 20 maidir le faireachán a dhéanamh ar an togra reachtach**;

- **Saineolaí ar UWWTD a ainmniú chun súil a choimeád ar an gcomhad agus tuarascálacha a dhéanamh nuair is gá**

- Gníomhaíochtaí aon- uaire a bhaineann le gníomhartha tarmligthe/curtha chun feidhme a ullmhú agus a chaibidliú

- Cúraimí a bhaineann leis an gcaoi a ndéileáiltear le sonraí agus an anailís a dhéantar orthu.

**Amlíne:**

R4 2022 – R4 2023: an togra a chaibidliú. Mar gheall ar thogra an- uaillmhianach agus scéim Freagrachta Leathnaithe Táirgeora a thabhairt isteach, d'fhéadfadh níos mó acmhainní agus ama a bheith ag teastáil le haghaidh caibidlíochta ná mar a bhíonn de ghnáth

R2 2024: tionscnamh agus oibriú amach.

An reachtaíocht maidir le cáilíocht an aeir:

**Tascanna a bhaineann le faisnéis faoi cháilíocht an aeir a thuairisciú agus a mhalartú**. Tá gá le hiarrachtaí breise chun an bonneagar a mhéadú agus chun tacú le tuairisciú leanúnach chun truailleáin aeir ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad a chur san áireamh freisin, chomh maith le hoibleagáidí chun an nochtadh meánach a laghdú lena gcumhdófar truailleáin $PM_{2.5}$ agus $NO_2$, chun an bonneagar tuairiscithe a mhéadú a thuilleadh le haghaidh faisnéis chothrom le dáta ó phointí samplála agus sonraí samhaltaithe breise agus le haghaidh pleananna cáilíochta aeir chomh maith. (Tacaíocht ó EEA).

**Cúraimí a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh**: De réir mar a fhásann an tuiscint eolaíoch ar dhúshláin i ndáil le cáilíocht an aeir, lena n- áirítear na drochthionchair ar an tsláinte ar leibhéil ísle tiúchana agus ó thruailleáin aeir bhreise ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad, tá gá le tacaíocht bhreise chun a áirithiú go bhfuil measúnuithe iontaofa ar shonraí cáilíochta aeir arna dtuairisciú (lena n- áirítear sonraí breise a gheofar ó fhaireachán agus samhaltú treisithe ar cháilíocht an aeir) ina mbonn taca faoi ghníomh beartais. Thairis sin, ní mór an measúnú ar na naisc idir truailliú aeir, an t- athrú aeráide, sláinte an duine agus sláinte éiceachórais a threisiú. (Tacaíocht ó EEA).

**Cúraimí a bhaineann leis an tacaíocht eolaíoch agus theicniúil d'fhaireachán agus samhaltú i ndáil le cáilíocht an aeir:** De réir mar a chuirfear faireachán agus samhaltú treisithe ar cháilíocht an aeir chun feidhme, beidh gá le tacaíocht leanúnach. Tacaíocht den sórt sin, atá iomlán comhlántach le hobair ar thuairisciú ar cháilíocht an aeir agus measúnuithe ar cháilíocht an aeir, díríonn sí ar ghnéithe teicniúla an

fhaireacháin agus an tsamhaltaithe ag údaráis inniúla agus áirítear léi dhá phríomhlíonra saineolaithe a bhainistiú agus a stiúradh: líonra na saotharlann tagartha náisiúnta (AQUILA) agus an fóram um fhaireachán ar cháilíocht an aeir san Eoraip (FAIRMODE). Thacaigh JRC leis na gnéithe sin de chur chun feidhme na reachtaíochta maidir le haer glan san Eoraip le deich mbliana anuas - lena n- áirítear trí shraith Comhaontuithe Riaracháin. Tabhair faoi deara go bhfuil ionchur JRC fíor- riachtanach freisin chun treoirdhoiciméid a fhorbairt lena dtacaítear le cur chun feidhme na dTreoracha athbhreithnithe, agus chun caighdeáin a bhunú a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an aeir agus le samhaltú i gcomhar leis an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN).

**Amlíne:**

R1 2023 go R2 2024 (measta): caibidlíocht idir- institiúideach i leith an togra

R2 2024 (measta): teacht i bhfeidhm

R1 2023 go R4 2025: treoirdhoiciméid bhreise a fhorbairt i réimsí an fhaireacháin, an tsamhaltaithe agus na bpleananna cáilíochta aeir (**AS an Chomhshaoil** in éineacht le **JRC**)

R1 2023 go R4 2025: caighdeáin a fhorbairt i ndlúthchomhar leis an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú i ndáil leis an bhfaireachán, na tomhais tháscacha agus cuspóirí cáilíochta a shamhaltú (**JRC** in éineacht le **AS an Chomhshaoil**)

R3 2024 ar aghaidh: measúnuithe tráthrialta a dhéanfaidh **EEA** ar an dul chun cinn maidir leis na hoibleagáidí a chomhlíonadh i ndáil leis an meán- nochtadh a laghdú, lena gcumhdaítear na truailleáin $PM_{2.5}$ agus $NO_2$.

R3 2024 ar aghaidh: measúnú tráthrialta ag **EEA** ar thruailleáin aeir ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad, agus ar na naisc idir truailliú aeir, an t- athrú aeráide agus an tsláinte

R3 2024 go R4 2025: athbhreithniú ar rialacha cur chun feidhme an Choimisiúin a mhéid a bhaineann le malartú cómhalartach faisnéise agus tuairisciú ar an aer comhthimpeallach (**AS an Chomhshaoil**)

R1 2026 (measta): cuirtear tús le hoibleagáidí tuairiscithe athbhreithnithe do na Ballstáit (chuig **EEA**) (i.e. ag brath ar amlínte trasuí – tá sé tábhachtach an bonneagar a bheith réidh)

R3 2024 go R4 2026: coigeartuithe ar an stóras sonraí cáilíochta aeir arna bhainistiú ag **EEA**, chun sonraí breise a chuimsiú a chuirtear ar fáil trí thuairisciú sonraí náisiúnta

R4 2028 (measta): an chéad bhabhta tuairiscithe ar phleananna cáilíochta aeir athbhreithnithe chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí i ndáil le sáruithe ar chaighdeáin cáilíochta aeir athbhreithnithe in 2030 (ag tuairisciú do **EEA**).

*Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

<u>Bainistiú Comhtháite Uisce:</u>

Truaillítear dobharlaigh dromchla agus screamhuisce san Aontas le raon de thruailleáin éagsúla. Ós rud é go dtaistealaíonn truailliú le sruth agus gur ceantair Eorpacha iad 60 % de Cheantair Abhantraí na hEorpa, tá comhar idir na Ballstáit fíor- riachtanach agus is gá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú agus ar thionchair thrasteorann eile trí chaighdeáin chomhchuibhithe a leagan síos agus trí chórais chomhchuibhithe a bhunú chun sonraí a bhailiú agus a chomhroinnt idir na Ballstáit. Tá sé tábhachtach freisin trédhearcacht na sonraí faoi cheimiceáin a mhéadú agus é a chur ar a chumas don Choimisiún agus dá ghníomhaireachtaí iad a úsáid agus a athúsáid, EEA agus ECHA go háirithe chun eolas eolaíoch a mhéadú lena gcumasófar tuilleadh gníomhaíochta spriocdhírithe agus forfheidhmiú.

Gan gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, thiocfadh sé chun bheith i bhfad róchostasach, go háirithe le haghaidh na mBallstát atá lonnaithe le sruth, chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú.

Mar thoradh ar chaighdeáin chomhchuibhithe cosnófar an comhshaol agus sláinte an duine ar bhealach níos fearr go huile, glacfaidh na Ballstáit gníomhaíocht atá cost- éifeachtúil agus comhréireach agus cruthófar cothrom na Féinne le haghaidh gníomhaíochtaí nach mór aghaidh a thabhairt ar na tionchair fhéideartha ar dhobharlaigh ar fud an Aontais leo.

Comhroinnt níos tráthrialta na sonraí faireacháin agus stádais trí bhíthin sásraí comhroinnte sonraí uathoibrithe, cumasófar léi sin rialuithe níos minice agus níos spriocdhírithe agus ullmhacht níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna féideartha ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad. Le rochtain ar bhunachair chuíchóirithe faisnéise ar shonraí, cuirfear feabhas ar chomhleanúnachas na measúnuithe agus an chur chun feidhme ar fud na reachtaíochta.

Déanfaidh EEA na sonraí a lárú, iad a phróiseáil agus ansin cuirfidh sé ar fáil iad lena n- athúsáid chun críche beartais a dhéanamh agus a chur chun feidhme. Soláthróidh ECHA tacaíocht eolaíoch ar bhonn bunachar sonraí atá ag éirí níos láidre, mar thoradh ar fhaisnéis eolaíoch thrasnaí a lárú i réimse na gceimiceán agus sonraí stádais agus faireacháin níos cuíchóirithe a chur ar fáil ag EEA. Beidh ról ríthábhachtach ag an dá ghníomhaireacht i gcur chun feidhme breise na reachtaíochta maidir le huisce, le sineirgí agus sonraí eolaíocha cothrom le dáta lena gcumasófar oiriúnú níos tapúla do réimsí nua ar ábhar imní iad chomh maith le sainaithint níos fearr na mbeart is cost- éifeachtaí agus iad a chur in ord tosaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú.

Ar an taobh eile, laghdóidh an togra an t- ualach riaracháin foriomlán trí na hoibleagáidí tuairiscithe sin a bhaint, nach raibh éifeachtach, i.e. nár baineadh amach an cur chun feidhme feabhsaithe lena raibh coinne dá dtoradh. Déantar oibleagáidí tuairiscithe eile a shimpliú agus áirithítear comhleanúnachas níos fearr le tuairisciú faoi ionstraimí eile.

Ar deireadh, tá sé d'aidhm ag an togra nósanna imeachta níos éifeachtaí a thabhairt isteach chun na liostaí substaintí agus na caighdeáin cáilíochta aeir ghaolmhara a oiriúnú do dhul chun cinn eolaíochta, fad is a n- áirithítear go dtairbheoidh na nósanna imeachta sin de shonraí eolaíocha iontaofa, bunaithe ar thuairisciú cuíchóirithe agus dlúthchomhar leis na gníomhaireachtaí.

An Treoir maidir le cóireáil an fhuíolluisce uirbigh:

Tá gníomhaíocht an Aontais fíor- riachtanach fós chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh uile an Aontais tairbhí a bhaint as cáilíocht feabhsaithe uisce in aibhneacha, lochanna, screamhuisce agus farraigí. Ós rud é go bhfuil 60 % de dhobharlaigh an Aontais ina n- uiscí trasteorann, is gá an leibhéal céanna cosanta a áirithiú i ngach áit agus ag an rithim chéanna, chun an riosca a sheachaint go gcuirfí iarrachtaí roinnt Ballstát i mbaol toisc nach bhfuil aon dul chun cinn déanta ag Ballstáit eile. Léirigh meastóireacht REFIT gurb í an Treoir an príomhspreagthóir i bhformhór na mBallstát chun infheistíocht a dhéanamh sna bonneagair riachtanacha.

Bheadh an Treoir ailínithe go hiomlán le príomhchuspóirí eile go léir an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, lena n- áirítear an sprioc uileghabhálach d'aeráidneodracht, agus bheadh sí iomlán comhsheasmhach le roinnt tograí reachtacha atá ar siúl cheana féin/atá beartaithe amhail na hathbhreithnithe ar an Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil, an Treoir um Uisce Snámha, an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus an Meastóireacht ar an Treoir maidir le Sloda Séarachais. Cuideoidh sé freisin le cur chun feidhme níos fearr SFI 6 maidir le rochtain ar shláintíocht leordhóthanach agus chothrom.

<u>An reachtaíocht maidir le cáilíocht an aeir:</u>

Ní féidir cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát amháin. Sin mar gheall ar chineál trasteorann an truaillithe aeir, ar an gcéad dul síos, ós rud é go bhféadfaidh astaíochtaí ó Bhallstát amháin cur le truailliú an aeir chomhthimpeallaigh i mBallstáit eile. Is gá gníomhaíocht a ghlacadh ar fud an Aontais chun a áirithiú go ndéanann na Ballstáit go léir bearta chun na rioscaí don daonra i ngach Ballstát a laghdú.

Ar an dara dul síos, éilítear leis an gConradh go ndíreofaí ar ardleibhéal cosanta a bhaint amach, agus éagsúlacht na staideanna ar fud an Aontais á cur san áireamh. Bunaítear caighdeáin cáilíochta aeir chomhchoiteanna leis na Treoracha atá ann faoi láthair agus an treoir atá molta ach fágtar chuig na Ballstáit féin é an modh a roghnú, ionas gur féidir é a oiriúnú do dhálaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.

Ar an tríú dul síos, ní mór cóir chomhionann a áirithiú a mhéid a bhaineann le himpleachtaí eacnamaíocha an truaillithe aeir ar fud na mBallstát go léir agus le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh do shaoránaigh ar fud an Aontais.

Trí bhíthin caighdeáin cáilíochta aeir athbhreithnithe agus rialacha níos soiléire maidir le faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an aeir áiritheofar leibhéal níos airde cosanta do shaoránaigh an Aontais agus aer comhthimpeallach níos fearr don chomhshaol.

Ar an gcaoi sin, cuirfear feabhas ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi dhúshláin cáilíochta aeir, agus cuirfear feabhas ar an tsláinte (agus laghdófar an caiteachas i leith cúram sláinte), laghdófar caillteanais i dtoradh na mbarr mar gheall ar fhadhbanna ózóin, laghdófar neamhláithreachtaí ón obair de bharr breoiteachta (lena n- áirítear leanaí cleithiúnacha breoite). Tá coinne leis go gcothófar táirgiúlacht agus gnóthachain eacnamaíocha, dá bhrí sin, mar thoradh ar cháilíocht an aeir a fheabhsú.

Má chuirtear feabhas ar fhaireachán agus samhaltú, i ndáil le pleananna um cháilíocht an aeir a ullmhú agus a chur chun feidhme, agus comhroinnt faisnéise arna bailiú ag na Ballstáit, cuirfear feabhas ar chomhleanúnachas na measúnuithe agus ar chur chun feidhme na reachtaíochta mar thoradh.

Trí athruithe a dhéanamh i ndáil le rochtain ar an gceartas agus pionóis, cuirfear feabhas ar fhorfheidhmiú sa phobal agus ar thorthaí a bhaint amach ar fud an Aontais Eorpaigh dá bhrí sin.

Ar deireadh, tá sé d'aidhm ag an togra nósanna imeachta níos éifeachtaí a thabhairt isteach chun athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin cáilíochta aeir i leith dul chun cinn eolaíochta, bunaithe ar thuairisciú cuíchóirithe agus dlúthchomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus chun faisnéis faoi cháilíocht an aeir (lena n- áirítear sonraí cothrom le dáta) a chur ar fáil do chinnteoirí agus don phobal i gcoitinne.

*Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Bainistiú Comhtháite Uisce:

Le Seiceáil Oiriúnachta 2019 ar reachtaíocht uisce an Aontais, deimhníodh gur spreag nó gur threisigh an Treoir Réime maidir le hUisce, agus an dá threoir a ghabhann léi, gníomhaíocht ar leibhéal na hEorpa chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna trasteorann ar acmhainní uisce ar leibhéal na habhantraí, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Dá bhrí sin, is féidir glacadh leis gur beart éifeachtach é caighdeán uile- Aontais a leagan síos maidir le truailleáin.

Fuarthas amach ón meastóireacht freisin gur gá an raon feidhme a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar thruailleáin ar ábhar imní atá ag teacht chun cinn iad agus chun sláinte an duine agus éiceachórais a chosaint ar bhealach níos fearr, lena n- áirítear aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna riaracháin agus cur chun feidhme.

An Treoir maidir le cóireáil an fhuíolluisce uirbigh:

Léiríodh le meastóireacht REFIT ar éifeachtacht na Treorach gur éirigh léi ualaí na dtruailleán ar a ndírítear a laghdú ó phoncfhoinsí uirbeacha (fuíolluisce agus truailliú tionsclaíoch comhchosúil). Tá easnaimh fós ann ó thaobh aghaidh a thabhairt ar an ualach fuíolluisce uirbigh neamhchóireáilte atá fágtha. Is gá freisin an Treoir a ailíniú le tosaíochtaí polaitiúla nua agus ábhair imní shóisialta atá ag teacht chun cinn.

Thairis sin, is léir go bhfuil na ceanglais faireacháin a leagtar síos in Airteagal 15 den Treoir éifeachtach chun comhlíontacht a spreagadh. Leis an dul chun cinn teicneolaíochta sa lá atá inniu ann áfach, is féidir faireachán níos éifeachtúla agus níos cruinne a dhéanamh ar thruailleáin atá ann cheana féin agus ar thruailleáin atá ag teacht chun cinn araon. Léirítear leis an bhfaisnéis a bhailítear ó na Ballstáit i gcomhthéacs an mheasúnaithe tionchair go bhfuil éagsúlachtaí móra i measc na mBallstát i dtéarmaí an fhaireacháin. Tá faisnéis níos fairsinge ar líon níos mó truailleán á bailiú níos minice ag formhór na mBallstát cheana féin ná mar a éilítear sa Treoir. Mar sin féin, níl leor an t- eolas ar cháilíocht agus cainníocht na bhfuíolluiscí in go leor cásanna. Roinnt cásanna de róthoisiú ar shaoráidí agus ar acmhainneachtaí stórála freisin, as a n- eascraíonn costais iomarcacha agus bailiú agus cóireáil neamhéifeachtúil uisce, d'fhéadfaí na nithe sin go léir a sheachaint le tuiscint níos fearr ar an ualach iarbhír nach mór cóireáil a dhéanamh air.

Féadfar na ceanglais maidir le tuairisciú a leagtar síos sa Treoir a fheabhsú agus a nuachóiriú chun forfheidhmiú níos fearr na Treorach a áirithiú.

An reachtaíocht maidir le cáilíocht an aeir:

Ceachtanna a foghlaimíodh ón tseiceáil oiriúnachta ar an reachtaíocht maidir le cáilíocht an aeir a foilsíodh i mí na Samhna 2019 – SWD(2019)427 *final*.

